AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2011
COIM(2011) 809 leagan deireanach

2011/0401 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear "Fís 2020" – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2011) 1427-Imleabhar 1}
{SEC(2011) 1428-Imleabhar 1}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tacaíonn an tsraith tograí a bhaineann le "Fís 2020", arna dréachtú go hiomlán i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020)[1], go hiomlán leis an straitéis Eoraip 2020, straitéis a d'aithin go raibh taighde agus nuálaíocht ina ngnéithe lárnacha chun cuspóirí an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh a bhaint amach. Tá an tsraith comhdhéanta de na tograí i gcomhair na nithe seo a leanas:

(1) Creatchlár "Fís 2020" (Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh - 'CFAE'),

(2) sraith amháin Rialacha maidir le Rannpháirtíocht agus Leathadh (CFAE),

(3) clár sonrach amháin chun "Fís 2020" a chur chun feidhme (CFAE), mar aon le

(4) togra ar leith maidir leis na codanna de "Fís 2020" a fhreagraíonn do chodanna de Chonradh Euratom.

Tá an cúlra agus insint pholaitiúil fhoriomlán maidir leis na tograí reachtacha sin soláthraithe i dTeachtaireacht ón gCoimisiún arna glacadh i gcomhar leo, ina dtugtar faoi roinnt gnéithe suntasacha leathana amhail simpliú agus an chaoi ar neartaíodh an cur chuige maidir le nuálaíocht.

Le "Fís 2020", cuirtear go díreach le tabhairt faoi na dúshláin mhóra shochaíocha atá aitheanta sa straitéis an Eoraip 2020 agus ina tionscnaimh shuaitheanta. Cuirfear freisin le ceannaireacht thionsclaíoch a chruthú san Eoraip. Méadófar barr feabhais sa bhonn eolaíochta freisin, rud atá bun-riachtanach don inbhuanaitheacht agus do rathúnas fadtéarmach agus d'fholláine fhadtéarmach na hEorpa. D'fhonn na haidhmeanna sin a bhaint amach, áirítear réimse iomlán tacaíochta, atá comhtháite ar feadh an timthrialla taighde agus nuálaíochta, leis na tograí. In "Fís 2020", dá bhrí sin, tugtar le chéile gníomhaíochtaí atá cistithe faoi láthair faoin Seachtú Creatchlár um thaighde, na codanna nuálaíochta den Chreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht, agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Mar sin, tá na tograí deartha chun simpliú substaintiúil a bhaint amach do rannpháirtithe freisin.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Agus na ceithre thogra á n-ullmhú, cuireadh san áireamh ina n-iomláine na freagairtí a bhí ar chomhairliúchán poiblí cuimsitheach bunaithe ar an bPáipéar Uaine, "Ó dhúshláin go deiseanna: i dtreo comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin an AE do thaighde agus nuálaíocht", COIM(2011)48. Chuir an Chomhairle Eorpach, na Ballstáit agus réimse leathan páirtithe leasmhara ón tionscal, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta a gcuid tuairimí in iúl.

[1] COIM(2011) 500 leagan deireanach

Ina theannta sin, tá na tograí ag brath ar dhá ghrinnmheasúnú tionchair, atá bunaithe ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha agus ranníocaíochtaí ó shaineolaithe idirnáisiúnta. Measadh sna measúnaithe go mbeadh cuspóir níos soiléire ag rogha "Fís 2020", gurbh fhearr a bhainfí amach an mhais chriticiúil iarrachta is gá ar leibhéal an chláir agus ar leibhéal an tionscadail, agus go mbeadh an tionchar is mó aige ar chuspóirí beartais agus ar leasa eacnamaíocha, iomaíochais agus sóisialta iartheachtacha. Ag an am chéanna, chabhródh sé chun cúrsaí a shimplí tríd an ualach riaracháin do rannpháirtithe a laghdú, cuíchóiriú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta infheidhme, comhsheasmhacht a áirithiú idir ionstraimí, agus cothromaíocht nua riosca/iontaobhas a chur in iúl mar shampla.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1 Bunús dlí

Comhtháthaítear sa togra gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar bhealach rianúil d'fhonn na cuspóirí beartais a bhaint amach.

Dá réir sin, beidh "Fís 2020" bunaithe ar na Teidil sa CFAE "Taighde" agus "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagal 173 agus Airteagal 182). Beidh na rialacha bainteacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh bunaithe ar na Teidil chéanna sa CFAE (Airteagal 173, Airteagal 183 agus Airteagal 188). Bainfidh an bonn "Tionscadail" sa dá chás leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) den chuid is mó, a bheidh á cistiú le ranníocaíocht airgeadais ó "Fís 2020". Ní bheidh an EIT i láthair ar leibhéal an chláir shonraigh.

Tugtar faoi deara go bhfuil gníomhaíochtaí nuálaíochta ar áireamh go sainráite i gCreatchláir éagsúla bunaithe ar an Teideal Taighde den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil réimse gníomhaíochtaí nuálaíochta ar áireamh leis na Creatchláir Reatha freisin. Mar thoradh air sin, beidh an clár sonrach a dhéanfaidh "Fís 2020" a chur i bhfeidhm bunaithe ar Theideal an CFAE "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagal 182) ós rud é go dtiocfaidh na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear iontu fúthu sin atá cumhdaithe faoin Teideal sin.

Tá an togra maidir le clár taighde agus oiliúna Euratom ag cur le "Fís 2020" bunaithe ar Airteagal 7 de Chonradh Euratom.

### 3.2. Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

Ceapadh na tograí chun breisluach agus tionchar an Aontais a uasmhéadú, ag díriú ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtúil ag gníomhú dóibh féin. Is féidir le hidirghabháil ar leibhéal an AE an creat iomlán taighde agus nuálaíochta a neartú agus comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí taighde na mBallstát, agus mar sin seachnaítear dúbláil, cothaítear mais chriticiúil i réimsí lárnacha agus áirithítear go mbaintear úsáid as airgeadas poiblí ar bhealach barrmhaith. Leis an idirghabháil ar leibhéal an Aontais, cumasaítear don iomaíocht ar fud na mór-roinne chun na tograí is fearr a roghnú, agus dá bharr sin ardaítear na leibhéil barr feabhais agus baintear infheictheacht amach don taighde agus don nuálaíocht phríomhúil. Is ar leibhéal an Aontais is fearr a thacaítear le soghluaisteacht thrasnáisiúnta, agus feabhsaítear oiliúint agus forbairt ghairme do thaighdeoirí dá bharr. Is fearr atá clár ar leibhéal an Aontais in ann baol ard agus taighde agus forbairt

fhadtéarmach a ghlacadh air féin, agus mar sin roinntear an riosca agus gintear leithead raon feidhme agus barainneachtaí scála nach bhféadfaí a bhaint amach murach sin. Leis an idirghabháil ar leibhéal an Aontais, is féidir infheistíochtaí breise poiblí agus príobháideacha a bhaint amach i dtaighde agus i nuálaíocht; cur leis an Limistéar Eorpach Taighde, áit a mbíonn eolas, taighdeoirí agus teicneolaíocht i saorchúrsaíocht; agus tráchtálaíocht agus leathadh nuálaíochtaí sa Mhargadh Aonair a luathú. Tá gá le cláir ar leibhéal an AE freisin chun tacú le ceapadh beartas mar aon leis na cuspóirí arna leagan síos ag réimse beartas. Cuirtear faisnéis iomlán i láthair sna measúnaithe tionchair a ghabhann leis seo.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá buiséad na dtograí uile curtha i láthair i bpraghsanna reatha. Leagtar amach sa ráiteas reachtach airgeadais a ghabhann leis an togra seo na himpleachtaí acmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin. Féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint, ar bhonn anailís chostais-sochair, as gníomhaireachtaí feidhmiúcháin reatha le haghaidh chur chun feidhme "Fís 2020", dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i mbainistiú clár Aontais.

2011/0401 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear "Fís 2020" – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 173(3) agus Airteagal 182(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé de chuspóir ag an Aontas a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí Limistéar Eorpach Taighde a ghnóthú ina mbeidh taighdeoirí, eolais eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus trí bhreis iomaíochais a spreagadh san Aontas, lena n-áirítear an t-iomaíochas i gcúrsaí tionsclaíochta. D’fhonn na cuspóirí sin a shaothrú, ba cheart don Aontas gníomhaíochtaí a chur ar bun chun taighde, forbairt theicneolaíoch agus léiriú a chur chun feidhme, comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, torthaí a leathadh agus a bharrfheabhsú agus oiliúint agus soghluaisteacht a spreagadh.

(2) Tá cuspóir ag an Aontas freisin féachaint chuige go mbeidh na dálaí ann is gá chun cumas iomaíochta thionscal an Aontais a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don ghníomhaíocht a bheith dírithe ar úsáid níos fearr de chumas tionsclaíoch na mbeartas nuálaíochta, taighde agus forbartha teicneolaíochta a chothú.

(3) Tá an tAontas tiomanta an Straitéis Eoraip 2020[4] a bhaint amach. Ar na cuspóirí atá leagtha síos sa straitéis sin tá fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, ina gcuirtear

[2] IO C , , lch. .
[3] IO C , , lch. .
[4] COIM(2010) 2020

béim ar an ról atá ag taighde agus nuálaíocht mar phríomhghníomhaithe spreagtha an rathúnais shóisialta agus eacnamaíoch agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus ina leagtar síos an sprioc di féin caiteachas ar Thaighde agus ar Fhorbairt a mhéadú go 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoin mbliain 2020 agus táscaire déine nuálaíochta a fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos i dtionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta cur chuige straitéiseach agus comhtháite maidir le taighde agus nuálaíocht, ina leagtar síos an creat agus na cuspóirí ar cheart do chistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais amach anseo cur leo. Is príomhfhachtóirí iad taighde agus nuálaíocht i dtionscnaimh shuaitheanta eile de chuid na straitéise Eoraip 2020, go háirithe maidir leis an Eoraip a bheidh éifeachtach ó thaobh acmhainní de, beartas tionsclaíoch don ré domhandaithe, agus clár oibre digiteach don Eoraip. Ina theannta sin, d’fhonn cuspóirí Eoraip 2020 a bhaineann le taighde agus nuálaíocht a bhaint amach, tá ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe trí inniúlacht a neartú agus cosán i dtreo barr feabhais a sholáthar.

(4) Ag an gcruinniú ar an 4 Feabhra 2011, thacaigh an Chomhairle Eorpach le coincheap an Chomhchreata Straitéisigh maidir le cistiú Taighde agus Nuálaíochta an Aontais d’fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chistiúcháin taighde agus nuálaíochta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus d’iarr sé ar an Aontas tabhairt faoi na bacainní atá fós ar thallann agus infheistíocht a mhealladh go tapa d’fhonn an Limistéar Eorpach Taighde a chur i gcrích faoin mbliain 2014 agus margadh aonair dílis a bhaint amach don eolas, don taighde agus don nuálaíocht.

(5) D’iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí simpliú radacach ar chistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais ina Rún an 11 Samhain 2010[5], tá aird dírithe aici ar an tábhacht a bhaineann leis an Aontas Nuálaíochta chun an Eoraip a chlaochlú don domhan iar-ghéarchéime, ina rún an 12 Bealtaine 2011[6], tá aird dírithe aici ar na ceachtanna tábhachtacha atá le foghlaim tar éis na meastóireachta eatramhaí ar an Seachtú Creatchlár ina rún an 8 Meitheamh 2011[7] agus tá tacaíocht tugtha aici don choincheap i leith comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin do thaighde agus do nuálaíocht ina rún an 27 Meán Fómhair 2011[8].

(6) D’iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh an 26 Samhain 2010 go ndíreofaí níos mó ar thosaíochtaí Eoraip 2020, go dtabharfaí faoi dhúshláin shochaíocha agus faoi theicneolaíochtaí lárnacha, go n-éascófaí taighde comhoibritheach arna spreagadh ag tionscal, go ndéanfaí cuíchóiriú ar na hionstraimí, go ndéanfaí simpliú suntasach ar rochtain, go laghdófaí an tréimhse chuig an margadh agus go neartófaí barr feabhais a thuilleadh i gcláir chistiúcháin an Aontais amach anseo.

(7) Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige straitéiseach comhtháite freisin sna tuairimí arna seachadadh ag an gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde an 3 Meitheamh 2011[9], agus ag Coiste na Réigiún an 30 Meitheamh 2011[10], agus ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2011[11].

---

[5] P7 TA(2011)0401
[6] P7 TA(2011)0236
[7] P7 TA(2011)0256
[8] P7 TA(2011)0401
[9] ERAC 1210/11
[10] CdR 67/2011
[11] CESE 1163/2011

(8) In Athbhreithniú Buiséid an Aontais, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2010, cuireadh príomhphrionsabail chun cinn ar cheart dóibh a bheith mar bhuntaca le Buiséad an Aontais amach anseo, eadhon díriú ar ionstraimí le breisluach aitheanta don Aontas, díriú níos mó ar thorthaí, agus foinsí eile cistiúcháin príobháideacha agus poiblí a ghiaráil, agus beartaíodh ann réimse iomlán ionstraimí an Aontais maidir le taighde agus nuálaíocht a thabhairt le chéile i gComhchreat Straitéiseach.

(9) Sa pháipéar Uaine ón gCoimisiún, 'Ó dhúshláin go Deiseanna: I dtreo comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin an AE do thaighde agus nuálaíocht'[12] aithníodh ceisteanna lárnacha maidir le conas na cuspóirí uaillmhianacha sin a bhaint amach agus seoladh comhairliúchán leathan inar aontaigh páirtithe leasmhara agus institiúidí an Aontais den chuid is mó leis na smaointe arna gcur i láthair ann.

(10) Sa Teachtaireacht *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020)[13], bheartaigh an Coimisiún, le Comhchreat Straitéiseach amháin maidir le Taighde agus Nuálaíocht, dul i ngleic leis na réimsí arna gcumhdach sa tréimhse 2007-2013 faoin Seachtú Creatchlár maidir le Taighde agus leis an gcuid nuálaíochta den Chreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht, chomh maith leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) d'fhonn freastal ar sprioc na Straitéise Eoraip 2020 caiteachas ar Thaighde agus ar Fhorbairt a mhéadú go 3 % den OTI faoin mbliain 2020. Sa Teachtaireacht sin, thug an Coimisiún tiomantas freisin an t-athrú aeráide a phríomhshruthú isteach i gcláir caiteachais an Aontais agus ar a laghad 20 % de bhuiséad an Aontais a dhíriú ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid. Is cuspóirí atreisithe frithpháirteacha atá i ngníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid agus éifeachtúlacht acmhainní chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart go gcomhlánófaí na cuspóirí sonracha a bhaineann leo araon trí bhíthin cuspóirí sonracha eile "Fís 2020". Mar thoradh air sin, táthar ag súil go mbainfidh ar a laghad 60% de bhuiséad foriomlán "Fís 2020" le forbairt inbhuanaithe. Táthar ag súil freisin gur caiteachas a bhaineann leis an aeráid a bheidh i gceist le os cionn 35% den bhuiséad, lena n-áirítear bearta atá comhoiriúnach go frithpháirteach lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht acmhainní. Ba cheart don Choimisiún faisnéis a chur ar fáil maidir le scála agus torthaí na tacaíochta do chuspóirí athraithe aeráide. Ba cheart go rianófaí caiteachas a bhaineann leis na aeráid faoi "Fís 2020" i gcomhréir leis an modheolaíocht atá luaite sa Teachtaireacht sin.

(11) In Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht san Aontas Eorpach ('Fís 2020' anseo feasta) dírítear ar thrí thosaíocht, eadhon eolaíocht den scoth a ghineadh d'fhonn barr feabhais an Aontais san eolaíocht a neartú, ceannaireacht thionsclaíoch a chothú chun tacú le gnóthais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) agus nuálaíocht agus dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, d'fhonn freagairt go díreach ar na dúshláin atá aitheanta sa Straitéis Eoraip 2020 trí thacú le gníomhaíochtaí ina gcumhdaítear an speictream iomlán ón taighde go dtí an margadh. Ba cheart do "Fís 2020" tacú le gach céim sa slabhra nuálaíochta, go háirithe le gníomhaíochtaí atá níos gaire don mhargadh lena n-áirítear ionstraimí airgeadais nuálacha, mar aon le nuálaíocht shóisialta agus neamh-theicneolaíochta, agus tá sé d'aidhm leis an gclár riachtanais taighde speictream leathan beartas de chuid an

[12] COIM(2011) 48
[13] COIM(2011) 500

Aontais a chomhlíonadh trí bhéim a chur ar eolas arna ghiniúint ag na gníomhaíochtaí tacaithe a úsáid agus a leathadh chomh leathan agus is féidir suas lena shaothrú ar bhonn tráchtála. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí "Fís 2020" freisin trí chlár faoi Chonradh Euratom maidir le taighde agus le hoiliúint núicléach.

(12) Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde tacaíocht theicniúil agus eolaíochta atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do bheartais an Aontais agus freagairt go solúbtha ar éilimh ar bheartais nua.

(13) I gcomhthéacs thriantán an eolais maidir le taighde, oideachas agus nuálaíocht, ba cheart do na Pobail Eolais agus Nuálaíochta faoin Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht rannchuidiú go mór le dul i ngleic le cuspóirí "Fís 2020", lena n-áirítear na dúshláin shochaíocha, trí chomhtháthú a dhéanamh ar thaighde, oideachas agus nuálaíocht go háirithe. D'fhonn comhlántachtaí in "Fís 2020" agus úsáid leordhóthanach chistí a áirithiú, ba cheart go ndéanfaí an ranníocaíocht airgeadais leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht in dhá leithdháileadh agus ba cheart go mbeadh an dara ceann faoi réir athbhreithnithe.

(14) Ba cheart do "Fís 2020" cur le haidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha i gcomhréir leis an tionscnamh suaitheanta, an tAontas Nuálaíochta, trína dtugtar le chéile na gníomhaithe ábhartha uile ón slabhra iomlán taighde agus nuálaíochta d'fhonn cuíchóiriú, simpliú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar ionstraimí agus ar thionscnaimh.

(15) Tá an simpliú ina aidhm lárnach de "Fís 2020" agus ba cheart go mbeadh sin le feiceáil ina dhearadh, ina rialacha, ina bhainistíocht airgeadais agus ina chur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm le "Fís 2020" rannpháirtíocht láidir ollscoileanna, ionad taighde, tionscail agus FBManna go háirithe a mhealladh, ós rud é go dtugtar le chéile an réimse iomlán tacaíochta taighde agus nuálaíochta i gcomhchreat straitéiseach amháin, lena n-áirítear sraith chuíchóirithe de chineálacha tacaíochta agus go mbaintear úsáid as rialacha rannpháirtíochta le prionsabail is infheidhme maidir le gach gníomh faoin gclár. Ba cheart go laghdófaí costais riaracháin rannpháirtíochta mar thoradh ar rialacha cistiúcháin níos simplí, agus cabhróidh na rialacha sin le hearráidí airgeadais a laghdú.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 182(1) den CFAE, socraítear sa chreatchlár an t-uasmhéid foriomlán agus na rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht airgeadais an Aontais sa chreatchlár maille leis an gcion faoi seach i ngach gníomhaíocht arna beartú.

(17) Ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo, ar feadh ré iomlán an Chláir, imchlúdach airgeadais arb é an phríomhthagairt don údarás buiséadach le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil é, de réir bhrí phointe [] de Chomhaontú Idirinstitiúideach an XX/201Z idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar um chúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais.

(18) Is iomchuí a áirithiú go gcuirfear deireadh ceart le "Fís 2020" agus leis na cláir ba réamhtheachtaithe, go háirithe maidir lena bheith ag leanúint de shocruithe ilbhliantúla maidir le bainistiú na gclár, amhail cúnamh teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú.

(19) D'fhéadfadh cláir fhorlíontacha lena ngabhann rannpháirtíocht Bhallstáit áirithe amháin, rannpháirtíocht an Aontais i gcláir arna ngabháil ar lámh ag roinnt Ballstáit, nó bunú comhghnóthas nó socruithe eile de réir bhrí Airteagal 184, Airteagal 185 agus Airteagal 187 den CFAE a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme "Fís 2020".

(20) D'fhonn an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus muinín an phobail san eolaíocht a neartú, ba cheart do "Fís 2020" tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht eolach saoránach agus na sochaí sibhialta i ndáil le ceisteanna taighde agus nuálaíochta trí oideachas eolaíochta a chur chun cinn, trí rochtain níos fusa a sholáthar ar eolas eolaíoch, trí chláir oibre fhreagracha maidir le taighde agus le nuálaíocht a fhorbairt a shásaíonn imní agus ionchas na saoránach agus na sochaí sibhialta agus trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí "Fís 2020" a éascú.

(21) Ba cheart do chur chun feidhme "Fís 2020" freagairt do na deiseanna agus do na riachtanais athraitheacha atá ag an eolaíocht agus ag an teicneolaíocht, ag an tionscal, ag beartais agus ag an tsochaí. Dá réir sin, ba cheart na cláir oibre a bheith socraithe i gcuibhreann dlúth le páirtithe leasmhara ó gach earnáil lena mbaineann, agus ba cheart solúbthacht leordhóthanach a bheith iontu i gcomhair forbairtí nua. Ba cheart comhairle sheachtrach a lorg ar bhonn leanúnach le linn "Fís 2020", agus ba cheart úsáid a bhaint as struchtúir ábhartha amhail Cláir Oibre Eorpacha Teicneolaíochta, Comhthionscnaimh Chlárúcháin agus Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha.

(22) Ba cheart do "Fís 2020" rannchuidiú le mealltacht na gairme taighde san Aontas. Ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair maidir le Taighdeoirí a Earcú[14], chomh maith le creataí tagartha ábhartha eile arna sainiú i gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Taighde, agus nádúr deonach na cairte agus an chóid iompair á n-urramú ag an am céanna.

(23) Ba cheart do na gníomhaíochtaí arna bhforbairt faoi "Fís 2020" díriú ar an gcomhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná i dtaighde agus i nuálaíocht trí thabhairt faoi na cúiseanna is bun le héagothroime inscne go háirithe, trí acmhainneacht iomlán taighdeoirí fireann agus baineann a shaothrú, agus trí chomhtháthú a dhéanamh ar an ngné inscne in inneachar na dtionscadal d'fhonn caighdeán an taighde a fheabhsú agus nuálaíocht a spreagadh. Ina theannta sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí díriú ar chur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le comhionannas idir fir agus mná mar atá leagtha síos in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 8 den CFAE.

(24) Ba cheart prionsabail bhunúsacha eiticiúla a urramú i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna dtacú ag "Fís 2020". Ba cheart tuairimí an Ghrúpa Eorpaigh um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí a chur san áireamh. Ba cheart Airteagal 13 den CFAE a chur san áireamh freisin i ngníomhaíochtaí taighde agus ba cheart úsáid ainmhithe sa taighde agus sa tástáil a laghdú d'fhonn deireadh a chur le húsáid ainmhithe faoi dheoidh. Ba cheart leibhéal ard cosanta sláinte daonna i gcomhréir le hAirteagal 168 den CFAE a áirithiú le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile.

---

[14] COIM(2005) 576 leagan deireanach, 11.3.2005

(25) Ní dhéanann an Coimisiún Eorpach úsáid gascheall suthacha daonna a shireadh go sainráite. Tá úsáid gascheall daonna, bíodh siad ina ngaschealla ó dhaoine lánfhásta nó ina ngaschealla suthacha, más ann di, ag brath ar bhreithiúnas na n-eolaithe maidir leis na cuspóirí ar mian leo a bhaint amach, agus tá an úsáid faoi réir Athbhreithnithe Eitice dhéin. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon tionscadal ina mbaintear úsáid as gaschealla suthacha daonna nach bhfuil an formheas is gá faighte ó na Ballstáit ina leith. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht atá toirmiscthe sna Ballstáit ar fad. Níor cheart cistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe.

(26) D'fhonn an tionchar is mó is féidir a bhaint amach, ba cheart do "Fís 2020" sineirgí dlútha a fhorbairt le cláir eile de chuid an Aontais i réimsí amhail an t-oideachas, an spás, an comhshaol, iomaíochas agus FBManna, slándáil inmheánach, cultúr agus na meáin agus le cistí an Bheartais Chomhtháthaithe agus an Bheartais Forbartha Tuaithe, ar féidir leo cabhair ar leith a sholáthar chun inniúlachtaí taighde agus nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha a neartú i gcomhthéacs straitéisí speisialtóireachta cliste.

(27) Is foinse shuntasach nuálaíochta agus fáis iad FBManna san Eoraip. Dá bhrí sin, tá gá le rannpháirtíocht láidir FBManna, arna sainiú sa Mholadh ón gCoimisiún 2003/361/CE an 6 Bealtaine 2003[15]in "Fís 2020". Ba cheart dó sin tacú le haidhmeanna an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga[16].

(28) D'fhonn an tionchar is mó is féidir a bhaint amach do chistiú an Aontais, tá "Fís 2020" chun sineirgí níos dlúithe a fhorbairt, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm comhpháirtíochtaí poiblí poiblí, le cláir náisiúnta agus réigiúnacha trína gcuirtear tacaíocht ar fáil do thaighde agus do nuálaíocht.

(29) Ba cheart tionchar níos mó a bhaint amach trí chistí "Fís 2020" agus cistí ón earnáil phríobháideach a chomhcheangal laistigh de chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i réimsí tábhachtacha ina bhféadfadh taighde agus nuálaíocht cur le haidhmeanna iomaíochais níos leithne na hEorpa agus cabhrú chun tabhairt faoi dhúshláin shochaíocha. Féadfar leanúint leis na comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i bhfoirm Comhthionscnamh Teicneolaíochta arna seoladh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Creatchlár an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt teicneolaíochta agus um ghníomhaíochtaí léirithe (2007-13)[17] ag úsáid struchtúr atá níos oiriúnaí don fheidhm.

(30) Ba cheart do "Fís 2020" comhar le tríú tíortha a chur chun cinn bunaithe ar chomhleas agus leas coiteann. Ba cheart go ndíreofaí ar chomhar idirnáisiúnta san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht d'fhonn cur le baint amach chuspóirí na straitéise Eoraip 2020 chun iomaíochas a neartú, cur le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus beartais forbartha agus sheachtracha an Aontais a chothú, lena n-áirítear sineirgí a fhorbairt le cláir sheachtracha agus cur le tiomantais idirnáisiúnta an Aontais, amhail baint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise.

---

15 IO L 124, 30.05.2003, lch. 36
16 COIM(2008) 394
17 IO L 412, 30.12.2006, lch. 1

(31) Chun cothrom iomaíochta a choimeád do gach gnóthas atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, ba cheart cistiú a sholáthraítear trí “Fís 2020” a bheith i gcomhréir le rialacha státchabhrach chun éifeachtacht caiteachais phoiblí a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh a chosc amhail cistiú príobháideach a bhrú amach, struchtúir neamhéifeachtacha margaidh a chruthú agus gnólachtaí neamhéifeachtúla a chaomhnú.

(32) D’aithin an Chomhairle Eorpach an 4 Feabhra 2011 an gá le cur chuige nua maidir le rialú agus bainistíocht riosca i gcistiú taighde an Aontais, agus d’éiligh sí cothromaíocht nua idir iontaoibh agus rialú agus idir glacadh riosca agus seachaint riosca. D’iarr Parlaimint na hEorpa, ina Rún an 11 Samhain 2010 maidir le cur chun feidhme na gCreatchlár Taighde, gluaiseacht phragmatach i dtreo an tsimplithe riaracháin agus airgeadais agus tá sé ráite ann gur cheart do bhainistíocht cistiúcháin taighde Eorpaigh a bheith níos bunaithe ar iontaoibh agus níos fulangaí i dtreo rannpháirtithe ó thaobh rioscaí de. Baineadh de thátal as tuarascáil eatramhach mheasúnaithe den Seachtú Creatchlár um Thaighde (2007-2013) go bhfuil gá le cur chuige níos radacaí chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le simpliú, agus gur gá cothromaíocht idir rioscaí agus iontaoibh a athbhunú.

(33) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh na timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis. Ba cheart go laghdófaí an t-ualach rialaithe do rannpháirtithe mar thoradh ar straitéis rialaithe athbhreithnithe, trína n-athrófar an fócas ó íoslaghdú rátaí earráide i dtreo rialaithe bunaithe ar riosca agus calaois a bhrath.

(34) Tá sé tábhachtach go n-áiritheofaí bainistíocht fhónta airgeadais “Fís 2020” agus a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is cairdiúla don úsáideoir, agus deimhneacht dhlíthiúil agus inrochtaineacht an chláir do gach rannpháirtí á n-áirithiú ag an am céanna. Is gá comhlíonadh Rialachán (AE) Uimh XXXX/2012 [rialachán airgeadais nua] agus na gceanglas a bhaineann le simpliú agus rialáil níos fearr a áirithiú.

(35) D’fhonn an fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear meastóireacht agus faireachán a dhéanamh, ní mór táscairí sonracha feidhmíochta a fhorbairt ar féidir iad a thomhas le himeacht ama, táscairí atá réalaíoch agus a léiríonn loighic na hidirghabhála agus a bhaineann le céimiúlacht iomchuí na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí. Ba cheart sásraí comhordaithe iomchuí a bhunú idir cur chun feidhme “Fís 2020” agus faireachán air, agus faireachán ar dhul chun cinn, ar mhórghníomhartha agus ar fheidhmiú an Limistéir Eorpaigh Taighde.

(36) Ó tharla nach féidir cuspóirí “Fís 2020” a bhaint amach go leordhóthanach sna Ballstáit tríd an gcreat foriomlán taighde agus nuálaíochta a neartú agus trí iarrachtaí a chomhordú ar fud an Aontais, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, d’fhonn dúbláil a sheachaint, mais chriticiúil a chothú i réimsí lárnacha agus a áirithiú go n-úsáidtear airgeadas poiblí ar bhealach barrmhaith, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann "Fís 2020" thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(37) Ar chúiseanna deimhneachta agus soiléireachta dlíthiúla ba cheart Treoir Uimh. 1982/2006/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# BUNÚ

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Bunaítear Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) ("Fís 2020") leis an Rialachán seo, agus socraítear an creat lena rialaítear tacaíocht ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus lena gcothaítear saothrú níos fearr acmhainneacht thionsclaíoch na mbeartas maidir le nuálaíocht, taighde agus forbairt theicneolaíoch.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn '*gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta*' raon iomlán na ngníomhaíochtaí taighde, forbartha teicneolaíche, taispeántais agus nuálaíochta, lena n-áirítear comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, leathadh agus barrfheabhsú torthaí agus oiliúna agus soghluaisteachta taighdeoirí san Aontas a spreagadh;

(b) ciallaíonn '*gníomhaíochtaí díreacha'* gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna ngabháil ar láimh ag an gCoimisiún trína Airmheán Comhpháirteach Taighde;

(c) ciallaíonn *'gníomhaíochtaí indíreacha'* gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a soláthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais dóibh, arna ngabháil ar láimh ag rannpháirtithe;

(d) ciallaíonn '*comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí'* comhpháirtíocht ina ngeallann comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach, an tAontas agus, nuair is iomchuí, comhpháirtithe eile, go dtacóidh siad go comhpháirteach le gníomhaíochtaí nó le clár taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

(e) ciallaíonn '*comhpháirtíocht phoiblí phoiblí'* comhpháirtíocht ina ngeallann comhlachtaí ón earnáil phoiblí nó comhlachtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, in éineacht leis an Aontas go dtacóidh siad go comhpháirteach le gníomhaíochtaí nó le clár taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*
*"Fís 2020" a Bhunú*

Bunaítear "Fís 2020" leis seo i gcomhair na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

*Airteagal 4*
*Breisluach an Aontais*

Beidh príomhról ag "Fís 2020" sa Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach trí chomhchreat straitéiseach a chur ar fáil le haghaidh chistiú taighde agus nuálaíochta an Aontais, agus ar an gcaoi sin gníomhóidh sé mar bhealach chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil, cruthófar deiseanna poist nua mar thoradh air agus áiritheofar iomaíochas agus fás inbhuanaithe fadtéarmach na hEorpa leis.

*Airteagal 5*
*Cuspóir ginearálta, tosaíochtaí agus cuspóirí sonracha*

1. Rannchuideoidh "Fís 2020" le geilleagar a fhorbairt a bheidh bunaithe ar eolas agus ar nuálaíocht ar fud an Aontais ina iomláine trí chistiú breise leordhóthanach a ghiaráil le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta. Dá réir sin, tacóidh "Fís 2020" leis an Straitéis Eoraip 2020 agus le beartais eile an Aontais a chur chun feidhme, chomh maith le Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú. Tá na táscairí feidhmíochta ábhartha leagtha amach i réamhrá Iarscríbhinn I.

2. Rachfar i mbun an chuspóra ginearálta seo trí bhíthin trí thosaíocht atreisithe fhrithpháirteacha atá tiomanta do na nithe seo a leanas:

   (a) eolaíocht den scoth;

   (b) ceannaireacht thionsclaíoch;

   (c) dúshláin shochaíocha.

   Tá na cuspóirí sonracha a chomhfhreagraíonn do gach ceann de na trí thosaíocht sin leagtha amach i gCuid I go Cuid III d'Iarscríbhinn I, mar aon le treoirlínte do na gníomhaíochtaí.

3 Rannchuideoidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde leis an gcuspóir ginearálta agus leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i mír 1 agus mír 2 trí thacaíocht eolaíochta agus theicniúil a sholáthar do bheartais an Aontais. Tá treoirlínte do na gníomhaíochtaí leagtha amach i gCuid IV d'Iarscríbhinn I.

4. Rannchuideoidh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[18] leis an gcuspóir ginearálta agus leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i mír 1 agus mír 2 agus beidh sé de chuspóir sonrach aici triantán an eolais – taighde, nuálaíocht agus oideachas – a chomhtháthú. Tá táscairí feidhmíochta ábhartha na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht leagtha amach i réamhrá Iarscríbhinn I agus tá treoirlínte don chuspóir sonrach sin agus do na gníomhaíochtaí leagtha amach i gCuid V d'Iarscríbhinn I.

---

[18] IO L 97, 9.4.2008, lch. 1.

5. Faoi chuimsiú na dtosaíochtaí agus na dtreoirlínte dá dtagraítear i mír 2, d’fhéadfaí aird a thabhairt ar riachtanais nua agus gan choinne a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse cur chun feidhme “Fís 2020”. D’fhéadfadh freagairtí ar dheiseanna, ar ghéarchéimeanna agus ar bhagairtí a thiocfaidh chun cinn, ar riachtanais a bhaineann le beartais nua an Aontais a fhorbairt, agus ar phíolótú gníomhaíochtaí beartaithe do thacaíocht faoi chláir amach anseo.

*Airteagal 6*
*Buiséad*

1. Is é EUR 87740 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais maidir le cur chun feidhme “Fís 2020”, agus as sin déanfar EUR 86198 milliún ar a mhéad a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí faoi Theideal XIX den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

2. Déanfar an tsuim le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Theideal XIX den CFAE a dháileadh i measc na dtosaíochtaí atá leagtha amach in Airteagal 5(2) mar seo a leanas:

(d) Eolaíocht den scoth, EUR 27818 milliún;

(e) Ceannaireacht thionsclaíoch, EUR 20280 milliún;

(f) Dúshláin shochaíocha, EUR 35888 milliún;

Is é EUR 2212 milliún a bheidh san uas-suim fhoriomlán le haghaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó “Fís 2020” do ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Tá an miondealú táscach i gcomhair na gcuspóirí sonracha faoi chuimsiú na dtosaíochtaí agus uas-suim fhoriomlán na ranníocaíochta do ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde leagtha amach in Iarscríbhinn II.

3. Déanfar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht a mhaoiniú trí bhíthin ranníocaíochta uasta ó “Fís 2020” dar luach EUR 3194 milliún mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II. Cuirfear céad leithdháileadh EUR 1542 milliún ar fáil don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Theideal XVII den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuirfear dara leithdháileadh suas le EUR 1652 milliún ar fáil, faoi réir an athbhreithnithe atá leagtha amach in Airteagal 26 (1). Soláthrófar an tsuim bhreise seo ar bhonn pro rata, mar atá léirithe in Iarscríbhinn II, ón tsuim le haghaidh an chuspóra shonraigh “Cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha” faoi chuimsiú na tosaíochta maidir le ceannaireacht thionsclaíoch atá leagtha amach i mír 2(b) agus ón tsuim le haghaidh na tosaíochta maidir le dúshláin shochaíocha atá leagtha amach in 2(c).

Cuirfear an cistiú ar fáil in dhá leithdháileadh ilbhliantúla, agus cumhdófar an méid seo a leanas ann:

(g) sa chéad leithdháileadh, forbairtí leanúnacha na bPobal Eolais agus Nuálaíochta reatha (na PENanna anseo feasta) agus airgead síl i gcomhair sheoladh na dara sraithe de thrí PEN nua

(h) sa dara leithdháileadh, forbairtí leanúnacha na bPobal Eolais agus Nuálaíochta atá seolta cheana féin agus airgead síl i gcomhair sheoladh an tríú sraith de thrí PEN nua

Cuirfear an dara leithdháileadh ar fáil tar éis an athbhreithnithe atá leagtha amach in Airteagal 26(1) agus an méid seo a leanas á chur san áireamh go háirithe:

(i) an t-uainiú comhaontaithe maidir le cruthú an tríú sraith de PENanna;

(j) riachtanais airgeadais chláraithe na PENanna atá ann cheana féin de réir a bhforbartha sonraí;

(k) ranníocaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus a PENanna i leith chuspóirí "Fís 2020".

4. D'fhéadfadh go gclúdódh imchlúdach airgeadais "Fís 2020" costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun "Fís 2020" a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir agus cruinnithe saineolaithe, sa mhéid is go mbaineann siad le cuspóirí "Fís 2020", costais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise lena ndírítear ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, mar aon le costais cúnaimh riaracháin agus theicniúil eile a thabhóidh an Coimisiún chun "Fís 2020" a bhainistiú.

Más gá, féadfar leithreasaí a iontráil sa bhuiséad i ndiaidh 2020 d'fhonn costais cúnaimh riaracháin agus theicniúil a chumhdach, ionas go mbeifear ábalta na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

5. D'fhonn freagairt ar chásanna gan choinne nó ar riachtanais agus fhorbairtí nua, agus chun forálacha mhír 3 den Airteagal seo a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis na meastóireachta eatramhaí ar "Fís 2020" dá dtagraítear in Airteagal 26(1)(a) den Rialachán seo, laistigh den nós imeachta buiséadach bliantúil, athbhreithniú a dhéanamh ar na méideanna atá leagtha amach i gcomhair na dtosaíochtaí i mír 2 agus ar an miondealú táscach de réir cuspóirí sonracha faoi chuimsiú na dtosaíochtaí sin atá leagtha amach in Iarscríbhinn II agus leithreasaí a aistriú idir na tosaíochtaí agus na cuspóirí sonracha suas le 10 % den leithdháileadh tosaigh iomlán i gcomhair gach tosaíochta agus suas le 10 % den mhiondealú táscach i leith gach cuspóra shonraigh. Ní bhaineann sé sin leis an méid atá leagtha amach le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde i mír 2 ná leis an ranníocaíocht leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht atá leagtha amach i mír 3.

*Airteagal 7*
*Comhlachú tríú tíortha*

1 Féadfaidh na páirtithe seo a leanas comhlachú le "Fís 2020":

(l) na tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime faoi seach, sna cinntí ó chomhairlí comhlachais nó i gcomhaontuithe dá samhail;

(m) tríú tíortha roghnaithe a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(i) tá inniúlacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta acu;

(ii) tá cuntas teiste maith acu maidir le rannpháirtíocht i gcláir taighde agus nuálaíochta an Aontais;

(iii) tá dlúthnaisc eacnamaíocha agus gheografacha acu leis an Aontas;

(iv) tá siad ina gcomhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), nó tá siad ina dtíortha nó ina gcríocha atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht[19].

2. Déanfar téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht tíortha comhlachaithe in "Fís 2020", lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais, bunaithe ar olltáirgeacht intíre na tíre comhlachaithe a chinneadh trí bhíthin comhaontuithe idirnáisiúnta idir an Aontas agus na tíortha comhlachaithe.

---

19 IO L [], [], lch. []

# TEIDEAL II
# CUR CHUN FEIDHME

## CAIBIDIL I
## CUR CHUN FEIDHME, BAINISTÍOCHT AGUS CINEÁLACHA TACAÍOCHTA

*Airteagal 8*
*Cur chun feidhme trí bhíthin cláir shonraigh agus na ranníocaíochta leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht*

Cuirfear "Fís 2020" chun feidhme trí bhíthin cláir shonraigh chomhdhlúite agus ranníocaíochta airgeadais leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht.

Sa chlár sonrach sin, leagfar amach Cuid amháin le haghaidh gach ceann de na trí thosaíocht atá leagtha amach in Airteagal 5(2) agus Cuid amháin le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

*Airteagal 9*
*Bainistíocht*

1. Cuirfidh an Coimisiún "Fís 2020" chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Rialachán Airgeadais Nua].

2. Féadfaidh an Coimisiún cuid de chur chun feidhme "Fís 2020" a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí cistiúcháin dá dtagraítear in Airteagal [55(1)(b)] de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Rialachán Airgeadais Nua].

*Airteagal 10*
*Cineálacha tacaíochta ón Aontas*

1. Tacóidh "Fís 2020" le gníomhaíochtaí indíreacha trí chineál amháin cistiúcháin nó níos mó dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [Rialachán Airgeadais Nua], go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar agus ionstraimí airgeadais.

2. Tacóidh "Fís 2020" le gníomhaíochtaí díreacha arna ngabháil ar láimh ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde chomh maith.

3. I gcás ina rannchuidíonn gníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde le tionscnaimh arna mbunú faoi Airteagal 185 nó Airteagal 187 den CFAE, ní ghlacfar leis an rannchuidiú sin mar chuid den ranníocaíocht airgeadais arna leithdháileadh do na tionscnaimh sin.

*Airteagal 11*
*Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh na dtorthaí*

Beidh feidhm ag na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh na dtorthaí atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh] maidir le gníomhaíochtaí indíreacha.

# CAIBIDIL II
# CLÁRÚ

## ROINN I
## PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 12*
*Comhairle sheachtrach agus dul i dteagmháil leis an tsochaí*

1. Chun "Fís 2020" a chur chun feidhme, cuirfear san áireamh comhairle agus ionchuir arna soláthar acu seo a leanas: grúpaí comhairleacha de shaineolaithe ardleibhéil, neamhspleácha arna mbunú ag an gCoimisiún; struchtúir idirphlé arna gcruthú faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eolaíochta agus teicneolaíochta; gníomhaíochtaí forásacha; comhairliúcháin phoiblí spriocdhírithe; agus próisis thrédhearcacha agus idirghníomhacha lena n-áirithítear go dtacaítear le taighde freagrach agus nuálaíocht fhreagrach.

2. Tabharfar aird iomlán ar ghnéithe ábhartha na gclár oibre um thaighde agus nuálaíocht arna mbunú ag Cláir Oibre Eorpacha Teicneolaíochta, Comhthionscnaimh Chlárúcháin agus Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha.

*Airteagal 13*
*Gníomhaíochtaí trasnaí*

1. Cuirfear naisc agus comhéadain chun feidhme ar fud thosaíochtaí "Fís 2020" agus faoina gcuimsiú. Maidir leis sin, tabharfar aird faoi leith ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha, ar nascadh ó fhionnachtain go dtí cur i bhfeidhm sa mhargadh, ar thaighde agus nuálaíocht thras-earnálach, ar dhaonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha, ar fheidhmiú agus ar bhaint amach an Limistéir Eorpaigh Taighde a chothú, ar chomhar le tríú tíortha, ar nuálaíocht fhreagrach agus taighde freagrach lena n-áirítear inscne, agus ar mhealltacht na gairme taighde a fheabhsú agus ar shoghluaisteacht thrasteorann agus thras-earnála taighdeoirí a éascú.

2. I gcás ina dtacaítear le gníomhaíocht indíreach a bhfuil baint mhór aici le roinnt de na tosaíochtaí atá leagtha amach in Airteagal 5(2) nó le roinnt cuspóirí sonracha laistigh de na tosaíochtaí sin, d'fhéadfaí an tsuim airgeadais le haghaidh na gníomhaíochta sin a chomhthiomsú ó na suimeanna arna leithdháileadh ar gach tosaíocht nó cuspóir sonrach lena mbaineann faoi seach.

*Airteagal 14*
*Cineál athraitheach na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, na margaí agus na sochaí*

Cuirfear "Fís 2020" chun feidhme ar bhealach ina n-áiritheofar go bhfuil na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí lena dtacaítear ábhartha do riachtanais athraitheacha agus ina gcuirfear nádúr athraitheach na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, na margaí agus na sochaí san áireamh, i gcás ina gcuimsítear gnéithe gnó, eagraíochta agus sóisialta le nuálaíocht.

*Airteagal 15*
*Comhionannas inscne*

Áiritheofar le "Fís 2020" go gcuirfear comhionannas inscne agus gné na hinscne chun cinn go héifeachtach in inneachar taighde agus nuálaíochta.

*Airteagal 16*
*Prionsabail eiticiúla*

1. Beidh na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta go léir a dhéanfar faoi "Fís 2020" i gcomhréir le prionsabail eiticiúla agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus a Phrótacail Fhorlíontacha.

   Tabharfar aird faoi leith ar phrionsabal na comhréireachta, ar an gceart chun príobháideachta, ar an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint, ar cheart an duine chun sláine fisicí agus intinne, ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe agus ar an ngá le leibhéil arda chosanta ar shláinte an duine a áirithiú.

2. Díreofar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanfar faoi "Fís 2020" ar iarratais shibhialta go heisiach.

3. Ní chuirfear maoiniú ar fáil i gcomhair na réimsí taighde seo a leanas:

   (n) gníomhaíocht taighde a bhfuil sé d'aidhm léi daoine a chlónáil chun críocha atáirgthe;

   (o) gníomhaíocht taighde a bhfuil sé ar intinn í a úsáid chun oidhreacht ghéiniteach daoine a athrú agus mar sin bheadh na hathruithe sin inoidhreachta;

   (p) gníomhaíochtaí taighde a bhfuil sé beartaithe suthanna daonna a chruthú leo ar mhaithe le taighde amháin nó d'fhonn gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí aistriú núicléas cille sómaí.

4. D'fhéadfaí maoiniú a sholáthar le haghaidh taighde ar ghaschealla daonna, daoine fásta agus suthach araon, ag brath ar inneachar an togra eolaíochta agus ar chreat dlí na mBallstát lena mbaineann. Ní dheonófar aon chistiú le haghaidh gníomhaíochtaí taighde a bhfuil toirmeasc orthu sna Ballstáit uile. Ní sholáthrófar cistiú maidir le haon ghníomhaíocht i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe.

5. D'fhéadfaí na réimsí taighde atá leagtha amach i mír 3 a athbhreithniú laistigh de chomhthéacs na meastóireachta eatramhaí atá leagtha amach in Airteagal 26(1) i bhfianaise an dul chun cinn eolaíochta.

*Airteagal 17*
*Comhlántacht le cláir eile an Aontais*

Cuirfear "Fís 2020" chun feidhme ar bhealach a bheidh comhlántach le cláir chistiúcháin eile an Aontais, lena n-áirítear na Cistí Struchtúracha.

# ROINN II
# RÉIMSÍ SONRACHA GNÍOMHAÍOCHTA

*Airteagal 18*
*Fiontair bheaga agus mheánmhéide*

1. Tabharfar aird faoi leith ar rannpháirtíocht leormhaith fiontar beag agus meánmhéide (FBM) in "Fís 2020" a áirithiú, agus ar a áirithiú go mbeidh tionchar ag an gclár orthu ó thaobh na nuálaíochta de. Déanfar measúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla ar rannpháirtíocht FBManna mar chuid de na socruithe meastóireachta agus faireacháin.

2. Gabhfar gníomhaíochtaí sonracha ar láimh faoi chuimsiú an chuspóra shonraigh "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha" atá leagtha amach i bPointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn I agus gach ceann de na cuspóirí sonracha faoin tosaíocht "Dúshláin shochaíocha" atá leagtha amach i bPointe 1 go Pointe 6 de Chuid III d'Iarscríbhinn I. Beidh na gníomhaíochtaí sonracha sin i bhfoirm ionstraime FBM tiomnaithe a dhíreofar ar gach cineál FBM a bhfuil acmhainneacht nuálaíochta acu agus cuirfear chun feidhme í ar bhealach comhsheasmhach agus beidh sí curtha in oiriúint do riachtanais FBManna mar atá leagtha amach faoin gcuspóir sonrach "Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide" i bPointe 3.3.(a) de Chuid II d'Iarscríbhinn I.

3. Is cosúil go dtabharfar thart ar 15% den bhuiséad comhcheangailte iomlán le haghaidh an chuspóra shonraigh maidir le "Ceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha" agus le haghaidh na tosaíochta "Dúshláin shochaíocha" d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide de thoradh ar an gcur chuige comhtháite atá leagtha amach i mír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 19*
*Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí*

1. D'fhéadfaí "Fís 2020" a chur chun feidhme trí bhíthin comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i gcás ina ngeallann na comhpháirtithe go léir lena mbaineann go dtacóidh siad le forbairt agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta de thábhacht straitéiseach d'iomaíochas agus do cheannaireacht thionsclaíoch an Aontais nó chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha shonracha.

2. D'fhéadfadh rannpháirtíocht an Aontais sna comhpháirtíochtaí sin a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(q) ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas le comhghnóthais arna mbunú ar bhonn Airteagal 187 den CFAE faoin Seachtú Creatchlár, faoi réir an leasaithe ar a gcuid gníomhartha bunúsacha; le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nua arna mbunú ar bhonn Airteagal 187 den CFAE; agus le comhlachtaí cistiúcháin eile dá dtagraítear in Airteagal [55(1)(b)(v) nó (vii)] de Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [Rialachán Airgeadais Nua]. Ní chuirfear an cineál sin comhpháirtíochtaí chun feidhme ach amháin i gcás ina dtugtar bonn cirt dá leithéid de bharr raon feidhme na gcuspóirí a dtugtar fúthu agus scála na n-acmhainní atá riachtanach;

(r) comhaontú conarthach a dhéanamh idir na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1, ina sonraítear cuspóirí na comhpháirtíochta, ceangaltais faoi seach na gcomhpháirtithe, príomhtháscairí feidhmíochta, agus na haschuir atá le soláthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a aithint dá bhfuil tacaíocht ó "Fís 2020" ag teastáil.

3. Aithneofar comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ar bhealach oscailte agus trédhearcach bunaithe ar na critéir seo a leanas:

(s) breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais;

(t) scála an tionchair ar iomaíochas tionsclaíoch, fás inbhuanaithe agus saincheisteanna socheacnamaíocha;

(u) an gealltanas fadtéarmach ó na comhpháirtithe go léir bunaithe ar chomhfhís agus ar chuspóirí atá sainithe go soiléir;

(v) scála na n-acmhainní lena mbaineann agus an cumas infheistíochtaí breise i dtaighde agus nuálaíocht a ghiaráil;

(w) sainiú soiléir ar róil gach comhpháirtí agus príomhtháscairí feidhmíochta comhaontaithe thar an tréimhse roghnaithe.

*Airteagal 20*
*Comhpháirtíochtaí poiblí poiblí*

1. Rannchuideoidh Fís 2020 chun comhpháirtíochtaí poiblí poiblí a neartú i gcásanna ina gcuirtear gníomhaíochtaí ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta chun feidhme go comhpháirteach laistigh den Aontas.

Tabharfar aird faoi leith ar thionscnaimh chomhchlárúcháin idir na Ballstáit.

2. Féadfar tacú le comhpháirtíochtaí poiblí poiblí faoi chuimsiú na dtosaíochtaí atá leagtha amach in Airteagal 5(2), nó tharstu, go háirithe trí na bealaí seo a leanas:

(x) ionstraim ERA-NET ina n-úsáidtear deontais chun tacú le comhpháirtíochtaí poiblí poiblí ina n-ullmhúchán, struchtúir líonraithe a bhunú, ceapadh, cur chun

feidhme agus comhordú comhghníomhaíochtaí, chomh maith le cur le comhghlaonna aonair agus gníomhartha de chineál trasnáisiúnta;

(y) rannpháirtíocht an Aontais i gcláir arna ngabháil ar láimh ag roinnt Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 185 den CFAE.

Chun críocha phointe (a), beidh cistiú breise coinníollach ar leibhéal suntasach ceangaltas airgeadais roimh ré ó na haonáin rannpháirteacha sna comhghlaonna agus gníomhaíochtaí. Féadfaidh cuspóir chun rialacha agus módúlachtaí cur chun feidhme na gcomhghlaonna agus na ngníomhaíochtaí a chomhchuibhiú a bheith san áireamh san ionstraim ERA-NET. Féadfar í a úsáid freisin le hullmhú le haghaidh tionscnaimh de bhun Airteagal 185 den CFAE.

Chun críocha phointe (b) ní mholfar tionscnaimh dá leithéidí ach amháin i gcásanna ina bhfuil gá le struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe agus ina bhfuil ardleibhéal tiomantais ó na tíortha rannpháirteacha do chomhtháthú ar leibhéil eolaíochta, bainistíochta agus airgeadais. Ina theannta sin, aithneofar tograí maidir le tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (b) ar bhonn na gcritéar seo a leanas go léir:

(z) sainiú soiléir ar an gcuspóir a rachfar ina bhun agus a ábharthacht do chuspóirí “Fís 2020” agus do chuspóirí beartais níos leithne an Aontais;

(aa) ceangaltais airgeadais shoiléire na dtíortha rannpháirteacha, lena n-áirítear réamhcheangaltais chun infheistíochtaí náisiúnta nó réigiúnacha a chomhthiomsú le haghaidh taighde agus nuálaíochta trasnáisiúnta;

(bb) breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais;

(cc) an mhais chriticiúil, maidir le méid agus líon na gclár lena mbaineann, cosúlacht na ngníomhaíochtaí agus an scair de thaighde ábhartha a chumhdaítear leo;

(dd) éifeachtúlacht Airteagal 114 den CFAE mar an bealach is iomchuí chun na cuspóirí a bhaint amach.

*Airteagal 21*

*Comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta*

1. Beidh aonáin arna mbunú i dtríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí indíreacha de chuid “Fís 2020” faoi na coinníollacha atá leagtha amach i Rialachán (AE) XX/XX [Rialacha maidir le Rannpháirtíocht]. Déanfar an comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn thar “Fís 2020” agus laistigh di freisin d’fhonn na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach go háirithe:

(ee) an tAontas a dhéanamh níos fearr agus níos tarraingtí i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta, chomh maith le feabhas a chur ar iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch an Aontais;

(ff) dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin shochaíocha dhomhanda;

(gg) tacú le cuspóirí seachtracha an Aontais agus lena chuspóirí maidir le beartais forbraíochta a bhaint amach, rud a chomhlánóidh na cláir sheachtracha agus na cláir fhorbraíochta.

2. Is ar bhonn comhleasa agus comhshochair a chuirfear chun feidhme na spriocghníomhaíochtaí arb éard is cuspóir leo an comhar le tríú tíortha áirithe nó le grúpaí áirithe de thríú tíortha a chur chun cinn, agus cuirfear san áireamh a gcumas san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, na deiseanna margaidh a ghabhann leo, agus an tionchar a mheastar a bheidh acu.

Ba cheart rochtain chómhalartach ar chláir sna tríú tíortha a chothú. D'fhonn an tionchar is fearr a bhaint amach, cuirfear chun cinn an comhar agus sineirgí le tionscnaimh de chuid na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe.

Cuirfear san áireamh leis na tosaíochtaí comhair na nithe seo a leanas: forbairtí i mbeartas an Aontais, deiseanna chun comhar a dhéanamh le tríú tíortha, chomh maith le heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ar chórais mhaoine intleachtúla sna tríú tíortha.

3. Ina theannta sin, cuirfear chun feidhme gníomhaíochtaí cothrománacha agus trasnaí arb éard is aidhm leo forbairt straitéiseach ar an gcomhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus déanfar sin faoi "Fís 2020", faoin gcuspóir sonrach "Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána" atá leagtha amach i bPointe 6.3.2(d) de Chuid III d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 22*
*Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh torthaí*

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide maidir le "Fís 2020" a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta cumarsáide maidir le tionscadail agus le torthaí tacaithe. Rannchuideoidh an buiséad atá leithdháilte ar an gcumarsáid faoi "Fís 2020" freisin le cumarsáid chorparáideach a dhéanamh maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, ar an gcoinníoll go mbaineann siad le cuspóir ginearálta an Rialacháin seo.

Beidh gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh agus chun gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh ina dtasc ríthábhachtach faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi "Fís 2020".

Ina theannta sin, tacófar leis na gníomhaíochtaí sonracha seo:

(a) tionscnaimh atá dírithe ar an bpobal a chur ar an eolas maidir le cistiú a fháil faoi "Fís 2020" agus rochtain ar an gcistiú sin a éascú, go háirithe i gcás na réigiún sin nó na gcineálacha sin rannpháirtithe a bhíonn faoi ghannionadaíocht;

(b) sainchúnamh a thabhairt do thionscadail agus do chuibhreannais chun rochtain a thabhairt dóibh ar na scileanna is gá chun torthaí a chur in iúl agus a scaipeadh ar an mbealach is fearr;

(c) gníomhaíochtaí a thugann le chéile torthaí ó raon tionscadal, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfaí a mhaoiniú ó fhoinsí eile, chun bunachair shonraí áisiúla agus tuarascálacha ina ndéantar achoimre ar na torthaí is tábhachtaí a chur ar fáil;

(d) torthaí a scaipeadh do lucht ceaptha beartas, lena n-áirítear comhlachtaí um chaighdeánú, chun na comhlachtaí iomchuí a spreagadh chun úsáid a bhaint as na torthaí a bhaineann le beartas ar leibhéil idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus an Aontais féin;

(e) tionscnaimh chun idirphlé agus díospóireacht leis an bpobal a chothú faoi chúrsaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta, agus chun leas a bhaint as na meáin shóisialta agus as teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí eile atá nuálach;

# CAIBIDIL III
# RIALÚ

*Airteagal 23*
*Rialú agus iniúchadh*

1. An córas rialaithe a bhunófar chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ceapfar é chun urrús réasúnach a thabhairt go ndéanfar bainistíocht leormhaith ar na rioscaí a bhaineann le héifeacht agus le héifeachtúlacht na n-oibríochtaí, agus ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht na n-idirbheart is bun leo freisin, agus cuirfear san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéantar na cláir, chomh maith leis na cineálacha íocaíochtaí lena mbaineann.

2. Áiritheofar leis an gcóras rialaithe go mbeidh cothromaíocht iomchuí idir iontaobhas agus rialú, agus cuirfear san áireamh costais riaracháin agus costais eile ar gach leibhéal, ionas go mbainfear amach cuspóirí "Fís 2020" agus go meallfar chuige na taighdeoirí is fearr agus na fiontair is nuálaí.

3. Mar chuid den chóras rialaithe, déanfar an straitéis iniúchóireachta le haghaidh caiteachais ar ghníomhaíochtaí indíreacha faoi "Fís 2020" a bhunú ar iniúchadh airgeadais arna dhéanamh ar shampla ionadaíoch den chaiteachas thar an gcreatchlár ar fad. Comhlánófar an sampla ionadaíoch seo le rogha a bhunófar ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gcaiteachas.

Déanfar iniúchtaí ar an gcaiteachas ar ghníomhaíochtaí indíreacha arna ndéanamh faoi "Fís 2020" ar bhealach comhtháite agus i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta d'fhonn dualgas na hiniúchóireachta a dhéanamh níos éasca do na rannpháirtithe.

*Airteagal 24*
*Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

1. Agus gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialacháin seo á gcur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, lena n-áirítear na bearta seo a leanas: bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éilliú nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile; seiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, na méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil; agus,

nuair is iomchuí, pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus díspreagthach a ghearradh.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a chuid ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí ar bhonn doiciméad agus seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, agus beidh feidhm ag an gcumhacht sin ar gach tairbhí deontais, conraitheoir, fochonraitheoir agus tríú páirtí eile a bhfuil cistí faighte acu ón Aontas faoi “Fís 2020”.

Gan dochar do mhír 3, féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh suas le ceithre bliana i ndiaidh na híocaíochta deiridh.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán ón gComhairle (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[20] d’fhonn a fháil amach an ndearnadh aon chalaois, éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le comhaontú deontais nó le cinneadh faoi dheontas nó le conradh maidir le cistiú a fháil ón Aontas.

4. Gan dochar do mhír 1 ná do mhír 2 ná do mhír 3, trí bhíthin comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus trí bhíthin comhaontuithe deontais agus cinntí deontais agus conarthaí a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, tabharfar cead go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF a leithéid d’iniúchtaí, de sheiceálacha ar an láthair agus de chigireachtaí a dhéanamh.

# CAIBIDIL IV
# FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

*Airteagal 25*
*Faireachán*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán bliantúil ar chur chun feidhme “Fís 2020”, ar an gclár sonrach a ghabhann léi agus ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Áireofar leis sin faisnéis faoi ábhair thrasnaí amhail inbhuaine agus an t-athrú aeráide, lena n-áirítear faisnéis faoin méid caiteachais a bhaineann le cúrsaí aeráide.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar thorthaí an fhaireacháin sin agus scaipfidh sé na torthaí sin.

[20] IO L 292, 15.11.1996, lch 2.

*Airteagal 26*
*Meastóireacht*

1. Déanfar na meastóireachtaí ar bhealach sách tráthúil chun fónamh don phróiseas cinnteoireachta.

(a) Tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2017, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha, athbhreithniú ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. De dhroim an athbhreithnithe sin, cuirfear ar fáil an dara leithdháileadh cistí ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht mar atá leagtha amach in Airteagal 6(3). San athbhreithniú, déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) an leibhéal ídithe a dhéantar ar an gcéad leithdháileadh cistí atá leagtha amach in Airteagal 6(3), áit a ndéantar idirdhealú idir an méid airgid a chaithfear leis an gcéad bhabhta de na Pobail Eolais agus Nuálaíochta agus éifeacht an airgid shíl le haghaidh na dara céime; agus cumas na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht chun cistí a mhealladh ó na comhpháirtithe sna Pobail Eolais agus Nuálaíochta agus ón earnáil phríobháideach, faoi mar atá leagtha amach i Rialachán XX/2012 [Rialachán EIT arna athbhreithniú];

(ii) an t-uainiú comhaontaithe chun an tríú babhta de Phobail Eolais agus Nuálaíochta a chruthú, agus na riachtanais airgeadais a mheastar a bheith ar na cinn atá ann cheana féin de réir a bhforbartha sonraí féin; agus

(iii) an méid atá déanta ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus ag na Pobail Eolais agus Nuálaíochta ar son na tosaíochta chun dúshláin shochaíocha a réiteach agus ar son an chuspóra shonraigh maidir leis an "gceannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha" sa chlár "Fís 2020".

(b) Tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2017, agus tar éis a chur san áireamh an mheastóireacht ex-post ar an Seachtú Creatchlár atá le críochnú faoi dheireadh na bliana 2015 agus an t-athbhreithniú ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha, meastóireacht eatramhach ar "Fís 2020", ar an gclár sonrach a ghabhann léi, lena n-áirítear an Chomhairle Eorpach um Thaighde, agus ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, ar mhórghníomhartha (ar leibhéal na dtorthaí agus an dul chun cinn a bheidh déanta i dtreo tionchair a imirt) chuspóirí "Fís 2020" agus ar ábharthacht leanúnach na mbeart uile, agus ar éifeachtúlacht agus ar úsáid na n-acmhainní, ar an raon feidhme a bheidh ann chun a thuilleadh simplithe a dhéanamh, agus ar bhreisluach an Aontais. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht sin freisin gnéithe a bhaineann le deiseanna cistiúcháin a chur ar fáil do rannpháirtithe i ngach réigiún, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don chothromaíocht inscne a chur chun cinn. Sa bhreis air sin, cuirfear san áireamh sa mheastóireacht an méid arna déanamh leis na bearta ar son thosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus

uilechuimsitheach a bhaint amach agus maidir leis na torthaí ar thionchar fadtéarmach na mbeart réamhtheachtach.

(c) Tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2023, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha, meastóireacht ex-post ar "Fís 2020", ar an gclár sonrach a ghabhann léi agus ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Cumhdófar leis sin an réasúnaíocht is bun le "Fís 2020", an chaoi a chuirfear chun feidhme í agus na mórghníomhartha a dhéanfar lena linn, chomh maith le tionchair fhadtéarmacha na mbeart agus a inbhuaine a bheidh siad, chun fónamh do chinneadh a dhéanamh maidir le beart ina dhiaidh sin a athnuachan, a athrú nó a chur ar fionraí.

2. Trí bhíthin na dtáscairí feidhmíochta le haghaidh na gcuspóirí ginearálta agus le haghaidh na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, faoi mar atá leagtha amach sa réamhrá le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus trí bhíthin na gcuspóirí sonracha faoi mar atá bunaithe sa chlár sonrach, lena n-áirítear na bonnlínte iomchuí, socrófar na coinníollacha is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a mbeifear ag tabhairt faoi chuspóirí "Fís 2020" a bhaint amach.

3. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí agus an fhaisnéis is gá chun gur féidir faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann.

4. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún torthaí na meastóireachtaí sin ar "Fís 2020", chomh maith lena chuid barúlacha féin.

# TEIDEAL III

# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 27*
*Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha*

1. Déantar aisghairm ar Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Mar sin féin, beidh aon ghníomhaíochtaí arna dtionscnamh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus aon oibleagáidí airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin faoi réir an Chinnidh sin go dtí go gcuirfear i gcrích iad.

3. D’fhéadfadh go gcumhdófaí leis an leithdháileadh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 na costais a bhaineann le cúnamh teicneolaíochta agus riaracháin a theastaíonn chun an t-aistriú idir an clár seo agus na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE a áirithiú.

*Airteagal 28*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30.11.2011

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN I**
**Treoirlínte do na cuspóirí sonracha agus do na gníomhaíochtaí**

Tá sé mar chuspóir ginearálta ag "Fís 2020" geilleagar a bheidh bunaithe ar an eolas agus ar an nuálaíocht a thógáil ar fud an Aontais ar fad, agus cur leis an bhforbairt inbhuanaithe freisin. Tacóidh sí leis an straitéis Eoraip 2020 agus le beartais eile de chuid an Aontais freisin, chomh maith leis an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú.

Is iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta chun an dul chun cinn a mheasúnú i gcoinne an chuspóra ginearálta sin:

– sprioc Eoraip 2020 maidir le taighde agus le forbairt (3% den olltáirgeacht intíre);

– príomhtháscaire Eoraip 2020 maidir le nuálaíocht.

Rachfar i mbun an chuspóra ginearálta seo trí bhíthin trí cinn de thosaíochtaí atá éagsúil lena chéile ach, san am céanna, a threisíonn a chéile, agus beidh tacar cuspóirí sonracha mar chuid de gach ceann de na tosaíochtaí sin. Cuirfear chun feidhme iad ar bhealach leanúnach d'fhonn caidreamh a chothú idir na cuspóirí sonracha difriúla, d'fhonn dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus d'fhonn a gcomhthionchar a threisiú.

Rannchuideoidh an tAirmheán Comhphháirteach Taighde le cuspóir ginearálta agus le tosaíochtaí "Fís 2020" a bhaint amach, agus beidh sé mar chuspóir sonrach aige tacaíocht eolaíochta agus teicneolaíochta atá dírithe ar chustaiméirí a thabhairt do bheartais an Aontais.

Rannchuideoidh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht le cuspóir ginearálta agus le tosaíochtaí "Fís 2020" a bhaint amach, agus beidh sé mar chuspóir sonrach aici triantán an eolais - an taighde, an nuálaíocht agus an t-oideachas - a chomhtháthú ina chéile. Is iad seo a leanas na táscairí chun feidhmíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht a mheasúnú:

– eagraíochtaí ó ollscoileanna, ón earnáil ghnó agus ó earnáil an taighde atá comhtháite sna Pobail Eolais agus Nuálaíochta;

– comhoibriú laistigh de thriantán an eolais d'fhonn táirgí agus próisis nuálacha a fhorbairt.

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na treoirlínte do na cuspóirí sonracha agus do na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 5(2), (3) agus (4).

### CUID I. TOSAÍOCHT 'EOLAÍOCHT DEN SCOTH'

Is éard is aidhm leis an gCuid seo bonn eolaíochta an Aontais a threisiú agus a leathnú agus an Limistéar Eorpach Taighde a dhaingniú d'fhonn córas taighde agus nuálaíochta an Aontais a dhéanamh níos iomaíche ar fud an domhain. Tá na ceithre chuspóir shonracha seo a leanas inti:

(a) Trí bhíthin na *Comhairle Eorpaí um Thaighde*, soláthrófar cistiú tarraingteach agus solúbtha chun cur ar chumas taighdeoirí tréitheacha cruthaitheacha, agus dá bhfoirne, dul i mbun oibre ar na gnéithe is fearr gealladh agus is nua-aimseartha den eolaíocht, ar bhonn iomaíochta ar fud an Aontais.

(b) Trí bhíthin *teicneolaíochtaí sa todhchaí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn*, tabharfar tacaíocht don chomhoibriú sa taighde d'fhonn feabhas a chur ar chumas na hEorpa nuálaíocht cheannródaíoch, réabhlóideach a bhaint amach. Cothófar leo an comhoibriú eolaíochta idir disciplíní éagsúla ar smaointe úrnua, ardriosca, agus cuirfear dlús leis an bhforbairt ar na réimsí úra sin den eolaíocht agus den teicneolaíocht is fearr gealladh, chomh maith leis an struchtúrú ar na comhphobail eolaíochta a fhreagraíonn do na réimsí sin ar fud an Aontais.

(c) Trí bhíthin *ghníomhaíochtaí Marie Curie*, soláthrófar oiliúint nuálach den scoth ar an taighde, chomh maith le deiseanna tarraingteacha chun dul chun cinn a dhéanamh sa ghairm agus chun eolas a mhalartú, trí bhíthin shoghluaisteacht na dtaighdeoirí thar theorainneacha agus idir na hearnálacha d'fhonn iad a ullmhú chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha reatha agus leis na dúshláin amach anseo.

(d) Trí bhíthin an *bhonneagair taighde*, forbrófar an bonneagar Eorpach taighde don bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin, cothófar a gcumas chun nuálaíochta agus a gcaipiteal daonna, agus comhlánófar iad sin leis an mbeartas de chuid an Aontais lena mbaineann siad agus leis an gcomhar idirnáisiúnta.

Léiríodh cheana go bhfuil breisluach ard orthu sin go léir don Aontas. Arna nglacadh le chéile, is tacar cumhachtach, cothromúil de ghníomhaíochtaí iad agus, arna gcomhdhéanamh le gníomhaíochtaí eile ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, téann siad i ngleic leis an réimse iomlán riachtanais atá ag an Eoraip maidir leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht cheannródaíoch. Trí bhíthin iad a thabhairt le chéile in aon chlár amháin, beifear in ann iad a fheidhmiú ar bhealach níos comhchuí, cuíchóirithe, simplithe agus níos dírithe agus, san am céanna, an leanúnachas atá chomh tábhachtach sin dá n-éifeacht a choinneáil ar bun.

Is de nádúr na ngníomhaíochtaí a bheith dírithe ar an am atá amach romhainn, iad ag cothú scileanna san fhadtéarma, ag díriú ar an gcéad ghlúin eile den eolaíocht, den teicneolaíocht, de thaighdeoirí agus den nuálaíocht, agus ag tabhairt tacaíochta do dhaoine tréitheacha atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais ar fad, as tíortha comhlachaithe agus as an domhan mór féin. I bhfianaise é a bheith dírithe ar an eolaíocht agus a chuid socruithe cistiúcháin a bheith ón mbun aníos agus dírithe ar lucht imscrúdaithe, beidh ról tábhachtach ag comhphobal Eorpach na heolaíochta maidir le cinneadh a dhéanamh ar na réimsí taighde a dtabharfar fúthu faoin gclár.

## CUID II. TOSAÍOCHT 'CEANNAIREACHT THIONSCLAÍOCH'

Is éard is aidhm leis an gCuid seo dlús a chur leis an bhforbairt ar theicneolaíochtaí agus ar nuálaíochtaí a bheidh mar thaca agus mar bhonn ag gnólachtaí sa todhchaí, agus cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide san Eoraip a bheith ina gcuideachtaí ceannródaíocha sa domhan mór. Tá na trí chuspóir shonracha seo a leanas inti:

(a) Trí bhíthin na *ceannaireachta i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha*, cuirfear ar fáil tacaíocht don taighde, don fhorbairt agus do thaispeántais ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ar nanaitheicneolaíocht, ar ábhair shárfhorbartha, ar an mbiteicneolaíocht, ar an ardmhonaraíocht agus ar an ardphróiseáil, agus ar chúrsaí spáis. Leagfar béim ar an gcaidreamh agus ar an gcóineasú ar fud na dteicneolaíochtaí difriúla agus eatarthu freisin.

(b) Is éard is aidhm leis an *rochtain ar mhaoiniú riosca* sárú a dhéanamh ar easnaimh ar infhaighteacht fiachais agus ar mhaoiniú cothromais le haghaidh cuideachtaí agus tionscadal atá dírithe ar an taighde, ar an bhforbairt nó ar an nuálaíocht i ngach céim dá bhforbairt. In éineacht le hionstraim chothromais an Chláir le haghaidh Iomaíochas na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, tabharfaidh sé tacaíocht don fhorbairt ar chaipiteal riosca ar leibhéal an Aontais.

(c) Trí bhíthin *na nuálaíochta i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide*, spreagfar gach cineál nuálaíochta i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, agus díreofar orthu siúd a bhfuil sé de chumas acu fás a dhéanamh agus a bheith ina gcuideachtaí idirnáisiúnta sa mhargadh aonair agus thairis sin.

Déanfar na gníomhaíochtaí de réir clár oibre atá dírithe ar ghnó. Feidhmeoidh na buiséid le haghaidh na gcuspóirí sonracha ‘Rochtain ar mhaoiniú riosca’ agus ‘An nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide’ de réir loighce atá dírithe ar an éileamh, ón mbun aníos, gan aon tosaíochtaí réamhchinntithe a dhéanamh. Comhlánófar iad sin trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais agus as ionstraim atá tiomnaithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir loighce atá dírithe ar bheartais faoi chuimsiú na Coda ar ‘Dhúshláin shochaíocha’ agus an chuspóra shonraigh ‘An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha’.

Beidh cur chuige comhtháite i bhfeidhm i “Fís 2020” maidir le rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide, rud a fhágann go bhféadfadh go dtabharfaí d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide thart ar 15% d’iomlán na mbuiséad, arna nglacadh le chéile, le haghaidh na gcuspóirí sonracha go léir maidir le dúshláin shochaíocha agus leis an gcuspóir sonrach ‘An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha’.

Sa chuspóir sonrach ‘An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha’, leanfar cur chuige atá dírithe ar an teicneolaíocht chun forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí cumasúcháin a d’fhéadfaí a úsáid i roinnt réimsí, tionscal agus seirbhísí. Na teicneolaíochtaí sin a rachaidh i ngleic le dúshláin shochaíocha, tacófar le hiad a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na dúshláin shochaíocha féin.

## CUID III. TOSAÍOCHT ‘DÚSHLÁIN SHOCHAÍOCHA’

Freagraíonn an Chuid seo go díreach do thosaíochtaí an bheartais agus do na dúshláin shochaíocha atá aitheanta sa straitéis Eoraip 2020, agus is éard is aidhm léi an mhais chriticiúil is gá chun spriocanna an Aontais maidir lena bheartas ar thaighde agus ar iarrachtaí ar nuálaíocht a dhéanamh a spreagadh. Díreofar an cistiú ar na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an dea-bhail;

(b) Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar;

(c) Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil;

(d) Iompar atá cliste, glas agus comhtháite;

(e) Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair;

(f) Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána.

Beidh cur chuige atá dírithe ar na dúshláin sin i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí ar fad, agus díreofar go háirithe ar thosaíochtaí beartais gan réamhchinneadh a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí nó ar na réitigh ba cheart a fhorbairt. Leagfar béim ar mhais chriticiúil d'acmhainní agus d'eolas a thabhairt le chéile ó réimsí, ó theicneolaíochtaí agus ó dhisciplíní éagsúla eolaíochta d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin. Cumhdófar leis na gníomhaíochtaí an próiseas ar fad ón taighde go dtí an margadh, agus leagfar béim úr ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an nuálaíocht, amhail scéimeanna píolótacha, taispeántais, trialacha sábháilte, tacaíocht don soláthar poiblí, ceapadh, nuálaíocht atá dírithe ar na húsáideoirí deiridh, an nuálaíocht shóisialta, agus an chaoi a nglacann an margadh le nuálaíochtaí.

Beidh na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí ina ndlúthchuid de na gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin ar fad. Ina theannta sin, tacófar leis an bhforbairt a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag na disciplíní sin faoin gcuspóir sonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána'. Díreofar an tacaíocht freisin ar bhonn láidir fianaise a chur ar fáil chun beartas a cheapadh ar leibhéil idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha, agus an Aontais féin. Toisc gur dúshláin dhomhanda atá i gcuid mhaith de na dúshláin, beidh an comhar straitéiseach le tríú tíortha ina dhlúthchuid de gach dúshlán. Ina theannta sin, cuirfear ar fáil tacaíocht thrasnaí don chomhar idirnáisiúnta faoin gcuspóir sonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána'.

Áirítear leis an gcuspóir sonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána' freisin gníomhaíocht chun an bhearna idir an taighde agus an nuálaíocht a dhúnadh, agus tá bearta sonracha ann chun ardchaighdeáin a spreagadh sna réigiúin bheagfhorbartha den Aontas.

Beidh gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ina ndlúthchuid de "Fís 2020" d'fhonn tacaíocht stóinsithe atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do bheartais an Aontais. Díreofar iad sin ar riachtanais na gcustaiméirí, agus comhlánófar iad le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an am atá amach romhainn.

Beidh ról tábhachtach ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht trí bhíthin taighde, oideachas agus nuálaíocht den scoth a thabhairt le chéile, rud a dhéanfaidh triantán an eolais a chomhtháthú. Déanfaidh an EIT sin go príomha trí bhíthin na bPobal Eolais agus Nuálaíochta (PENanna). Ina theannta sin, áiritheoidh sé go roinnfear an taithí ar phobail lasmuigh de na PENanna féin trí bhíthin na torthaí a scaipeadh ar spriocphobail agus bearta a dhéanamh chun an t-eolas a roinnt, rud a fhágann go nglacfar níos sciobtha leis na samhlacha nuálaíochta ar fud an Aontais ar fad.

# CUID I
# EOLAÍOCHT DEN SCOTH

## 1. AN CHOMHAIRLE EORPACH UM THAIGHDE

### 1.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach feabhas, fuinneamh agus cruthaitheacht an taighde Eorpaigh a threisiú.**

Tá uaillmhian leagtha amach ag an Eoraip chun glacadh le samhail eacnamaíoch úr bunaithe ar an bhfás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Beidh níos mó ná feabhsuithe beaga ar na teicneolaíochtaí reatha ag teastáil chun a leithéid sin d’athrú a chur i bhfeidhm. Is éard a theastóidh cumas i bhfad níos fearr chun na nuálaíochta atá bunaithe ar an eolaíocht, agus í sin ag eascairt as an eolas is réabhlóidí amuigh, sa chaoi is go bhféadfaidh an Eoraip a bheith ina ceannaire agus í ag cruthú na n-ábhar teicneolaíochta is ceannródaíche a stiúrfaidh fás na táirgiúlachta, iomaíochas, rachmas agus dul chun cinn sóisialta sa todhchaí. Go dtí seo, is nós lena leithéid de mhórathruithe eascairt ón mbonn eolaíochta san earnáil phoiblí sula leantar ar aghaidh chun an dúshraith a leagan le haghaidh tionscal agus earnálacha úrnua.

Tá dlúthcheangal idir an nuálaíocht is tábhachtaí ar domhan agus an eolaíocht den scoth. Cé go raibh sí chun tosaigh tráth dá raibh, tá an Eoraip chun deiridh anois agus í ag iarraidh an obair is fearr agus is úire a dhéanamh san eolaíocht; ón dara cogadh domhanda i leith, tá sí ina tánaiste ag Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le dul chun cinn mór a dhéanamh sa teicneolaíocht. In ainneoin gurb é an tAontas a fhoilsíonn an líon is mó foilseacháin eolaíochta ar domhan go fóill, foilsíonn Stáit Aontaithe Mheiriceá dhá oiread na ndoiciméad is tábhachtaí (an chéad 1% díobh, de réir líon na n-uaireanta a luaitear iad). Ar an mbonn céanna leis sin, léiríonn rangú idirnáisiúnta na n-ollscoileanna gurb iad ollscoileanna SAM atá in uachtar. Chomh maith leis sin, bhí 70% de bhuaiteoirí dhuais Nobel go dtí seo lonnaithe i SAM.

Seo gné amháin den dúshlán: cé go n-infheistíonn an Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá thart ar an oiread céanna airgid ina mboinn eolaíochta, tá beagnach trí oiread líon na dtaighdeoirí ag obair san earnáil phoiblí san Aontas ná mar atá i SAM, rud a fhágann go bhfaigheann taighdeoirí i bhfad níos lú infheistíochta, ar an meán, san Eoraip. Ina theannta sin, bíonn SAM níos cúramaí agus acmhainní á leithdháileadh ar na taighdeoirí is fearr. Sin ceann de na fáthanna nach mbíonn taighdeoirí an Aontais a oibríonn san earnáil phoiblí, ar an meán, chomh rathúil céanna lena gcomhthaighdeoirí i SAM, agus nach mbíonn an comhthionchar céanna ag a gcuid oibre ar an eolaíocht, in ainneoin gur líonmhaire go mór taighdeoirí an Aontais.

Gné eile den dúshlán nach leor na dálaí oibre a chuirtear ar fáil san earnáil phoiblí i gcuid mhaith de thíortha na hEorpa chun na taighdeoirí is fearr a mhealladh. Is minic a thógann sé cuid mhaith blianta sula n-éiríonn le taighdeoirí óga tréitheacha a bheith ina n-eolaithe neamhspleácha ina gceart féin. Fágann sin go gcuirtear amú cumas na hEorpa sa taighde trí bhíthin moill a chur ar theacht chun cinn na chéad ghlúine eile de thaighdeoirí a mbíonn smaointe úra acu agus fuinneamh iontu, é sin nó trí bhíthin taighdeoirí den scoth a mhealladh chun tús a chur lena ngairm san Eoraip agus ansin ardú céime a lorg in áit eile.

Ina theannta sin, fágann na nithe sin ar fad go ndéantar an Eoraip níos neamhtharraingtí fós san iomaíocht dhomhanda le haghaidh eolaithe tréitheacha a mhealladh. Trí bhíthin níos mó acmhainní a chur ar fáil do gach taighdeoir agus trí bhíthin ionchais ghairme níos fearr a thairiscint, tá córas SAM in ann na taighdeoirí is fearr ó gach cearn den domhan a mhealladh i gcónaí, lena n-áirítear na mílte ón Aontas.

### 1.2 Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Cruthaíodh an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) chun a chur ar fáil do na taighdeoirí is fearr san Eoraip, idir fhir agus mhná, na hacmhainní a theastaíonn uathu chun dul in iomaíocht ar leibhéal domhanda, agus déantar sin trí bhíthin foirne aonair a mhaoiniú ar bhonn iomaíochta ar fud na hEorpa. Feidhmíonn sí ar bhonn féinrialach: is Comhairle neamhspleách Eolaíochta ina mbíonn eolaithe, innealtóirí agus scoláirí a bhfuil ardcháil agus saineolas bainte amach acu a bhunaíonn an straitéis ghinearálta i leith na heolaíochta, agus is aici atá údarás iomlán ar chinntí a dhéantar faoin gcineál taighde a mhaoinítear. Is gnéithe bunúsacha den ERC iad sin, agus tugann siad ráthaíocht go mbíonn an clár eolaíochta éifeachtach, go mbíonn na hoibríochtaí agus an próiseas athbhreithnithe piaraí ar ardchaighdeán, agus go mbíonn cáil mhaith uirthi i measc phobal na heolaíochta.

Agus é ag feidhmiú ar fud na hEorpa ar bhonn iomaíoch, tá an ERC in ann tarraingt ar thacar de dhaoine tréitheacha agus de smaointe is leithne ná mar a bheadh ar fáil faoi aon scéim náisiúnta. Bíonn na taighdeoirí is fearr agus na smaointe is fearr in iomaíocht le chéile. Tuigeann na hiarratasóirí go mbíonn orthu obair sármhaith a dhéanamh, agus is éard a fhaigheann siad i gcomaoin air sin cistiú solúbtha ar mhachaire réidh, gan spleáchas d'fhadhbanna áitiúla ná do chistiú náisiúnta a bheith ar fáil.

Mar sin bítear ag súil le go mbeidh tionchar substaintiúil díreach ag an taighde ceannródaíoch a fhaigheann cistiú ón gComhairle Eorpach um Thaighde, go ndéanfaidh sé dul chun cinn san eolas is ceannródaíche, go réiteoidh sé an bealach le haghaidh torthaí úra agus torthaí gan choinne san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, agus le haghaidh réimsí úra den taighde a fhéadfaidh, faoi dheoidh, na smaointe úrnua a stiúrfaidh an nuálaíocht agus an airgtheacht sa ghnóthas agus a rachaidh i ngleic le dúshláin shochaíocha a ghiniúint. Tá an teaglaim sin d'eolaithe aonair den scoth agus smaointe nuálacha mar bhonn agus mar thaca ag gach céim den slabhra nuálaíochta.

Thairis sin, imríonn an ERC tionchar struchtúrach mór trí bhíthin feabhsúcháin ar chaighdeán an chórais Eorpaigh taighde ina iomláine a spreagadh go mór, de bhreis ar na taighdeoirí agus ar na tionscadail a mhaoiníonn an ERC go díreach. Déanann tionscadail agus taighdeoirí a fhaigheann cistiú ón ERC sprioc shoiléir, uaillmhianach a leagan síos le haghaidh an taighde cheannródaíoch san Eoraip, ardaíonn siad a phróifíl, agus déanann siad níos tarraingtí é do na taighdeoirí is fearr ar fud an domhain. Toisc ardghradam a bheith ag roinnt leo siúd a fhaigheann deontais ón ERC agus an 'stampa feabhais' a ghabhann leis sin, tá an iomaíocht ag éirí níos géire idir ollscoileanna na hEorpa agus eagraíochtaí eile taighde chun na dálaí oibre is tarraingtí a thairiscint do na taighdeoirí is fearr. Agus maidir le cumas na gcóras náisiúnta agus na n-institiúidí aonair taighde chun lucht buaite deontas ón ERC a mhealladh agus a óstáil, tá sé sin ina thagarmharc ar féidir é a úsáid chun a gcuid láidreachtaí agus laigí a mheasúnú agus chun a gcuid beartas agus cleachtas a athchóiriú dá réir sin. Dá bhrí sin tá an cistiú ón ERC de bhreis ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun ar leibhéil an Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha chun an córas taighde Eorpach a athchóiriú, a chumas a dhéanamh níos mó, na féidearthachtaí is d'inneach de a bhaint amach, agus é a dhéanamh níos tarraingtí.

## 1.3 Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

Is éard a bheidh i ngníomhaíocht bhunúsach an ERC cistiú tarraingteach fadtéarmach a chur ar fáil chun tacú le taighdeoirí den scoth agus lena bhfoirne taighde agus iad i mbun taighde cheannródaíoch, ardghnóthachain/ardriosca.

Bronnfar cistiú ón ERC i gcomhréir leis na prionsabail seanbhunaithe seo a leanas: Is é an barr feabhais san eolaíocht an t-aon chritéar amháin a mheasfar agus deontais ón ERC á mbronnadh. Feidhmeoidh an ERC ar bhonn 'ón mbun aníos' gan aon tosaíochtaí réamhchinntithe a dhéanamh. Beidh deontais ón ERC ar fáil d'fhoirne aonair taighdeoirí, is cuma cén aois iad nó cé as dóibh, a oibríonn san Eoraip. Agus féachfaidh an ERC le hiomaíocht shláintiúil a chothú ar fud na hEorpa.

Déanfaidh an ERC tosaíocht ar leith de chúnamh a thabhairt do thaighdeoirí den scoth atá ag tosú ar an obair neamhspleách den chéaduair, agus déanfar sin trí bhíthin tacaíocht leormhaith a thabhairt dóibh ag an gcéim thábhachtach sin agus iad ag bunú nó ag comhdhlúthú a bhfoirne taighde féin nó a gclár taighde féin.

Tabharfaidh an ERC tacaíocht freisin, faoi mar is gá, do bhealaí úra oibre san eolaíocht a d'fhéadfadh torthaí ceannródaíoch a chruthú, agus éascaíonn sé fionnachtain a dhéanamh ar an gcumas atá sa taighde a mhaoiníonn sí chun nuálaíocht tráchtála agus sóisialta a bhaint amach.

Faoin mbliain 2020, féachfaidh an ERC leis na nithe seo a leanas a léiriú: go bhfuil na taighdeoirí is fearr ag glacadh páirte i gcomórtais an ERC, go n-eascraíonn go díreach as an gcistiú a thugann an ERC uaidh foilseacháin eolaíochta den chaighdeán is airde chomh maith le teicneolaíochtaí agus smaointe nuálacha a thráchtálú agus a chur i bhfeidhm, agus go bhfuil méid mór déanta ag an ERC chun an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí mar ionad do na heolaithe is fearr ar domhan. Beidh sé mar sprioc ag an ERC go háirithe feabhsú intomhaiste a bhaint amach i líon na bhfoilseachán de chuid an Aontais a áirítear sa chéad 1% d'fhoilseacháin is minice luaite ar domhan. Chomh maith leis sin, féachfaidh sé le méadú substaintiúil a chur ar líon na dtaighdeoirí den scoth nach as an Eoraip dóibh a dtugann sé cistiú dóibh, agus le feabhsuithe sonracha a bhaint amach sna cleachtais institiúideacha agus sna beartais náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt do na taighdeoirí is fearr.

Déanfaidh Comhairle Eolaíochta an ERC faireachán leanúnach ar oibríochtaí an ERC agus measfaidh siad cén bealach is fearr lena chuid cuspóirí a bhaint amach trí bhíthin scéimeanna deontas a reáchtáil ina leagfar béim ar an tsoiléireacht, ar an gcobhsaíocht agus ar an tsimplíocht do na hiarratasóirí féin agus don chaoi a dhéanfar na scéimeanna a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú agus, de réir mar is gá, le dul i ngleic le riachtanais úra. An córas athbhreithnithe piaraí atá ag an ERC, atá bunaithe ar láimhseáil thrédhearcach, chothrom agus neamhchlaonta a dhéanamh ar na tograí ionas gur féidir taighdeoirí eolaíochta atá sármhaith, ceannródaíoch agus tréitheach a shainaithint beag beann ar inscne, ar náisiúntacht nó ar aois an taighdeora, féachfar lena choinneáil ar bun agus lena dhéanamh níos fearr fós. Ar deireadh, leanfaidh an ERC de bheith ag déanamh a chuid staidéar straitéiseach féin chun ullmhú dá chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun tacú leo, chun leanúint de bheith i dteagmháil dhlúth le pobal na heolaíochta agus le páirtithe leasmhara eile, agus chun féachaint lena chuid gníomhaíochtaí a chomhlánú leis an taighde atá ar bun ar leibhéil eile.

## 2. TEICNEOLAÍOCHTAÍ SA TODHCHAÍ AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

### 2.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach teicneolaíochtaí úrnua a chothú trí bhíthin fionnachtain a dhéanamh ar smaointe núíosacha agus ardriosca a thógann ar bhunúis eolaíocha. Trí bhíthin tacaíocht sholúbtha a thabhairt don taighde comhoibritheach atá dírithe ar spriocanna a bhaint amach agus atá idirdhisciplíneach ar scálaí éagsúla, agus trí bhíthin cleachtais nuálacha taighde a ghlacadh, tá sé mar aidhm deiseanna chun leas fadtéarmach na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí a dhéanamh a shainaithint agus a thapú.**

Trí bhíthin Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn, cuirfear chun cinn taighde ar ábhair nach dtuigtear, nach nglactar leo nó nach n-úsáidtear, agus cothófar an smaointeoireacht núíosach fhadbhreathnaitheach chun teacht ar bhealaí rathúla le teicneolaíochtaí cumhachtacha nua a fhorbairt, agus d'fhéadfadh cuid acu sin a bheith ar na paraidímí teicneolaíochta agus intleachtúla is tábhachtaí sna blianta atá amach romhainn. Trí bhíthin Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn, cothófar iarrachtaí ar thaighde ar mhionscála a dhéanamh i ngach réimse, lena n-áirítear téamaí atá ag teacht chun cinn agus mórdhúshláin eolaíochta agus teicneolaíochta ar gá cónascadh agus comhar a dhéanamh idir cláir ar fud na hEorpa agus lasmuigh di chun tabhairt fúthu. Beidh an cur chuige sin dírithe ar bharr feabhais a bhaint amach agus cumhdófar leis na nithe seo a leanas: fionnachtain a dhéanamh ar smaointe réamhiomaíochta chun an teicneolaíocht is tábhachtaí sa todhchaí a shocrú; cur ar a cumas don tsochaí leas a bhaint as an gcomhoibriú ar thaighde ildisciplíneach ar gá dul ina bhun ar leibhéal Eorpach trí bhíthin ceangal a dhéanamh idir an taighde atá dírithe ar an eolaíocht agus an taighde atá dírithe ar dhúshláin shochaíocha nó ar an iomaíochas tionsclaíoch.

### 2.2 Réasúnaíocht agus Breisluach an Aontais

An obair cheannródaíoch a fhéadfaidh tionchar suntasach a imirt, is mó a bhraitheann sí ar an dian-chomhoibriú anois idir disciplíní san eolaíocht agus sa teicneolaíocht (mar shampla, faisnéis agus cumarsáid, bitheolaíocht, ceimic, eolaíochtaí um chóras an Domhain, eolaíocht na n-ábhar, eolaíochtaí an néarchórais agus na heolaíochtaí cognaíocha, na heolaíochtaí sóisialta nó an eacnamaíocht) agus na healaíona agus na daonnachtaí. Chuige sin, teastaíonn ní amháin barr feabhais san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, ach meonta nua agus idirghníomhaíochtaí núíosacha idir réimse leathan den lucht taighde.

Cé gur féidir smaointe áirithe a fhorbairt ar mhionscála, d'fhéadfadh smaointe eile a bheith chomh dúshlánach sin gur gá tabhairt fúthu ar bhonn cónasctha thar thréimhse shubstaintiúil ama. Tá sin aitheanta ag mórgheilleagair ar fud an domhain, agus tá an iomaíocht dhomhanda ag éirí níos géire chun deiseanna teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn san eolaíocht is ceannródaíche, agus a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an nuálaíocht agus ar leas na sochaí, a shainaithint agus a thapú. D'fhonn a bheith éifeachtach, ní mór a leithéid sin de ghníomhaíocht a fhorbairt go mear go mbeidh sí ar mhórscála, agus déantar sin trí bhíthin cónascadh a dhéanamh thar chláir ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, mar atá, mais chriticiúil a thógáil, sineirgí a chothú agus na hiarmhairtí giarála is fearr a bhaint amach.

Rachaidh an clár Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn i ngleic leis na réimse iomlán den nuálaíocht atá dírithe ar an eolaíocht: ó luathfhionnachtain ar mhionscála, ón mbun aníos, a dhéanamh ar smaointe atá i dtús fáis nó leochaileach; go dtí pobail úra taighde agus nuálaíochta a bhunú ar réimsí taighde mórthionchair atá ag teacht chun cinn, agus mórthionscnaimh thaighde chónasctha bunaithe ar chlár taighde arb éard is aidhm leis spriocanna uaillmhianacha fadbhreathnaitheacha a bhaint amach. Beidh a luach féin ag gach ceann de na trí leibhéal rannpháirtíochta sin, agus beidh siad ag comhlánú a chéile agus sineirgisteach. Mar shampla, trí bhíthin fionnachtain ar mhionscála a dhéanamh, d'fhéadfaí a léiriú gur gá forbairt a dhéanamh ar théamaí nua a bhféadfadh gníomhaíocht ar mhórscála bunaithe ar phleananna oibre eascairt astu. I measc na ndaoine a bhíonn páirteach iontu, tá réimse leathan den lucht taighde, lena n-áirítear taighdeoirí óga agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shaothraíonn an taighde go dian, agus pobail de pháirtithe leasmhara (an tsochaí shibhialta, lucht déanta beartas, taighdeoirí san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil phoiblí), iad go léir dírithe ar chláir thaighde a bhíonn ag fás, ag forbairt agus ag éirí níos éagsúla.

## 2.3 Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

Tá sé mar aidhm ag Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn a bheith fadbhreathnaitheach, éagsúil agus tionchar mór a imirt, agus is de réir ceithre chineál loighce a dhéanfar a chuid gníomhaíochtaí: ó cur chuige oscailte go dtí céimeanna éagsúla de struchtúir a chur ar ábhair, ar phobail agus ar chistiú.

Trí bhíthin na ngníomhaíochtaí treiseofar leis na cineálacha loighce a stiúrfaidh an ghníomhaíocht, ar an scála iomchuí, sainaithneofar agus tapófar deiseanna chun leas fadtéarmach na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí a dhéanamh:

(a) Trí bhíthin *smaointe núíosacha a chothú ('FET Open'*), tabharfar tacaíocht do thaighde eolaíochta agus teicneolaíochta atá i dtús fáis agus ina ndéantar fionnachtain ar bhunúis nua le haghaidh teicneolaíochtaí úrnua don todhchaí trí bhíthin paraidímí reatha a cheistiú agus réimsí úra a thaiscéaladh. Trí bhíthin próiseas roghnúcháin a fheidhmíonn ón mbun aníos agus atá oscailte do gach smaoineamh ar thaighde, cothófar réimse éagsúil de spriocthionscadail. Beidh sé an-tábhachtach réimsí, forbairtí agus treochtaí úra a shainaithint, chomh maith le lucht taighde agus nuálaíochta atá úr agus a bhfuil cumas mór acu a mhealladh.

(b) Trí bhíthin *pobail agus téamaí atá ag teacht chun cinn a chothú ('FET Proactive'),* rachaidh Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn i ngleic le roinnt téamaí fionnachtana taighde a bhfuil gealladh fúthu agus a d'fhéadfadh mais chriticiúil de thionscadail idirghaolmhara a ghiniúint, tionscadail a bheidh ina bhfionnachtain leathan ilghnéitheach ar na téamaí agus a thógfaidh stór eolais na hEorpa arna nglacadh le chéile.

(c) Trí bhíthin *tabhairt faoi mhórdhúshláin idirdhisciplíneacha a bhaineann leis an taighde agus leis an bhforbairt ('FET Flagships')*, tabharfaidh Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn tacaíocht do thaighde uaillmhianach atá ar mhórscála agus atá dírithe ar an eolaíocht agus é mar aidhm aige talamh úr a bhriseadh san eolaíocht. Trí bhíthin cláir oibre Eorpacha agus náisiúnta a chur ar chomhréim le chéile, déanfar leas na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart don dul chun cinn eolaíoch bunús láidir leathan a sholáthar don nuálaíocht sa todhchaí agus

don fheidhmiú eacnamaíoch i réimsí éagsúla, chomh maith le sochair núíosacha a thabhairt don tsochaí.

Saineofar an meascán ceart den oscailteacht agus de chéimeanna éagsúla de struchtúrú a dhéanamh ar ábhair, ar phobail agus ar chistiú le haghaidh gach gníomhaíochta d'fhonn dul i ngleic chomh maith is féidir leis na cuspóirí atáthar ag saothrú.

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ MARIE CURIE

### 3.1. Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach a áirithiú go ndéantar an fhorbairt is fearr is féidir ar chaipiteal intleachtúil na hEorpa agus go mbaintear úsáid dinimiciúil as d'fhonn scileanna nua agus an nuálaíocht a chothú agus, ar an gcaoi sin, chun a chumas iomlán a bhaint amach ar fud na n-earnálacha agus na réigiún ar fad.**

Is é an t-amhábhar is tábhachtaí chun an eolaíocht is fearr agus an nuálaíocht thaighde-bhunaithe is táirgiúla a bhaint amach taighdeoirí dinimiciúla, cruthaitheacha a bhfuil ardoiliúint orthu.

Cé go bhfuil réimse mór éagsúil d'acmhainní daonna san Eoraip chun taighde agus nuálaíocht a dhéanamh, ní mór é a athnuachan, a fheabhsú agus a oiriúnú go rialta do riachtanais mhargadh an tsaothair a bhíonn ag athrú go mear. Faoi láthair ní oibríonn ach 46% den réimse sin san earnáil ghnó, céatadán is ísle i bhfad ná mar atá ag príomhiomaitheoirí eacnamaíoch na hEorpa, e.g. 69% sa tSín, 73% sa tSeapáin agus 80% i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ina theannta sin, fágann cúrsaí déimeagrafacha go sroichfidh líon díréireach taighdeoirí aois scoir in imeacht an dornáin blianta atá romhainn. Beidh sé sin, chomh maith leis an ngá atá ann i bhfad níos mó poist taighde ar ardchaighdeán a chruthú fad is a éiríonn an geilleagar Eorpach níos géire, beidh siad ar na dúshláin is mó roimh chórais oideachais, taighde agus nuálaíochta na hEorpa sna blianta atá amach romhainn.

Ní mór tosú ar an athchóiriú is gá nuair a bhíonn taighdeoirí ag tosú amach ar a ngairm, is é sin, le linn a chuid staidéar dochtúireachta nó le linn oiliúint iarchéime atá inchomparáide leo sin. Ní mór don Eoraip scéimeanna oiliúna úrscothacha, nuálacha a fhorbairt, iad comhsheasmhach le riachtanais an taighde agus na nuálaíochta a bhíonn an-iomaíoch agus atá ag éirí níos idirdhisciplíní i gcónaí. Beidh gá le rannpháirtíocht gnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe socheacnamaíocha eile, chun na scileanna nuálaíochta a bheidh ag teastáil i bpoist sa todhchaí a thabhairt do thaighdeoirí. Beidh sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí sin, óir tá sí ar leibhéal ró-íseal faoi láthair: sa bhliain 2008, ní bhfuair ach 7% d'ábhair dhochtúra oiliúint i mBallstát eile, ach is é 20% an sprioc atá le baint amach faoin mbliain 2030.

Ní mór leanúint den athchóiriú sin le linn gach céime de ghairm na dtaighdeoirí. Is ríthábhachtach feabhas a chur ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar shoghluaisteacht na dtaighdeoirí sin atá i lár a ngairme, ní amháin idir tíortha ach idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach freisin. Spreagann sé sin an fhoghlaim agus scileanna nua a fhorbairt. Bíonn tionchar mór aige freisin ar an gcomhar a chothú idir an lucht acadúil, ionaid taighde agus earnáil na tionsclaíochta i dtíortha éagsúla. Is iad na daoine féin an ghné is tábhachtaí den chomhar inbhuanaithe a bhaint amach, agus is iad sin a stiúrfaidh an Eoraip agus í ag iarraidh a bheith nuálach, cruthaitheach agus ábalta ar dhul i

ngleic le dúshláin don tsochaí, agus beidh siad ríthábhachtach chun ilroinnt na mbeartas náisiúnta a réiteach. Chun go bhfillfidh an Eoraip ar fhás inbhuanaithe a bhaint amach agus dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, is gá an comhoibriú agus an t-eolas a roinnt trí bhíthin na soghluaisteachta aonair a sholáthar i ngach céim den ghairm agus trí bhíthin baill foirne taighde agus nuálaíochta a bhfuil ardoiliúint orthu a mhalartú.

Más mian leis an Eoraip a bheith ar aon chéim lena cuid iomaitheoirí sa taighde agus sa nuálaíocht, ní mór di níos mó ban agus fear óg a mhealladh chun dul i mbun gairmeacha sa taighde agus deiseanna agus ionaid tharraingteacha a chur ar fáil le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta. Ba cheart do na daoine is tréithí as an Eoraip agus as áiteanna eile breathnú ar an Eoraip mar áit iontach le hoibriú ann. Is gnéithe bunúsacha nach foláir a áirithiú ar bhealach leanúnach ar fud na hEorpa ar fad iad na nithe seo a leanas: an comhionannas inscne, an fhostaíocht atá ar ardchaighdeán agus seasmhach, dálaí maithe oibre agus aitheantas.

### 3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní leor cistiú a thugann an tAontas uaidh ann féin, ná na Ballstáit ina n-aonar, chun dul i ngleic leis an dúshlán sin. Cé go bhfuil leasuithe tugtha isteach ag na Ballstáit cheana chun feabhas a chur ar a gcuid institiúidí oideachais threasaigh agus chun nuachóiriú a dhéanamh ar a gcuid córas oiliúna, ní hionann an dul chun cinn atá déanta ar fud na hEorpa ar fad, agus tá difríochtaí móra idir tíortha. Ar an iomlán, is lag i gcónaí an comhar a dhéantar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san eolaíocht agus sa teicneolaíocht san Eoraip. Tá sé mar an gcéanna maidir leis an gcomhionannas inscne agus leis na hiarrachtaí a dhéantar mic léinn agus taighdeoirí as áiteanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Taighde a mhealladh. Faoi láthair, is as tríú tíortha thart ar 20% de na hábhair dhochtúra san Aontas, ach i Stáit Aontaithe Mheiriceá is as áiteanna thar lear thart ar 35% díobh. Chun an t-athrú sin a chur i bhfeidhm níos sciobtha, ní mór cur chuige straitéiseach ar leibhéal an Aontais a théann thar na teorainneacha náisiúnta a ghlacadh. Is ríthábhachtach an cistiú a thugann an tAontas uaidh chun dreasachtaí a chruthú le haghaidh na leasuithe struchtúracha atá riachtanach agus chun iad a spreagadh.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na gníomhaíochtaí Eorpacha Marie Curie chun an tsoghluaisteacht a chur chun cinn, ar bhonn trasnáisiúnta agus idir na hearnálacha araon, agus chun gairmeacha sa taighde a thosú ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta, gairmeacha a bhfuil deiseanna fostaíochta agus dálaí oibre den scoth ag gabháil leo de réir na Cairte Eorpaí agus an Chóid Eorpaigh um Thaighdeoirí. Níl a gcómhaith le fáil sna Ballstáit maidir le scála nó raon feidhme, le cistiú, le nádúr idirnáisiúnta, le giniúint nó le haistriú eolais. Neartaigh siad acmhainní na n-institiúidí sin atá in ann taighdeoirí idirnáisiúnta a mhealladh agus dá bhrí sin spreag siad ionaid barr feabhais a scaipeadh ar fud an Aontais. Tá siad ina n-eiseamláir agus imríonn siad tionchar mór struchtúrach trí bhíthin a ndea-chleachtais a scaipeadh ar leibhéal náisiúnta. Trí bhíthin cur chuige ón mbun aníos a bheith glactha ag gníomhaíochtaí Marie Curie, féadfaidh bunáite mór na n-institiúidí sin oiliúint a chur ar ghlúin nua taighdeoirí atá in ann dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna.

Trí bhíthin gníomhaíochtaí Marie Curie a fhorbairt a thuilleadh, rannchuideofar go mór leis an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt. Lena struchtúr iomaíoch cistiúcháin a chuimsíonn an Eoraip ar fad, spreagfaidh gníomhaíochtaí Marie Curie cineálacha úra, cruthaitheacha agus nuálacha oiliúna amhail dochtúireachtaí tionsclaíocha, lena ngabhann lucht oideachais, taighde agus nuálaíochta a chaithfidh dul in iomaíocht ar bhonn domhanda le cáil an bhairr

feabhais a bhaint amach dóibh féin. Trí bhíthin cistiú ón Aontas a chur ar fáil do na cláir thaighde agus oiliúna is fearr de réir na bPrionsabal maidir le hOiliúint Nuálach d'Ábhair Dhochtúirí san Eoraip, cuirfidh siad chun cinn scaipeadh agus glacadh níos leithne, ag bogadh i dtreo oiliúna níos struchtúraí d'ábhair dhochtúra.

Cuimseoidh deontais Marie Curie soghluaisteacht shealadach na dtaighdeoirí agus na n-innealtóirí a bhfuil taithí acu idir institiúidí poiblí agus an earnáil phríobháideach, nó a mhalairt go cruinn, rud a spreagfaidh agus a thacóidh le hollscoileanna, le hionaid taighde agus le gnólachtaí chun comhar a dhéanamh le chéile ar scála Eorpach agus idirnáisiúnta. Trí bhíthin an chórais mheastóireachta atá seanbhunaithe, trédhearcach agus cothrom, sainaithneoidh gníomhaíochtaí Marie Curie daoine an-tréitheach a phléann leis an taighde agus leis an nuálaíocht i gcomórtas idirnáisiúnta a thugann aitheantas agus, dá bhrí sin, spreagadh do thaighdeoirí chun a ngairm a chur chun cinn san Eoraip.

Ní leis an Eoraip amháin a bhaineann na dúshláin shochaíocha sin atá le sárú ag taighdeoirí agus ag lucht nuálaíochta a bhfuil ardoiliúint orthu. Is dúshláin idirnáisiúnta iad sin atá ríchasta agus ollmhór. Ní mór do na taighdeoirí is fearr san Eoraip agus sa domhan mór féin comhoibriú le chéile idir tíortha, earnálacha agus disciplíní. Beidh ról tábhachtach ag gníomhaíochtaí Marie Curie sa mhéid sin trí bhíthin tacaíocht a thabhairt chun baill foirne a mhalartú chun an smaointeoireacht chomhoibritheach a chothú trí eolas a roinnt ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha, rud atá an-tábhachtach don nuálaíocht oscailte.

Beidh sé ríthábhachtach leathnú a dhéanamh ar mheicníocht chomhchistiúcháin na ngníomhaíochtaí Marie Curie chun líon na ndaoine tréitheacha san Eoraip a dhéanamh níos mó fós. Méadófar an tionchar uimhriúil agus struchtúrach a imríonn gníomhaíocht an Aontais trí bhíthin cistiú réigiúnach, náisiúnta, idirnáisiúnta agus príobháideach a ghiaráil chun cláir nua a chruthú agus chun cláir reatha a oscailt don oiliúint, don tsoghluaisteacht agus don fhorbairt ghairme ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha. Déanfaidh a leithéid sin de mheicníocht an taighde agus an obair san oideachas a cheangal níos dlúithe le chéile.

Rannchuideoidh gach gníomhaíocht faoin dúshlán sin le meon úrnua a chruthú san Eoraip, meon atá riachtanach chun an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a bhaint amach. Neartóidh bearta cistiúcháin Marie Curie comhthiomsú acmhainní san Eoraip agus, dá bhrí sin, cuirfidh siad feabhas ar oiliúint, ar shoghluaisteacht agus ar fhorbairt ghairme na dtaighdeoirí a chomhordú agus a rialú. Rannchuideoidh siad leis na spriocanna beartais atá leagtha amach san Aontas Nuálaíochta, in An Óige ag Bogadh agus sa Chlár do Phoist agus do Scileanna Nua a bhaint amach, agus beidh siad an-tábhachtach chun an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach freisin.

### 3.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Scileanna nua a chothú trí bhíthin oiliúint tosaigh den scoth a chur ar thaighdeoirí

Is é an sprioc glúin nua taighdeoirí cruthaitheacha nuálacha a oiliúint a bheidh in ann eolas agus smaointe a thiontú ina dtáirgí agus ina seirbhísí a dhéanfaidh leas eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: oiliúint nuálach den scoth a chur ar fáil do thaighdeoirí atá ag tosú ar a ngairm ar leibhéal iarchéime trí thionscadail idirdhisciplíneacha nó chláir dhochtúireachta a dhéanamh ina mbeidh ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus grúpaí

socheacnamaíocha eile as tíortha eile páirteach. Cuirfidh sin feabhas ar ionchais ghairme na dtaighdeoirí óga iarchéime san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

(b) Barr feabhais a chothú trí bhíthin na soghluaisteachta trasteorann agus na soghluaisteachta idir na hearnálacha

Is é an sprioc feabhas a chur ar chumas cruthaitheachta agus nuálaíochta na dtaighdeoirí a bhfuil taithí acu, ar gach leibhéal gairme, trí bhíthin deiseanna soghluaisteachta trasteorann agus idir na hearnálacha a chruthú.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: taighdeoirí a bhfuil taithí acu a spreagadh chun a gcuid scileanna a leathnú nó a fheabhsú trí bhíthin na soghluaisteachta, agus déanfar sin trí dheiseanna tarraingteacha gairme a chur ar fáil in ollscoileanna, in institiúidí taighde, i ngnólachtaí, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus i ngrúpaí socheacnamaíocha eile ar fud na hEorpa agus lasmuigh di. Tabharfar tacaíocht freisin do dheiseanna chun gairm sa taighde a atosú tar éis sos a ghlacadh.

(c) An nuálaíocht a spreagadh trí bhíthin eolas a mhalartú

Is é an sprioc an comhar idirnáisiúnta trasteorann agus idir na hearnálacha sa taighde agus sa nuálaíocht a threisiú trí bhíthin pearsanra taighde agus nuálaíochta a mhalartú d'fhonn a bheith in ann dul i ngleic le dúshláin dhomhanda níos fearr.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: baill foirne taighde agus nuálaíochta a mhalartú go gearrthéarmach idir comhpháirtíocht d'ollscoileanna, d'institiúidí taighde, de ghnólachtaí, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus de ghrúpaí socheacnamaíocha, laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain mhóir araon. Áireofar leis sin an comhar le tríú tíortha a chothú.

(d) An tionchar struchtúrach a dhéanamh níos mó trí bhíthin na gníomhaíochtaí a chómhaoiniú

Is é an sprioc tionchar uimhriúil agus struchtúrach ghníomhaíochtaí Marie Curie a dhéanamh níos mó agus barr feabhais a chothú ar leibhéal náisiúnta in oiliúint, i soghluaisteacht agus i bhforbairt ghairme na dtaighdeoirí; agus déanfar sin trí bhíthin cistí sa bhreis a ghiaráil.

Beidh na nithe seo a leanas ar na gníomhaíochtaí is tábhachtaí a dhéanfar: eagraíochtaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh, le cabhair ó shásra cómhaoinithe, chun cláir nua a chruthú agus chun cláir reatha a oscailt don oiliúint, don tsoghluaisteacht agus don fhorbairt ghairme ar bhonn idirnáisiúnta agus idir na hearnálacha. Leis sin, cuirfear feabhas ar chaighdeán na hoiliúna sa taighde san Eoraip i ngach céim den ghairm, lena n-áirítear ar leibhéal na dochtúireachta; cothófar saorchúrsaíocht taighdeoirí agus an eolais eolaíoch san Eoraip; cuirfear chun cinn gairmeacha tarraingteacha sa taighde trí bhíthin earcaíocht oscailte agus dálaí tarraingteacha oibre a thairiscint; agus tabharfar tacaíocht don chomhar sa taighde agus sa nuálaíocht idir ollscoileanna, institiúidí taighde agus fiontair, agus don chomhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

(e) Tacaíocht shonrach agus gníomhaíocht bheartais

Is iad na spriocanna faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, bearnaí i ngníomhaíochtaí Marie Curie a shainaithint, agus tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, forbrófar táscairí agus déanfar anailís ar shonraí a bhaineann le soghluaisteacht, le

scileanna agus le gairmeacha na dtaighdeoirí, lorgófar sineirgí agus an dlúthchomhar leis na gníomhaíochtaí tacaíochta beartais ar thaighdeoirí, ar a gcuid fostóirí agus ar a lucht cistiúcháin arna ndéanamh faoin gcuspóir sonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána'. Is éard is aidhm leis an ngníomhaíocht sin freisin an pobal a chur ar an eolas maidir lena thábhachtaí agus lena tharraingtí atá gairmeacha sa taighde, agus leathadh a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus na nuálaíochta ag eascairt ón obair a dtacaíonn gníomhaíochtaí Marie Curie léi.

## 4. BONNEAGAIR TAIGHDE

### 4.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach bonneagair taighde den scoth a chothú san Eoraip, iad a chur ar fáil do gach taighdeoir san Eoraip agus lasmuigh de, agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na mbonneagar sin dul chun cinn agus nuálaíocht a dhéanamh san eolaíocht.**

Is gnéithe ríthábhachtacha iad na bonneagair taighde d'iomaíochas na hEorpa thar iomlán na réimsí eolaíochta agus tá siad riachtanach chun nuálaíocht atá bunaithe ar an eolaíocht a dhéanamh. I roinnt mhaith réimsí, ní féidir taighde a dhéanamh gan rochtain ar shár-ríomhairí, ar fhoinsí radaíochta le haghaidh ábhar nua, ar sheomraí íonghlana le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí, ar bhunachair shonraí le haghaidh na géanómaíochta agus na n-eolaíochtaí sóisialta, ar réadlanna le haghaidh na ndomhaneolaíochtaí, ar líonraí leathanbhanda chun sonraí a aistriú, etc. Is gá bonneagair taighde a bheith ann chun an taighde atá ag teastáil le dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha a dhéanamh — cúrsaí fuinnimh, an t-athrú aeráide, an bithgheilleagar, agus an tsláinte agus an fholláine ar feadh an tsaoil do chách. Spreagtar leo an comhar thar theorainneacha agus thar dhisciplíní agus cruthaítear spás Eorpach atá leanúnach agus oscailte le haghaidh an taighde ar líne. Cuirtear chun cinn soghluaisteacht daoine agus smaointe trí bhonneagair taighde, tugtar le chéile na heolaithe is fearr as áiteanna ar fud na hEorpa agus an domhain mhóir, agus cuirtear feabhas ar an oideachas eolaíochta. Gríosaíonn na bonneagair taighde na comhphobail Eorpacha taighde agus nuálaíochta chun barr feabhais a bhaint amach, agus féadfaidh siad a bheith ina dtaispeántais iontacha den eolaíocht don tsochaí i gcoitinne.

Ní mór don Eoraip bonn leormhaith agus seasmhach a bhunú chun bonneagair taighde a thógáil, a chothabháil agus a fheidhmiú más mian léi taighde den scoth a choinneáil ar bun. Chun é sin a dhéanamh, ní mór comhar substaintiúil éifeachtach idir luchtanna cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus ón Aontas féin agus, chuige sin, déanfar iarracht naisc láidre a dhéanamh leis an mbeartas comhtháthaithe d'fhonn sineirgí agus cur chuige comhtháite a áirithiú.

Téann an cuspóir sonrach sin i ngleic le gealltanas bunúsach de chuid an tionscnaimh shuaitheanta *An tAontas Nuálaíochta*, rud a leagann béim ar an ról tábhachtach atá ag na bonneagair taighde den scoth sa nuálaíocht agus sa taighde ceannródaíoch. Leagtar béim sa tionscnamh ar an ngá atá le hacmhainní a chomhthiomsú san Eoraip, agus i gcásanna áirithe sa domhan mór, d'fhonn bonneagair taighde a thógáil agus a fheidhmiú. Ar aon bhonn leis sin, leagtar béim sa tionscnamh suaitheanta *Clár Oibre Digiteach don Eoraip* ar an ngá atá le bonneagair ríomhaireachta na hEorpa a threisiú agus ar a thábhachtaí atá sé braislí nuálaíochta a fhorbairt d'fhonn buntáiste nuálaíochta na hEorpa a neartú.

## 4.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá bonneagair úrscothacha taighde ag éirí níos casta agus níos costasaí, agus is minic gur gá trealaimh, seirbhísí agus foinsí difriúla sonraí a chomhtháthú agus comhar fairsing trasnáisiúnta a dhéanamh. Ní a dóthain acmhainní ag aon tír ar leith chun tacaíocht a thabhairt do na bonneagair taighde go léir a dteastaíonn uaithi. Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas leis an gcur chuige Eorpach i leith bonneagar taighde; cuireadh chun feidhme plean oibre an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Taighde (ESFRI) le haghaidh bonneagar[21], rinneadh áiseanna náisiúnta taighde a chomhtháthú agus a oscailt, agus forbraíodh bonneagair ríomhaireachta is bonn agus is taca ag Limistéar Eorpach Taighde digiteach. Trí bhíthin an ghréasáin de bhonneagair taighde ar fud na hEorpa, neartaítear an bonn caipitil dhaonna trí bhíthin oiliúint den scoth a chur ar fáil do ghlúin nua taighdeoirí agus innealtóirí agus trí bhíthin an comhar idirdhisciplíneach a chur chun cinn.

Trí bhíthin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagair taighde ar leibhéal an Aontais agus úsáid níos leithne a bhaint astu, rannchuideofar go mór leis an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt. Cé go bhfuil ról lárnach ag na Ballstáit i gcónaí i bhforbairt agus i maoiniú a dhéanamh ar bhonneagair taighde, is tábhachtach freisin an pháirt a ghlacann an tAontas i dtacaíocht a thabhairt don bhonneagar ar leibhéal an Aontais, é ag cothú theacht chun cinn áiseanna nua, ag cur rochtain leathan ar bhonneagair náisiúnta agus Eorpacha ar fáil, agus ag áirithiú go mbíonn na beartais réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta comhsheasmhach le chéile agus éifeachtach. Ní amháin gur gá dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus úsáid na n-áiseanna a chomhordú agus a chuíchóiriú, ach is gá freisin acmhainní a chomhthiomsú ionas go bhféadfaidh an tAontas bonneagair taighde a fháil agus a fheidhmiú ar leibhéal domhanda.

Leis na héifeachtúlachtaí scála agus réimse atá bainte amach leis an gcur chuige Eorpach i leith bonneagair taighde, lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta, a thógáil, a úsáid agus a bhainistiú, rannchuideofar go mór le feabhas a chur ar chumas na hEorpa chun taighde agus nuálaíocht a dhéanamh.

## 4.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

Beidh sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí forbairt a dhéanamh ar na bonneagair Eorpacha taighde le haghaidh na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin, a n-acmhainneacht chun nuálaíochta agus a gcaipiteal daonna a chothú, agus an beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde a threisiú.

(a) Bonneagair Eorpacha taighde a fhorbairt le haghaidh na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin

Beidh sé mar aidhm na nithe seo a leanas a bhaint amach: áirithiú go ndéanfar bonneagair taighde de chuid an ESFRI agus bonneagair eile den scoth a chur chun feidhme agus a oibriú, lena n-áirítear áiseanna comhpháirtíochta réigiúnaí a fhorbairt; bonneagair náisiúnta taighde a chomhtháthú agus rochtain orthu a chur ar fáil; agus bonneagair ríomhaireachta a fhorbairt, a úsáid agus a fheidhmiú.

---

[21] *ESFRI Strategy Report on Research Infrastructure — Roadmap 2010* (Tuarascáil Straitéise an ESFRI ar Bhonneagar Taighde — Plean Oibre 2010).

(b) Acmhainneacht nuálaíochta na mbonneagar taighde agus a gcaipiteal daonna a chothú

Beidh sé mar aidhm na nithe seo a leanas a bhaint amach: bonneagair taighde a spreagadh chun glacadh le teicneolaíocht úr go luath, comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha le hearnáil na tionsclaíochta a chur chun cinn, úsáid thionsclaíoch na mbonneagar taighde a éascú, agus cruthú braislí nuálaíochta a spreagadh. Leis an ngníomhaíocht sin, tabharfar tacaíocht d'oiliúint agus/nó do dheiseanna malairte do bhaill foirne a bhainistíonn nó a fheidhmíonn bonneagair taighde.

(c) An beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde agus an comhar idirnáisiúnta a threisiú

Beidh sé mar aidhm tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí idir lucht déanta beartas iomchuí agus na comhlachtaí cistiúcháin iomchuí, mapáil agus faireachán a dhéanamh ar uirlisí cinnteoireachta agus ar ghníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta freisin.

Déanfar an dara agus tríú gníomhaíocht a shaothrú trí bhíthin a ngníomhaíochta sonraí féin agus, de réir mar is iomchuí, mar chuid den chéad ghníomhaíocht.

# CUID II
# CEANNAIREACHT THIONSCLAÍOCH

## 1. AN CHEANNAIREACHT I DTEICNEOLAÍOCHTAÍ CUMASÚCHÁIN AGUS TIONSCLAÍOCHA

**Is é an cuspóir sonrach cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar an gceannaireacht dhomhanda i dteicneolaíochtaí cumasúcháin, sa taighde agus sa nuálaíocht ar chúrsaí spáis, ábhair atá mar bhonn is mar thaca leis an iomaíochas thar réimse tionscal agus earnálacha, idir chinn reatha agus chinn atá ag teacht chun cinn.**

Tá athrú ag teacht go mear ar thimpeallacht an ghnó dhomhanda agus tá idir dhúshláin agus dheiseanna don tionscal Eorpach ag gabháil le spriocanna Eoraip 2020 chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach. Ní mór don Eoraip dlús a chur leis an nuálaíocht chun an t-eolas arna ghineadh a thiontú ina bhonn agus ina thaca le haghaidh táirgí, seirbhísí agus margaí reatha, feabhas a chur ar na nithe sin, agus cinn nua a chruthú. Ba cheart leas, sa chiall is leithne den fhocal sin, a bhaint as an nuálaíocht, ní amháin chun críche na teicneolaíochta ach chun gnéithe gnó, eagrúcháin agus sóisialta a áireamh freisin.

Chun fanacht i dtús cadhnaíochta maidir leis an iomaíochas domhanda a bhfuil bonn láidir teicneolaíochta faoi agus acmhainneacht mhór thionsclaíoch ann, ní mór tuilleadh infheistíochta straitéisí a dhéanamh sa taighde, san fhorbairt, sa bhailíochtú, agus i scéimeanna píolótacha i dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide; i nanaitheicneolaíochtaí; in ábhair shárfhorbartha; sa bhiteicneolaíocht; san ardmhonaraíocht agus san ardphróiseáil; agus i gcúrsaí spáis.

Is tábhachtach go bhfaighidh earnáil tionsclaíochta na hEorpa máistreacht ar theicneolaíochtaí cumasúcháin agus go n-úsáidfidh sí iad chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa, agus chun a áirithiú go mbeidh na nithe seo a leanas ag an Eoraip: geilleagar atá sárfhorbartha, inbhuanaithe agus iomaíoch, ceannaireacht dhomhanda ar na hearnálacha ardteicneolaíochta a chur chun feidhme, agus an cumas chun réitigh éifeachtacha ar dhúshláin shochaíocha a fhorbairt. Toisc a leithéid sin de ghníomhaíochtaí a bheith forleatach, is féidir tuilleadh dul chun cinn a spreagadh leo trí bhíthin aireagán agus feidhmeanna a chomhlánaíonn a chéile, rud a áiritheoidh toradh níos airde ar infheistíocht sna teicneolaíochtaí sin ná mar a gheofaí in aon réimse eile.

Leis na gníomhaíochtaí sin, rannchuideofar le spriocanna na dtionscnamh suaitheanta in Eoraip 2020 maidir leis an Aontas Nuálaíochta, le hEoraip atá éifeachtúil ar Acmhainní, le Beartas Tionsclaíoch do Ré an Domhandaithe, agus le Clár Oibre Digiteach don Eoraip a bhaint amach, chomh maith le spriocanna bheartas an Aontais maidir leis an spás a bhaint amach.

*Comhlántachtaí le gníomhaíochtaí eile in "Fís 2020"*

Beidh na gníomhaíochtaí faoi 'An Cheannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha' bunaithe go príomha ar chláir taighde agus nuálaíochta arna sainiú ag earnáil na tionsclaíochta agus ag an earnáil ghnó in éineacht le comhphobal an taighde, agus beidh siad dírithe go mór ar infheistiú ón earnáil phríobháideach a ghiaráil.

Tabharfar tacaíocht do theicneolaíochtaí cumasúcháin a chomhtháthú i réitigh ar dhúshláin shochaíocha, mar aon leis na dúshláin iomchuí féin. Maidir le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí cumasúcháin nach rangaítear faoi na dúshláin shochaíocha ach atá tábhachtach d'iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa, tacófar leo siúd faoi 'An Cheannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha'.

*Cur Chuige Comhchoiteann*

Áireofar leis an gcur chuige gníomhaíochtaí atá dírithe ar chláir oibre agus réimsí atá níos oscailte araon chun tionscadail nuálacha agus réitigh cheannródaíocha a chur chun cinn. Leagfar béim ar an taighde agus ar an bhforbairt, ar mhórghníomhaíochtaí píolótacha agus ar thaispeántais, ar thrialacha sábháilte agus ar shaotharlanna beo, ar an bhfréamhshamhaltú agus ar tháirgí a bhailíochtú i línte píolótacha. Ceapfar na gníomhaíochtaí chun an t-iomaíochas tionsclaíoch a dhéanamh níos fearr tríd an tionsclaíocht a spreagadh, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, le níos mó infheistíochta a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht.

**Cur chuige comhtháite i leith Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin**

Is gné thábhachtach de 'An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha' iad na *hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin*, arna sainiú mar an mhicrileictreonaic, an nanaileictreonaic, an fhótónaic, an nanaitheicneolaíocht, an bhiteicneolaíocht, ábhair shárfhorbartha agus córais ardmhonaraíochta[22]. Trasnaíonn na teicneolaíochtaí seo atá ildisciplíneach agus atá dian ar eolas agus ar chaipiteal cuid mhaith earnálacha, agus is trína mbíthin a fhéadfaidh buntáiste iomaíoch mhór a bheith ag earnáil tionsclaíochta na hEorpa. Trí bhíthin cur chuige chomhtháite a ghlacadh ina gcuirtear chun cinn eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a chónascadh, a chóineasú agus a mhalartú i dtimthriallta difriúla nuálaíochta agus i slabhraí luacha, is féidir torthaí taighde a bhfuil gealladh fúthu a bhaint amach agus an bealach a réiteach le haghaidh teicneolaíochtaí tionsclaíocha nua, táirgí, seirbhísí agus feidhmeanna núíosacha (e.g. i gcúrsaí spáis, iompair, comhshaoil, sláinte etc.). Dá bhrí sin bainfear leas as an iomad idirghníomhaíochtaí a ghabhann le heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus le teicneolaíochtaí cumasúcháin ar bhealach solúbtha, mar is foinse thábhachtach nuálaíochta iad. Comhlánóidh sin tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht in eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a d'fhéadfaí a bheith á soláthar ag údaráis náisiúnta nó réigiúnacha faoi chistí an Bheartais Chomhtháthaithe faoi chuimsiú straitéisí cliste speisialtóireachta.

Le haghaidh na dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha ar fad, lena n-áirítear na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin, beidh sé mar mhóraidhm idirghníomhaíochtaí idir na teicneolaíochtaí, agus leis na feidhmeanna faoi na dúshláin shochaíocha, a chothú. Cuirfear é sin ar fad san áireamh agus na cláir oibre agus na tosaíochtaí á bhforbairt agus á gcur chun feidhme. Chuige sin, tá sé riachtanach go nglacann páirtithe leasmhara a ionadaíonn do na peirspictíochtaí éagsúla páirt iomlán sna tosaíochtaí a shocrú agus a chur chun feidhme. I gcásanna áirithe, beidh gá freisin le gníomhartha arna gcómhaoiniú leis na teicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha, agus leis na dúshláin shochaíocha iomchuí. Áireofar leis sin cómhaoiniú do chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí arb éard is aidhm leo teicneolaíochtaí a fhorbairt agus iad a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic le dúshláin shochaíocha.

[22] COIM(2009)512

Tá ról tábhachtach ag teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) mar glacann sí le cuid de na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus cuireann sí na bonneagair, na teicneolaíochtaí agus na córais bhunúsacha is tábhachtaí ar fáil le haghaidh próiseas eacnamaíoch agus sóisialta atá ríthábhachtach, chomh maith le táirgí agus le seirbhísí nua, idir phríobháideach agus phoiblí. Ní mór d'earnáil tionsclaíochta na hEorpa fanacht i dtús cadhnaíochta sna forbairtí teicneolaíocha in TFC, réimse ina bhfuil go leor teicneolaíochtaí ag éirí suaite, rud a chruthaíonn deiseanna nua.

Is earnáil faoi fhás mear é an spás agus tugann sé faisnéis ríthábhachtach do go leor réimsí den tsochaí chomhaimseartha: sásaíonn sé a cuid éileamh bunúsach, téann sé i ngleic le ceisteanna uilíocha eolaíochta, agus cabhraíonn sé le stádas an Aontais mar mhórghníomhaí idirnáisiúnta a dhaingniú. Tá an taighde ar chúrsaí spáis mar bhonn is mar thaca le gach gníomhaíocht a dhéantar sa spás, ach faoi láthair tá sé ilroinnte i gcláir náisiúnta arna reáchtáil ag foghrúpa de Bhallstáit an Aontais. Ní mór an taighde ar an spás a chomhordú agus infheistíocht a dhéanamh ann ar leibhéal an Aontais (cf. Airteagal 189 den CFAE) chun a bheith iomaíoch; chun bonneagar spáis an Aontais, amhail Galileo, a chosaint; agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh ról ag an Aontas i gcúrsaí spáis sa todhchaí. Ina theannta sin, is foinse thábhachtach fáis agus fostaíochta iad na seirbhísí agus na feidhmeanna nuálacha iartheachtacha ina n-úsáidtear an fhaisnéis a eascraíonn ón spás.

*An chomhpháirtíocht agus breisluach*

Féadfaidh an Eoraip mais chriticiúil a bhaint amach tríd an gcomhpháirtíocht, trí bhraislí agus trí ghréasáin, tríd an gcaighdeánú, agus tríd an gcomhar a chur chun cinn idir disciplíní agus earnálacha difriúla san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a bhfuil na riachtanais chéanna taighde agus forbartha orthu, chun talamh úr a bhriseadh, teicneolaíochtaí úra, agus réitigh nuálacha a cheapadh.

Cláir taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí bhíthin comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha, naisc éifeachtacha a dhéanamh idir an lucht acadúil agus earnáil na tionsclaíochta, giaráil infheistíochtaí breise, rochtain a bheith ar mhaoiniú riosca, caighdeánú a dhéanamh ar an soláthar réamhthráchtálach agus tacaíocht a thabhairt dó, agus táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar: is gnéithe riachtanacha iad sin go léir chun dul i ngleic leis an iomaíochas.

I dtaca leis sin de, bíonn naisc láidre leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht de dhíth chun daoine atá tréitheach san fhiontraíocht a chothú agus chun dlús a chur leis an nuálaíocht trí bhíthin daoine as tíortha, as disciplíní agus as eagraíochtaí difriúla a thabhairt le chéile.

Trí bhíthin comhar a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, is féidir tacaíocht a thabhairt do dheiseanna trádála trí chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a fhorbairt le haghaidh táirgí agus seirbhísí agus teicneolaíochtaí úra atá ag teacht chun cinn. Cuirfear chun cinn gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an gcaighdeánú agus leis an idir-inoibritheacht, leis an tsábháilteacht agus le gníomhaíochtaí réamhrialála.

## 1.1 Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

### *1.1.1. Cuspóir sonrach do TFC*

**De réir an Chláir Oibre Dhigitigh don Eoraip[23], is é an cuspóir sonrach atá le taighde agus le nuálaíocht in TFC cur ar a cumas don Eoraip forbairt a dhéanamh ar na deiseanna ag eascairt ón dul chun cinn in TFC, agus leas a bhaint astu, chun sochar na saoránach, na ngnólachtaí agus na gcomhphobal eolaíochtaí.**

Agus í ar an ngeilleagar is mó ar domhan agus an cion is mó de mhargadh TFC aici (níos mó ná EUR 2600 billiún inniu), féadfaidh an Eoraip uaillmhianta a bheith aici go mbeidh a cuid gnólachtaí, rialtas, ionad taighde agus forbartha agus ollscoileanna mar cheannairí in TFC, iad ag cothú gnólachtaí nua agus ag déanamh níos mó infheistíochtaí i nuálaíochtaí a bhaineann le TFC.

Faoin mbliain 2020, ba cheart d'earnáil TFC na hEorpa méid comhionann lena cion de mhargadh domhanda TFC a sholáthar, ar a laghad; faoi láthair ní sholáthraíonn sí ach trian de. Ba cheart don Eoraip freisin gnólachtaí nuálacha in TFC a chothú ionas gurb iad cuideachtaí arna mbunú le fiche bliain anuas a infheisteoidh trian d'iomlán an chaiteachais ghnóthais ar thaighde agus ar fhorbairt in TFC (níos mó ná EUR 35 billiún faoi láthair). Chuige sin, theastódh méadú mór a dhéanamh ar infheistíochtaí poiblí i dtaighde agus i bhforbairt TFC ar bhealaí a dhéanfaí an caiteachas príobháideach a ghiaráil, i dtreo na sprice chun dhá oiread an mhéid infheistíochtaí a dhéanamh sna deich mbliana atá romhainn, agus méadú mór a dhéanamh ar líon na n-ionad Eorpach a bhfuil barr feabhais bainte amach acu in TFC.

Chun máistreacht a fháil ar theicneolaíocht agus ar shlabhraí gnóthais atá ag éirí níos casta agus níos ildisciplíní in TFC, teastaíonn an chomhpháirtíocht, rioscaí a roinnt agus mais chriticiúil a shlógadh ar fud an Aontais. Trí bhíthin na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, cuidítear le hearnáil na tionsclaíochta dul i ngleic le peirspictíocht an mhargaidh aonair agus barainneachtaí scála agus réimse a bhaint amach. Leis an gcomhar atá dírithe ar chláir oibre theicneolaíochta a mbíonn iarmhairtí agus tionchair ghiarála acu, féadfaidh réimse leathan de pháirtithe leasmhara leas a bhaint as forbairtí nua agus nuálaíochtaí eile a chur i bhfeidhm. Trí bhíthin cónascadh agus comhpháirtíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, is féidir comhdhearcaidh a shocrú, pointe fócasach soiléir a bhunú do na comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin don Aontas agus don domhan mór agus ar réitigh chomh-inoibritheacha.

### *1.1.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Tá TFC mar bhonn is mar thaca ag an nuálaíocht agus ag an iomaíochas thar réimse leathan de mhargaí agus d'earnálacha príobháideacha agus poiblí, agus is trína mbíthin is féidir dul chun cinn eolaíoch a dhéanamh sna disciplíní ar fad. In imeacht na ndeich mbliana atá amach romhainn, is soiléire fós a bheidh an tionchar arna imirt ag na teicneolaíochtaí digiteacha, na gnéithe, na bonneagair agus na seirbhísí a bhaineann le TFC ar gach réimse den saol. Beidh acmhainní ríomhaireachta, cumarsáide agus stórála sonraí gan teorainn ar fáil do gach saoránach ar domhan. Ginfidh braiteoirí, meaisíní agus táirgí atá feabhsaithe le faisnéis méideanna ollmhóra faisnéise agus sonraí, rud a fhágann go mbeidh sé coitianta gníomhaíocht a dhéanamh i bhfad ón láthair, go bhféadfar próisis ghnóthais agus láithreáin táirgthe

[23] COIM(2010) 245

inbhuanaithe a úsáid ar fud an domhain agus go mbeidh réimse leathan de sheirbhísí agus d'fheidhmeanna ann. Is trí bhíthin TFC a sholáthrófar cuid mhaith seirbhísí tráchtála agus poiblí riachtanacha, agus gach próiseas táirgthe faisnéise tábhachtach san eolaíocht, san fhoghlaim, sa ghnó agus san earnáil phoiblí. Is trí bhíthin TFC a sholáthrófar an bonneagar criticiúil le haghaidh próiseas táirgthe agus gnó, na cumarsáide agus idirbheart. Beidh TFC riachtanach freisin chun tabhairt faoi na dúshláin shochaíocha is tábhachtaí, chomh maith leis na próisis shochaíocha amhail comhphobail a eagrú, iompar na dtomhaltóirí, agus an pobal a rialú, mar shampla trí bhíthin na meán sóisialta.

Tá an tacaíocht a thugann an tAontas don taighde agus don nuálaíocht in TFC ina gné thábhachtach chun na teicneolaíochtaí agus na feidhmeanna den chéad ghlúin eile a ullmhú, óir is cuid mhór d'iomlán an chaiteachais ar an taighde agus ar an nuálaíocht chomhoibritheach meánriosca-ardriosca san Eoraip í. Go dtí seo, is riachtanach an infheistíocht phoiblí a rinneadh i dtaighde agus i nuálaíocht in TFC ar leibhéal an Aontais, agus is mar sin atá go fóill chun an mhais chriticiúil a spreagadh chun talamh úr a bhriseadh, chun réitigh, táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur chun cinn agus chun úsáid níos fearr a bhaint astu. Tá ról tábhachtach aici go fóill i gclár oibre oscailte agus teicneolaíochtaí infheidhme a fhorbairt ar fud an Aontais, i nuálaíochtaí a thástáil agus a phíolótú i bhfíorthosca pan-Eorpacha agus san úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní nuair atáthar ag dul i ngleic le hiomaíochas an Aontais agus le dúshláin shochaíocha choitianta. Trí bhíthin na tacaíochta a thugann an tAontas don taighde agus don nuálaíocht in TFC, féadfaidh fiontair ardteicneolaíochta bheaga agus mheánmhéide fás agus leas a bhaint as méid na margaí ar fud an Aontais. Trína bíthin, táthar ag neartú an chomhoibrithe agus an fheabhais idir eolaithe agus innealtóirí an Aontais, ag treisiú sineirgí leis na buiséid náisiúnta agus eatarthu, agus ag gníomhú mar phointe fócasach le haghaidh an chomhoibrithe le comhpháirtithe as áiteanna lasmuigh den Eoraip.

Sna meastóireachtaí leantacha a rinneadh ar ghníomhaíochtaí TFC i gCreatchlár an Aontais maidir le taighde agus le nuálaíocht, léiríodh gur ríthábhachtach an infheistíocht a díríodh ar an taighde agus ar an nuálaíocht in TFC agus a rinneadh ar leibhéal an Aontais chun an cheannaireacht thionsclaíoch a chothú i réimsí amhail an chumarsáid mhóibíleach, córais TFC a bhraitheann ar an tsábháilteacht, agus chun dul i ngleic le dúshláin amhail éifeachtúlacht fuinnimh nó an t-athrú déimeagrafach. Trí bhíthin infheistíochtaí ón Aontas i mbonneagair taighde TFC, cuireadh na háiseanna taighde, líonraithe agus ríomhaireachta is fearr ar domhan ar fáil do thaighdeoirí Eorpacha.

### *1.1.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

Trí bhíthin roinnt línte gníomhaíochta, díreofar ar dhúshláin a bhaineann leis an gceannaireacht thionsclaíoch agus teicneolaíochta in TFC, agus cumhdófar cláir chineálacha le haghaidh taighde agus nuálaíochta in TFC, lena n-áirítear go háirithe na nithe seo a leanas:

*(a)* *Glúin nua comhpháirteanna agus córas:* Comhpháirteanna agus córais atá sárfhorbartha, cliste agus leabaithe a cheapadh;

*(b)* *An ríomhaireacht den chéad ghlúin eile:* Córais agus teicneolaíochtaí ríomhaireachta atá sárfhorbartha;

*(c)* *An tIdirlíon don Todhchaí:* Bonneagair, teicneolaíochtaí agus seirbhísí;

(d) *Teicneolaíochtaí inneachair agus bainistíocht faisnéise:* TFC le haghaidh inneachair dhigitigh agus na cruthaitheachta;

(e) *Comhéadain shárfhorbartha agus róbait:* An róbataic agus spásanna cliste;

*(f) An mhicrileictreonaic, an nanaileictreonaic agus an fhótónaic:* Eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhaineann leis an micrileictreonaic, leis an nanaileictreonaic agus leis an bhfótónaic.

Táthar ag súil le go gcumhdófar an réimse iomlán riachtanas leis na sé mhórlíne ghníomhaíochta sin. D'áireofaí leo sin an cheannaireacht thionsclaíoch i réitigh chineálacha atá bunaithe ar TFC, táirgí agus seirbhísí atá riachtanach chun dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha, chomh mhaith le cláir taighde agus nuálaíochta in TFC atá dírithe ar fheidhmeanna a dtacófar leo in éineacht leis an dúshlán sochaíoch iomchuí.

Áireofar leis na sé líne ghníomhaíochta sin freisin bonneagair taighde a bhaineann le TFC go sonrach amhail saotharlanna beo le haghaidh turgnamh ar mhórscála, agus bonneagair le haghaidh eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin bunúsacha agus iad a chomhtháthú i dtáirgí sárfhorbartha agus i gcórais chliste nuálacha, lena n-áirítear trealamh, uirlisí, seirbhísí tacaíochta, seomraí íonghlana, agus rochtain ar theilgcheártaí chun fréamhshamhaltú a dhéanamh.

## 1.2. Nanaitheicneolaíochtaí

### *1.2.1. Cuspóir sonrach le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí*

**Is é cuspóir sonrach an taighde agus na nuálaíochta nanaitheicneolaíochtaí ceannaireacht an Aontais a áirithiú sa mhargadh domhanda seo ina bhfuil ardchumas fáis, trí bhíthin infheistíocht i nanaitheicneolaíochtaí a spreagadh agus an glacadh atá leo i dtáirgí agus i seirbhísí ard-bhreisluacha, iomaíocha ar fud raon feidhmeanna agus earnálacha.**

Faoi 2020, beidh nanaitheicneolaíochtaí príomhshruthaithe, is é sin le rá go mbeidh siad comhtháite go leanúnach leis an gcuid is mó de theicneolaíochtaí agus d'fheidhmeanna, arna spreagadh ag sochair don tomhaltóir, ag cáilíocht saoil, ag forbairt inbhuanaithe agus ag an bhféidearthacht thionsclaíoch láidir réitigh a bhaint amach nach raibh indéanta roimhe sin maidir le táirgiúlacht agus éifeachtúlacht acmhainní.

Ina theannta sin, ní mór don Eoraip an tagarmharc domhanda a shocrú maidir le himscaradh na nanaitheicneolaíochta ar bhonn sábháilte agus freagrach agus maidir le rialachas ina leith lena n-áiritheofar sochair mhóra ar bhonn sochaíoch agus tionsclaíoch araon.

Is ionann táirgí ina n-úsáidtear nanaitheicneolaíochtaí agus margadh domhanda nach féidir leis an Eoraip neamhaird a thabhairt air. Tá meastacháin an mhargaidh maidir le luach na dtáirgí ina gcorprófar nanaitheicneolaíocht mar phríomh-chomhpháirt chomh hard le EUR 700 billiún faoi 2015 agus EUR 2 thrilliún faoi 2020, lena mbainfidh idir 2 agus 6 mhilliún post faoi seach. Ba cheart do chuideachtaí nanaitheicneolaíochta na hEorpa an fás dédhigiteach sin ar an margadh a shaothrú agus a bheith ábalta sciar den mhargadh cothrom le sciar na hEorpa de chistiú taighde domhanda (i.e. ceathrú cuid) a ghabháil faoi 2020.

### *1.2.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Is speictream de theicneolaíochtaí éabhlóidithe lena mbaineann féidearthacht chruthaithe iad nanaitheicneolaíochtaí, a bhfuil tionchar réabhlóideach acu ar an méid seo a leanas; m.sh. ábhair, TFC, eolaíochtaí saoil agus cúram sláinte agus earraí tomhaltóra chomh luath agus a dhéantar táirgí ceannródaíocha agus próisis tháirgthe cheannródaíocha.

Tá ról ríthábhachtach ag nanaitheicneolaíochtaí maidir le freastal a dhéanamh ar na dúshláin arna sainaithint sa straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Cuirfidh imscaradh rathúil na n-eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin seo le hiomaíochas thionscal an Aontais trí bhíthin táirgí úrnua agus feabhsaithe nó próisis níos éifeachtaí a chumasú agus freagairtí a chur ar fáil ar dhúshláin sa todhchaí.

Tá an cistiú taighde domhanda le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí dúbailte ó thuairim agus EUR 6.5 billiún in 2004 go tuairim agus EUR 12.5 billiún in 2008, agus ceathrú den mhéid sin ag teacht ón Aontas. Tá ceannaireacht taighde aitheanta ag an Aontas i naineolaíochtaí agus i nanaitheicneolaíochtaí agus réamh-mheastar go mbeidh 4000 cuideachta sna réimsí siúd san Aontas faoi 2015.

Ní mór don Eoraip a staid sa mhargadh domhanda a shlánú agus a fhorbairt trí bhíthin comhar forleathan a chur chun cinn i slabhraí luacha éagsúla agus thar shlabhraí luacha agus idir earnálacha tionsclaíocha éagsúla chun táirgí tráchtála inmharthana a dhéanamh de phróiseas méadaithe ó scála na dteicneolaíochtaí sin. Tá saincheisteanna an mheasúnaithe agus an bhainistithe riosca mar aon le rialachas freagrach ag teacht chun cinn mar fhachtóirí cinntitheacha maidir le tionchar nanaitheicneolaíochtaí sa todhchaí ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar.

Ar an gcaoi sin, beidh fócas na ngníomhaíochtaí ar fheidhmiú nanaitheicneolaíochtaí sa gheilleagar ar bhonn forleathan agus freagrach, chun sochair lena mbaineann tionchar ard sochaíoch agus tionsclaíoch a chumasú. D’fhonn na deiseanna féideartha a áirithiú, lena n-áirítear cuideachtaí nua a chur ar bun agus poist nua a ghiniúint, ba cheart go gcuirfí na huirlisí riachtanacha ar fáil trí thaighde ionas gur féidir caighdeánú agus rialú a chur chun feidhme i gceart.

### *1.2.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

(a) An chéad ghlúin eile de nana-ábhair, de nanaifheistí agus de nanachórais a fhorbairt

Díriú ar tháirgí atá nua ó bhonn lena gcumasófar réitigh inbhuanaithe i raon leathan earnálacha.

(b) Forbairt agus feidhmiú nanaitheicneolaíochtaí ar bhonn sábháilte a áirithiú

Eolas eolaíoch maidir le tionchar féideartha na nanaitheicneolaíochtaí agus na nanachóras ar shláinte agus ar an gcomhshaol a chur chun cinn, agus uirlisí a chur ar fáil chun measúnú agus bainistiú riosca a dhéanamh ar feadh na saolré iomláine.

(c) Gné shochaíoch na nanaitheicneolaíochta a fhorbairt

Díriú ar rialachas na nanaitheicneolaíochta chun tairbhe na sochaí.

(d) Nana-ábhair, comhpháirteanna agus córais a shintéisiú agus a mhonarú go héifeachtúil

Díriú ar oibriúcháin nua, ar chomhtháthú cliste próiseas nua agus reatha, agus méadú ó scála a dhéanamh chun olltáirgeadh táirgí agus sáslaigh ilfhóinteacha a bhaint amach ionas go mbeifear in ann nuálaíocht thionsclaíoch a áirithiú le haistriú eolais.

(e) Teicnící feabhsaithe cumais, modhanna tomhais agus trealamh a fhorbairt

Díriú ar na teicneolaíochtaí atá mar bhonn agus mar thaca ó thaobh tacú le forbairt agus le tabhairt isteach nana-ábhar agus nanachóras casta ar an margadh.

### 1.3. Ábhair shárfhorbartha

#### *1.3.1. Cuspóir sonrach le haghaidh ábhar sárfhorbartha*

**Is é cuspóir sonrach an taighde agus na nuálaíochta maidir le hábhair shárfhorbartha ábhair lena mbaineann feidhmiúlachtaí nua agus feidhmíocht inseirbhíse fheabhsaithe a fhorbairt, le haghaidh táirgí níos iomaíche a dhéanann íoslaghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar ídiú acmhainní.**

Is príomhchumasúcháin iad ábhair agus iad i gcroílár na nuálaíochta tionsclaíche. Tá ábhair shárfhorbartha lena mbaineann ábhar eolais ardleibhéil, feidhmiúlachtaí nua agus feidhmíocht fheabhsaithe fíor-riachtanach le haghaidh iomaíochas tionsclaíoch agus forbairt inbhuanaithe ar fud raon feidhmeanna agus earnálacha

#### *1.3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Tá ábhair shárfhorbartha nua de dhíth chun táirgí agus próisis a bheidh inbhuanaithe agus lena mbainfidh feidhmíocht níos fearr a fhorbairt. Is cuid den réiteach ar ár ndúshláin thionsclaíocha agus shochaíocha iad na hábhair sin, as a dtiocfaidh feidhmíocht níos fearr ó thaobh a n-úsáide de, riachtanais níos lú ó thaobh acmhainní agus fuinnimh de, agus inbhuanaitheacht táirgí a bhfuil a ré caite.

Is minic go mbaineann forbairt arna spreagadh ag feidhm le hábhair iomlán nua a dhearadh, lena mbaineann an cumas feidhmíochtaí inseirbhíse beartaithe a chur ar fáil. Is gné thábhachtach iad na hábhair sin maidir le slabhra soláthair monaraíochta ardluacha. Tá siad mar bhunús freisin le haghaidh dul chun cinn i réimsí teicneolaíochta trasnaí (mar shampla bitheolaíochtaí, leictreonaic agus fótónaic), agus i ngach earnáil den mhargadh a bheag nó a mhór. Is ionann na hábhair iad féin agus príomhbheart chun luach na dtáirgí agus a bhfeidhmíocht a mhéadú. Tá luach agus tionchar measta na n-ábhar sárfhorbartha suntasach, agus ráta fáis bliantúil de thart ar 6 % ag gabháil leo agus méid margaidh ionchais de thuairim is EUR 100 billiún faoi 2015.

Ceapfar ábhair de réir cur chuige saolré iomlán, ó sholáthar na n-ábhar atá ar fáil go dtí deireadh ré (próiseas athghiniúnach), ag féachaint do chineálacha cur chuige éagsúla nuálacha chun na hacmhainní a bhíonn de dhíth le haghaidh a dtrasfhoirmithe a íoslaghdú. Cumhdófar úsáid leanúnach, athchúrsáil nó úsáid thánaisteach ábhar a bhfuil a ré caite mar aon le nuálaíocht shochaíoch ghaolmhar.

D’fhonn dlús a chur faoin dul chun cinn, cothófar cur chuige ildisciplíneach agus inréimneach, lena mbainfidh ceimic, fisic, eolaíochtaí innealtóireachta, samhaltú teoiriciúil agus ríomhaireachtúil, eolaíochtaí bitheolaíocha agus dearadh tionsclaíoch a bheidh níos cruthaithí.

Cothófar comhghuaillíochtaí nua agus nuálaíochta glasa mar aon le siombóis thionsclaíoch ionas gur féidir le tionscail a samhlacha gnó a éagsúlú, a fhorleathnú agus a gcuid dramhaíola a athúsáid mar bhunús le táirgiúlachtaí nua, e.g. $CO_2$ mar bhunús carbóin le haghaidh míncheimiceán agus breoslaí malartacha.

*1.3.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

(a) Teicneolaíochtaí ábhar trasnaí agus cumasúcháin

Taighde ar ábhair fheidhmeacha, ar ábhair ilfheidhmeacha agus ar ábhair struchtúracha, le haghaidh nuálaíochta i ngach earnáil thionsclaíoch.

(b) Ábhair a fhorbairt agus a thrasfhoirmiú

Taighde agus forbairt chun méadú ó scála ar bhonn éifeachtúil agus inbhuanaithe a áirithiú ionas gur féidir monaraíocht thionsclaíoch táirgí sa todhchaí a chumasú

(c) Bainistíocht ar chomhpháirteanna ábhar

Taighde agus forbairt a dhéanamh le haghaidh na dteicnící agus na gcóras nua agus nuálach.

(d) Ábhair do thionscal inbhuanaithe agus ísealcharbóin

Táirgí agus feidhmeanna nua a fhorbairt agus iompar tomhaltóirí a laghdaíonn an t-éileamh ar fhuinneamh, agus a éascaíonn táirgeadh ísealcharbóin.

(e) Ábhair do thionscail chruthaitheacha

Dearadh agus forbairt ar theicneolaíochtaí inréimneacha a fheidhmiú chun deiseanna nua gnó a chruthú, caomhnú ábhar lena mbaineann luach stairiúil nó cultúrtha san áireamh.

(f) Méadreolaíocht, tréithriú, caighdeánú agus rialú cáilíochta

Teicneolaíochtaí a chur chun cinn amhail tréithriú, meastóireacht neamhscriosach agus samhaltú réamhfháistineach ar fheidhmíocht maidir le dul chun cinn in eolaíocht na n-ábhar agus in innealtóireacht.

(g) An leas is fearr a bhaint as úsáid ábhar

Taighde agus forbairt chun imscrúdú a dhéanamh ar roghanna eile maidir le húsáid ábhar agus cineálacha cur chuige éagsúla gnó atá nuálach.

## 1.4. Biteicneolaíocht

*1.4.1. Cuspóir sonrach le haghaidh biteicneolaíochta*

**Is é cuspóir sonrach an taighde agus na nuálaíochta biteicneolaíochta táirgí agus próisis iomaíocha, inbhuanaithe, nuálacha agus tionsclaíocha a fhorbairt agus rannchuidiú mar ghníomhaí nuálaíochta i roinnt earnálacha Eorpacha amhail talmhaíocht, bia, ceimiceáin agus sláinte.**

Tacóidh bunús láidir eolaíoch, teicneolaíochta agus nuálach i mbiteicneolaíocht le tionscail na hEorpa ceannaireacht a bhaint amach san eochairtheicneolaíocht chumasúcháin sin. Neartófar

an staid sin a thuilleadh trí bhíthin an measúnú sábháilteachta agus gnéithe bainistíochta na rioscaí foriomlána maidir le himscaradh na biteicneolaíochta a chomhtháthú.

*1.4.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Arna spreagadh ag an méadú ar eolas ar chórais bheo, tá biteicneolaíocht ar tí sruth feidhmeanna nua a chur ar fáil agus bonn tionsclaíoch an Aontais agus a chumas nuálaíochta a neartú. Tá samplaí de thábhacht mhéadaitheach na biteicneolaíochta ar fáil i bhfeidhmeanna tionsclaíocha lena n-áirítear bith-cheimiceáin, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú suas le 12 %-20 % ar sciar den mhargadh maidir le táirgeadh ceimiceán faoi 2015. Déantar freastal ar chuid de dhá riail déag na *Ceimice Glaise* mar a thugtar orthu i mbiteicneolaíocht freisin, i ngeall ar roghnaíocht agus éifeachtúlacht na mbithchóras. Is féidir na hualaí eacnamaíocha féideartha d’fhiontair an Aontais a laghdú trí bhíthin féidearthacht na bpróiseas biteicneolaíochta agus na dtáirgí bithbhunaithe a ghabháil chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú, a mheastar a bheidh ina gcoibhéis idir 1 agus 2.5 billiún tonna $CO_2$ in aghaidh na bliana faoi 2030. Cheana féin, in earnáil bhithchógaisíochta na hEorpa, díorthaítear tuairim agus 20 % de na cógais reatha ó bhiteicneolaíocht, ar cógais nua suas le 50 % díobh. Cruthaítear bealaí nua trí bhíthin biteicneolaíochta chun acmhainneacht ollmhór acmhainní muirí a shaothrú chun feidhmeanna tionsclaíocha, sláinte agus comhshaoil nuálacha a tháirgeadh. Táthar ag tuar go dtiocfaidh fás 10 % in aghaidh na bliana ar earnáil éiritheach na biteicneolaíochta muirí (gorm).

Eochairfhoinsí nuálaíochta eile atá ag an gcomhéadan idir biteicneolaíocht agus teicneolaíochtaí cumasúcháin agus inréimneacha, go háirithe nanaitheicneolaíochtaí agus TFC, lena mbaineann feidhmeanna amhail braiteacht agus diagnóisiú.

*1.4.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

(a) Béim a chur ar bhiteicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta mar ghníomhaí nuálaíochta sa todhchaí

Réimsí teicneolaíochta éiritheacha amhail bitheolaíocht shintéiseach, bithfhaisnéisíocht agus bitheolaíocht chóras, lena mbaineann féidearthacht iontach le haghaidh feidhmeanna a bheidh go hiomlán úrnua.

(b) Próisis thionsclaíocha bunaithe ar bhiteicneolaíocht

Biteicneolaíocht thionsclaíoch a fhorbairt le haghaidh táirgí tionsclaíocha agus próiseas tionsclaíoch (e.g. ceimiceán, sláinte, mianadóireacht, fuinneamh, laíon agus páipéar, teicstíl, stáirse, próiseáil bhia) agus an ghné chomhshaoil lena mbaineann.

(c) Teicneolaíochtaí ardáin nuálacha agus iomaíocha

Teicneolaíochtaí ardáin a fhorbairt (e.g. géanómaíocht, meitighéanómaíocht, próitéamaíocht, uirlisí móilíneacha) chun ceannaireacht agus buntáiste iomaíoch i líon fairsing earnálacha eacnamaíocha a fheabhsú.

## 1.5. Ardmhonaraíocht agus an ardphróiseáil

### *1.5.1. Cuspóir sonrach*

**Is é cuspóir sonrach taighde agus nuálaíochta na hardmhonaraíochta agus ardphróiseála foirmeacha tionsclaíocha táirgthe an lae inniu a thrasfhoirmiú i dtreo teicneolaíochtaí monaraíochta agus próiseála tras-earnála dlútheolais inbhuanaithe, as a dtiocfaidh táirgí, próisis agus seirbhísí níos nuálaí.**

### *1.5.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Tá an earnáil monaraíochta ríthábhachtach don gheilleagar Eorpach, ag rannchuidiú tuairim agus 17 % den OTI agus freagrach as thart ar 22 milliún post san Aontas in 2007. Idir maolú na mbac eacnamaíoch ar thrádáil agus éifeacht chumasúcháin na teicneolaíochta cumarsáide, tá monaraíocht faoi réir iomaíocht ghéar agus claonadh ann í a aistriú chuig na tíortha ina bhfuil an costas foriomlán is ísle. I ngeall ar ard-thuarastail, tá gá le hathrú radacach ar an gcur chuige Eorpach maidir le monaraíocht má tá an Eoraip chun bheith iomaíoch i gcónaí ar bhonn domhanda agus d'fhéadfadh "Fís 2020" cuidiú chun na páirtithe leasmhara go léir a thabhairt le chéile chun é sin a bhaint amach.

Ní mór don Eoraip infheistiú i gcónaí ar leibhéal an Aontais chun ceannaireacht agus inniúlacht na hEorpa a chothabháil i leith teicneolaíochtaí monaraíochta agus an t-aistriú a dhéanamh chuig earraí ardluacha dlútheolais, chun na dálaí agus na sócmhainní a chruthú le haghaidh seirbhís saolré inbhuanaithe a tháirgeadh agus a chur ar fáil i dtaobh táirge monaraíochta. Ní mór do thionscail mhonaraíochta agus do phróisis atá dian ó thaobh acmhainní a gcuid acmhainní agus eolais a úsáid tuilleadh ar leibhéal an Aontais agus infheistiú i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht i gcónaí chun dul chun cinn breise a chumasú i dtreo geilleagair ísealcharbóin iomaíoch agus chun na laghduithe uile-Aontais arna gcomhaontú maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa le haghaidh earnálacha tionsclaíocha a chomhlíonadh faoi 2050[24].

Trí bheartais láidre an Aontais, dhéanfadh an Eoraip na hearnálacha tionsclaíocha reatha a fhás agus earnálacha tionsclaíocha éiritheacha na todhchaí a chothú. Is suntasach iad luach agus tionchar measta earnáil na gcóras monaraíochta sárfhorbartha, lena mbaineann méid margaidh ionchais dar luach EUR 150 billiún faoi 2015 agus ráta fáis bliantúil de thuairim agus 5 %.

Is ríthábhachtach é go gcoimeádfar an t-eolas agus an inniúlacht chun cumas monaraíochta agus próiseála a choinneáil san Eoraip. Beidh béim na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhonaraíocht agus ar phróiseáil inbhuanaithe, lena dtabharfar an nuálaíocht theicniúil agus an díriú ar chustaiméirí atá riachtanach isteach chun táirgí agus seirbhísí dlútheolais lena mbaineann ídiú íseal ar ábhar agus ar fhuinneamh a tháirgeadh. Ina theannta sin, ní mór don Eoraip na teicneolaíochtaí agus an t-eolas cumasúcháin a aistriú chuig earnálacha táirgiúla eile, amhail tógáil, atá ina mórfhoinse gás ceaptha teasa (GHG) áit ar ionann gníomhaíochtaí tógála agus tuairim is 40 % d'ídiú fuinnimh san Eoraip, as a dtagann 36 % de na hastaíochtaí $CO_2$. Ní mór don earnáil tógála, ina ngintear 10 % d'OTI agus ina gcuirtear tuairim agus 16 mhilliún post ar fáil san Eoraip idir 3 mhilliún fiontar, ar fiontair

24 COIM(2011) 112 leagan deireanach

bheaga agus mheánmhéide 95 % díobh, ábhair nuálacha agus cineálacha cur chuige éagsúla maidir le monaraíocht a ghlacadh chun a tionchar comhshaoil a mhaolú.

*1.5.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

(a) Teicneolaíochtaí le haghaidh Monarchana na Todhchaí

Fás tionsclaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn trí bhíthin athrú straitéiseach san Eoraip ó mhonaraíocht chostas-bhunaithe go cur chuige bunaithe ar chruthú ardbhreisluacha.

(b) Teicneolaíochtaí lena gcumasaítear foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh

Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú trí bhíthin teicneolaíochtaí tógála inbhuanaithe a fhorbairt agus a imscaradh.

(c) Teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus ísealcharbóin i dtionscail phróisis atá dian ó thaobh fuinnimh de

Iomaíochas na dtionscal próisis a mhéadú, trí bhíthin éifeachtúlachtaí acmhainne agus fuinnimh a fheabhsú go suntasach agus tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí tionsclaíocha den sórt sin a laghdú trí bhíthin an tslabhra luacha iomláine, glacadh le teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn.

(d) Samhlacha gnó inbhuanaithe nua

Coincheapa agus modheolaíochtaí a dhíorthú le haghaidh samhlacha gnó oiriúnaitheacha 'eolasbhunaithe' i gcineálacha cur chuige éagsúla saincheaptha.

## 1.6. An Spás

*1.6.1. Cuspóir sonrach le haghaidh an spáis*

**Is é cuspóir sonrach an spásthaighde agus na nuálaíochta spáis tionscal spáis agus pobal spásthaighde a bheidh iomaíoch agus nuálach a chothú chun bonneagar spáis a fhorbairt agus a shaothrú d'fhonn freastal ar bheartas an Aontais agus ar riachtanais shochaíocha sa todhchaí.**

Tá neartú Earnáil spáis na hEorpa trí bhíthin spásthaighde agus nuálaíocht spáis a threisiú ríthábhachtach chun cumas na hEorpa a chothabháil agus a chosaint ó thaobh rochtain a fháil ar an spás agus oibriúcháin a dhéanamh ann chun tacú le beartais an Aontais, leasa straitéiseacha idirnáisiúnta agus le hiomaíochas i measc na náisiún fadbhunaithe agus éiritheach a dhéanann taisteal sa spás.

*1.6.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais*

Is cumasúchán tábhachtach é an spás, d'ainneoin gur minic nach dtugtar é sin faoi deara, le haghaidh seirbhísí agus táirgí éagsúla atá ríthábhachtach do shochaí an lae inniu, amhail loingseoireacht, cumarsáid, réamhaisnéisí aimsire, agus faisnéis gheografach. Braitheann ceapadh agus cur chun feidhme beartas ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha ar bhonn níos minice ar fhaisnéis a dhíorthaítear ón spás. Tá earnáil dhomhanda an spáis ag fás agus ag forleathnú go mear chuig réigiúin nua (e.g. an tSín, Meiriceá Theas). I láthair na huaire is onnmhaireoir suntasach é earnáil tionsclaíochta na hEorpa de shatailítí den chéad

scoth chun críocha tráchtála agus eolaíocha. Is dúshlán do staid na hEorpa sa réimse seo an méadú ar iomaíocht dhomhanda. Is chun leas na hEorpa é a áirithiú go leanfaidh an borradh faoina thionscal sa mhargadh sin atá thar a bheith iomaíoch. Ina theannta sin, bhí sonraí ó shatailítí eolaíochta na hEorpa ar roinnt de na léimeanna chun cinn is suntasaí san eolaíocht le scór nó le deich mbliana fichead anuas sna domhaneolaíochtaí agus sa réalteolaíocht. Agus an cumas uathúil seo aici, tá ról ríthábhachtach ag earnáil spáis na hEorpa freastal ar na dúshláin arna sainaithint trí bhíthin "Eoraip 2020".

Tá taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht mar bhonn agus mar thaca ag cumais sa spás atá ríthábhachtach do shochaí na hEorpa. Cé go gcaitheann Stáit Aontaithe Mheiriceá tuairim is 25 % dá mbuiséad spáis ar thaighde agus ar fhorbairt, caitheann an tAontas níos lú ná 10 % air. Ina theannta sin, tá spásthaighde san Aontas ilroinnte i gcláir náisiúnta roinnt beag Ballstát. D'fhonn an buntáiste teicneolaíochta agus iomaíoch a chothabháil ní mór gníomh a ghlacadh ar bhonn an Aontais chun spásthaighde a chomhordú, rannpháirtíocht taighdeoirí ó na Ballstáit go léir a chur chun cinn, agus na baic ar chomharthionscadail spásthaighde thar theorainneacha náisiúnta a ísliú. Ní mór é sin a dhéanamh i gcomhar le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, a bhfuil forbairt ar shatailít thionsclaíoch mar aon le misin domhainspáis bainistithe go rathúil aici ar bhonn idir-rialtasach i bpáirt le fothacar na mBallstát ó 1975. Ina theannta sin, beidh an fhaisnéis arna cur ar fáil ag satailítí Eorpacha ina hacmhainneacht mhéadaitheach le haghaidh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí iartheachtacha nuálacha bunaithe ar shatailítí. Is earnáil ghníomhaíochta shamplach í sin le haghaidh fiontar beag agus meánmhéide agus ba cheart tacú léi trí bhíthin beart taighde agus nuálaíochta d'fhonn sochair iomlána na deise sin a bhaint, agus go háirithe ó thaobh na n-infheistíochtaí suntasacha arna ndéanamh sa dá thionscadal suaitheanta de chuid an Aontais: Galileo agus GMES.

Is é nádúr an spáis teorainneacha críche a tharchéimniú, rud a thugann ardán uathúil lena mbaineann gné dhomhanda, ar an gcaoi sin déantar tionscadail mhórscála (e.g. an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta, Feasacht Shuíomhúil Spáis) trí bhíthin comhair idirnáisiúnta. Is ríthábhachtach é go mbeidh comhbheartas spáis Eorpach agus gníomhaíochtaí spásthaighde agus nuálaíochta spáis ar leibhéal Eorpach ann d'fhonn ról suntasach a bhaint amach i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta spáis sna blianta amach romhainn.

Tá spásthaighde agus nuálaíocht faoi "Fís 2020" ar chomhréim le tosaíochtaí beartas spáis an Aontais de réir mar a dhéanann Comhairlí Spáis an Aontais agus an Coimisiún Eorpach iad a shainiú i gcónaí[25].

*1.6.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí*

(a) Iomaíochas Eorpach, neamhspleáchas agus nuálaíocht earnáil spáis na hEorpa a chumasú

Is éard atá i gceist leis sin tionscal spáis fiontraíoch agus iomaíoch a chosaint agus a fhorbairt mar aon le pobal spásthaighde den chéad scoth chun ceannaireacht agus neamhspleáchas na hEorpa a chothabháil ó thaobh teicneolaíochta spáis de, nuálaíocht san earnáil spáis a chothú, agus nuálaíocht spás-bhunaithe ar an talamh a chumasú, mar shampla sonraí cianbhraite agus loingseoireachta a úsáid.

---

25 COIM(2011) 152

(b) Dul chun cinn i dteicneolaíochtaí spáis a chumasú

Is é an aidhm ardteicneolaíochtaí spáis agus coincheapa oibriúcháin a fhorbairt ó smaoinítear orthu go léirítear iad sa spás, lena n-áirítear loingseoireacht agus cianbhraiteacht, agus sócmhainní spáis a chosaint ó bhagairtí amhail smionagar agus grianbhladhmanna. Ní mór oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar bhonn leanúnach le haghaidh innealtóirí agus eolaithe ardoilte chun ardteicneolaíochtaí spáis a fhorbairt agus a fheidhmiú.

(c) Saothrú sonraí spáis a chumasú

Féadfar sonraí ó shatailítí Eorpacha a shaothrú ar bhonn méadaithe má dhéantar tréaniarracht próiseáil, bailíochtú agus caighdeánú na sonraí spáis a chomhordú agus a eagrú. Ina theannta sin, féadfaidh nuálaíochtaí maidir le láimhseáil agus le scaipeadh sonraí toradh níos mó as infheistíocht i mbonneagar spáis a áirithiú, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, go háirithe má bhíonn siad comhordaithe in iarracht dhomhanda mar shampla trí bhíthin Chóras Réadlainne Uile-Dhomhanda na gCóras (*Global Earth Observation System of Systems*), Clár loingseoireachta satailíte na hEorpa - ‘Galileo’ nó IPCC le haghaidh saincheisteanna um athrú aeráide.

(d) Taighde Eorpach a chumasú mar thaca le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta spáis

Bíonn gné dhomhanda ó bhun i gceist le gníomhaíochtaí spáis. Tá sé sin thar a bheith soiléir i gcás gníomhaíochtaí amhail Feasacht Shuíomhúil Spáis (SSA), agus go leor tionscadal eolaíochta agus taiscéalaíochta spáis eile. Bíonn teicneolaíocht spáis ar thús cadhnaíochta á forbairt ar bhonn níos minice faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta den sórt sin. Is fachtóir ratha tábhachtach le haghaidh taighdeoirí agus tionscal na hEorpa rochtain orthu a áirithiú.

## 2. ROCHTAIN AR MHAOINIÚ RIOSCA

### 2.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach atá leis cabhrú chun easnaimh sa mhargadh a leigheas ó thaobh rochtain a fháil ar mhaoiniú riosca le haghaidh taighde agus nuálaíochta.**

Tá drochbhail ar chúrsaí infheistíochta sa réimse taighde agus nuálaíochta (T&N), go háirithe i gcás na bhfiontar beag agus meánmhéide nuálach agus comhlachtaí meánchaipitlithe a bhféadfadh fás ard a bheith i ndán dóibh. Tá roinnt bearnaí móra sa mhargadh i dtaca le soláthar maoinithe, toisc gurb iondúil go measann lucht an mhargaidh go bhfuil riosca rómhór ag baint leis na nuálaíochtaí sin atá riachtanach chun na spriocanna beartas a bhaint amach.

Cabhróidh saoráid le haghaidh fiach (‘Saoráid fiachais') agus saoráid le haghaidh cothromas (‘Saoráid cothromais') chun fadhbanna den sórt sin a shárú trí fheabhas a chur ar phróifílí maoinithe agus próifílí riosca na ngníomhaíochtaí T&N lena mbaineann. Déanfaidh siad sin éascú ar an rochtain a bheidh ag gnólachtaí agus ag tairbhithe eile ar iasachtaí, ar ráthaíochtaí agus ar fhoirmeacha eile maoinithe riosca; spreagfaidh siad infheistíocht luath-chéime agus forbairt cistí nua caipitil fiontair; feabhsóidh siad aistriú eolais agus an margadh maidir le maoin intleachtúil; meallfaidh siad cistí chuig an margadh caipitil fiontair; agus, tríd is tríd, feidhmeoidh siad mar chatalaíoch ag spreagadh na gluaiseachta ó smaoineamh faoi tháirgí agus seirbhísí nua, go dtí an chéim ina bhforbrófar agus ina dtaispeánfar iad agus ar aghaidh go dtí an chéim sin ina ndéanfar tráchtálú orthu.

Is é an éifeacht fhoriomlán a bheidh acu cur le toilteanas na hearnála príobháidí infheistíocht a dhéanamh i T&N agus dá bhrí sin tacú le baint amach ceann de phríomhspriocanna Eoraip 2020: go mbeidh 3% de OTI an Aontais á infheistiú i T&F faoi dheireadh na deich mbliana seo. Cabhróidh an úsáid a bhainfear as ionstraimí airgeadais freisin chun cuspóirí T&N gach earnála a bhaint amach agus na réimsí beartais atá ríthábhachtach maidir le tabhairt faoi dhúshláin shochaíocha (mar athrú aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, sábháilteacht an tsoláthair dhomhanda bia, soláthar cúraim sláinte, agus daonra atá ag dul in aois), chun cur le hiomaíochas, agus tacú le fás inbhuanaithe, cuimsitheach agus soláthar leasa comhshaoil agus leasa poiblí eile.

## 2.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá gá le **Saoráid fiachais** ar leibhéal an Aontais le haghaidh T&N chun cur leis an dóchúlacht go dtabharfar iasachtaí agus ráthaíochtaí agus go mbainfear amach na cuspóirí beartais maidir le T&N. Tá bearna sa mhargadh faoi láthair idir an t-éileamh agus an soláthar maidir le hiasachtaí agus ráthaíochtaí le haghaidh infheistíochtaí baolacha T&N, agus bíodh is go bhfuil an tSaoráid Airgeadais Riosca-Roinnte (SARR) ag iarraidh freastal orthu faoi láthair, is dócha go leanfaidh an bhearna ar aghaidh agus gur beag iasacht a mbeidh riosca níos airde ag baint léi a thabharfaidh na bainc thráchtála. Bhí an-éileamh ar mhaoiniú iasachtaí SARR ó seoladh an tsaoráid i lár na bliana 2007: sa chéad chéim (2007-2010) bhí an méid a glacadh 50% níos airde ná a rabhthas ag súil leis i dtéarmaí na bhformheasanna gníomhacha iasachtaí (EUR 7.6 billiún i gcomparáid leis an EUR 5 bhilliún a bhí á thuar).

Ina theannta sin, ní bhíonn sé ar chumas na mbanc de ghnáth luach a chur ar shócmhainní eolais, amhail maoin intleachtúil, agus dá bhrí sin, is minic nach mbíonn siad sásta infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí eolasbhunaithe. Dá thoradh sin ní féidir lena lán cuideachtaí bunaithe nuálacha - idir bheag agus mhór - iasachtaí a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí T&N a bhfuil riosca níos airde ag baint leo.

Eascraíonn na bearnaí margaidh seo go bunúsach ó éiginnteachtaí, neamhshiméadrachtaí faisnéise, agus ó na costais arda a bhaineann le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo: bíonn teist róghearr ag gnólachtaí a bunaíodh le deireanas chun dreamanna a d’fhéadfadh iasachtaí a thabhairt dóibh a shásamh, agus is minic nach féidir le gnólachtaí bunaithe go leor faisnéise a sholáthar, agus ar aon nós ní bhíonn sé soiléir ag tús infheistíochta T&N cibé an mbeidh nuálaíocht rathúil ann de thoradh na n-iarrachtaí a dhéanfar.

Ina theannta sin, is iondúil nach mbíonn comhthaobhacht go leor ag fiontair ag céimeanna forbartha coincheapa ná nuair a bhíonn siad ag obair i réimsí atá ag teacht chun cinn. Dídhreasacht eile is ea an chaoi fiú má éiríonn le gníomhaíochtaí T&N táirge nó próiseas tráchtála a chruthú, ní léir ar chor ar bith go mbeidh an chuideachta a bhfuil an obair déanta aici in ann na sochair go léir a thagann uaidh a fháil go heisiach di féin.

I dtéarmaí luach breise an Aontais, cabhróidh an tsaoráid Fiachais chun na heasnaimh sa mhargadh a leigheas a chuireann cosc ar an earnáil phríobháideach infheistiú i T&N ar an leibhéal is fearr. Nuair a chuirfear chun feidhme í beifear in ann mais chriticiúil acmhainní a chur i dtoll a chéile ó bhuiséad an Aontais, agus ar bhonn roinnte riosca ón institiúid (nó ó na hinstitiúidí) airgeadais a mbeidh sé de chúram uirthi (nó orthu) í a chur chun feidhme. Spreagfaidh sé sin gnólachtaí chun níos mó dá gcuid airgid féin a infheistiú i T&N ná mar a dhéanfadh siad murach í. Ina theannta sin, cabhróidh an tsaoráid Fiachais le heagraíochtaí, idir phoiblí agus phríobháideach, na rioscaí a bhaineann le soláthar réamhthráchtálach agus le soláthar táirgí agus seirbhísí nuálacha a laghdú.

Tá **saoráid Cothromais** i gcomhair T&N ag teastáil ar leibhéal an Aontais le feabhas a chur ar infhaighteacht maoinithe cothromais i gcomhair infheistíochtaí luatha agus infheistíochtaí ag céim fáis agus le cur le forbairt mhargadh an chaipitil riosca san Aontas. Le linn na céime aistrithe teicneolaíochta agus nuathionscanta bíonn ar chuideachtaí nua "gleann an bháis" a thrasnú ina dtagann deireadh le deontais taighde poiblí agus nach féidir leo maoiniú príobháideach a mhealladh chucu. Maidir leis an tacaíocht phoiblí a bhfuil sé d'aidhm aici giaráil a dhéanamh ar chistiú príobháideach síl agus nuathionscanta chun an bhearna seo a líonadh, tá sí ró-ilroinnte nó ró-eatramhach, nó níl an saineolas is gá ag an lucht bainistíochta. Ina theannta sin, tá an chuid is mó de na cistí caipitil riosca san Eoraip róbheag le tacú le fás leanúnach na gcuideachtaí nuálacha agus ní bhíonn an mhais chriticiúil acu le speisialtóireacht a dhéanamh ná oibriú ar bhonn trasnáisiúnta.

Tá iarmhairtí tromchúiseacha aige sin. Bhíodh thart ar EUR 7 billiún á n-infheistiú in aghaidh na bliana i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide ag cistí caipitil riosca na hEorpa sular tharla an ghéarchéim airgeadais, agus infheistíodh idir EUR 3 agus 4 bhilliún in 2009 agus in 2010. Bhí tionchar ag an laghdú a rinneadh ar chistiú caipitil riosca ar líon na gcomhlachtaí nuathionscanta ar tugadh cistí caipitil riosca dóibh: fuair thart ar 3,000 fiontar beag agus meánmhéide cistiú caipitil riosca sa bhliain 2007 i gcomparáid le tuairim is 2,500 in 2010.

I dtéarmaí breisluach an Aontais déanfaidh saoráid Cothromais i gcomhair T&N comhlánú ar scéimeanna náisiúnta nach féidir leo freastal a dhéanamh ar infheistíochtaí T&N trasteorann. Lena chois sin beidh éifeacht taispeántais ag idirbhearta luath-chéime a rachaidh chun sochair infheisteoirí poiblí agus príobháideacha ar fud na hEorpa. Maidir le céim an fháis, is ar an leibhéal Eorpach amháin is féidir an scála sin a bhaint amach mar aon le rannpháirtíocht láidir infheisteoirí príobháideacha atá fíor-riachtanach má tá margadh féinchothabhálach caipiteal riosca le feidhmiú.

Cuideoidh na **saoráidí Fiachais agus Cothromais**, a mbeidh tacaíocht acu ó thacar beart tionlacain, le baint amach cuspóirí beartais "Fís 2020". Chuige sin, beidh siad tiomanta do chomhdhlúthú agus d'ardú caighdeán bhonn eolaíochta na hEorpa; chur chun cinn taighde agus nuálaíochta le clár oibre dírithe ar ghnó; agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí agus béim faoi leith acu ar ghníomhaíochtaí mar phíolótú, mar thaispeántais, mar thrialacha sábháilte agus féachaint an nglacfaidh an margadh leo.

Ina theannta sin, cabhróidh siad le dul i ngleic le baint amach na gcuspóirí T&N atá ag cláir agus réimsí beartais eile, mar an Comhbheartas Talmhaíochta, gníomhú ar son na haeráide (athrú chuig geilleagar ísealcharbóin agus oiriúnú don athrú aeráide), agus an Comhbheartas Iascaigh. Forbrófar comhlántachtaí le hionstraimí airgeadais náisiúnta agus réigiúnacha i gcomhthéacs an Chomhchreata Straitéisigh i gcomhair Beartais Chomhtháthaithe, áit a bhfuiltear á thuar go mbeidh ról níos leithne ag ionstraimí airgeadais.

Nuair a bhíothas á ndearadh cuireadh san áireamh an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na saintréithe sonracha a bhaineann le heasnaimh sa mhargadh, (mar an méid fuinnimh agus ráta cruthaithe cuideachtaí) agus riachtanais mhaoinithe na réimsí sin agus réimsí eile. B'fhéidir go ndéanfaí oiriúnú ar leithdháiltí buiséadacha idir na hionstraimí i rith "Fís 2020" mar fhreagra ar athruithe ar dhálaí eacnamaíocha.

Maidir leis an tsaoráid Cothromais agus deis na bhfiontar beag agus meánmhéide leas a bhaint as an tsaoráid Fiachais, cuirfear i bhfeidhm iad mar chuid de dhá Ionstraim Airgeadais an AE a sholáthraíonn cothromas agus fiachas chun tacú le T&N agus fás na bhfiontar beag agus

meánmhéide i gcomhcheangal leis na saoráidí cothromais agus fiachais atá ann faoin gClár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide.

### 2.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) An tsaoráid Fiachais a chuirfidh maoiniú fiachais ar fáil i gcomhair T&N: ‘Seirbhís iasachta & ráthaíochta an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta'

Is é an aidhm feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú fiachais — iasachtaí, ráthaíochtaí, frithráthaíochtaí agus cineálacha eile maoinithe fiachais agus riosca — i gcomhair eintiteas poiblí agus príobháideach agus i gcomhair comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí atá páirteach i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhfuil infheistíochtaí rioscúla ag teastáil lena dtabhairt chun foirfeachta. Díreofar ar thacú le saothair thaighde agus nuálaíochta a bhfuil an-seans acu barr feabhais a bhaint amach.

Táthar ag súil go mbeidh na tairbhithe deiridh ina n-aonáin dhlíthiúla de gach méid a mbeidh sé ar a gcumas airgead a fháil ar iasacht agus é a aisíoc, agus go háirithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil an cumas iontu dul i mbun nuálaíochta agus fás go tapa; comhlachtaí meánchaipitlithe agus gnólachtaí móra; ollscoileanna agus institiúidí taighde; cineálacha éagsúla bonneagair thaighde agus bonneagair nuálaíochta; comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha; agus tionscadail nó meáin i gcomhair cuspóirí speisialta.

Beidh dhá phríomhghné ag baint leis an gcistiú a thabharfar don tsaoráid Fiachais:

(1) Gné **faoi thionchar an éilimh** ag soláthar iasachtaí agus ráthaíochtaí ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce, mar aon le tacaíocht faoi leith do thairbhithe mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus comhlachtaí meánchaipitlithe. Tabharfaidh an chomhpháirt seo freagra ar an bhfás seasta agus leanúnach atá le feiceáil i líon na n-iasachtaí SARR atá faoi thionchar an éilimh. Tacófar le gníomhaíochtaí faoin bhfuinneog le haghaidh Fiontar Beag agus Meánmhéide a bhfuil sé d’aidhm acu rochtain níos fearr a sholáthar d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus d’eintitis eile atá faoi thionchar T&F nó faoi thionchar nuálaíochta, nó faoi thionchar an dá rud le chéile.

(2) **Gné** a bheidh **spriocdhírithe** ar bheartais agus ar phríomhearnálacha atá ríthábhachtach le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, le cur le hiomaíochas, le tacú le fás cuimsitheach, inbhuanaithe, ísealcharbóin agus a sholáthróidh leas comhshaoil agus leas poiblí eile. Cabhróidh an ghné seo leis an Aontas dul i ngleic le gnéithe taighde agus nuálaíochta a bhaineann le cuspóirí beartas earnála.

(b) An tsaoráid Fiachais a chuirfidh maoiniú cothromais ar fáil i gcomhair T&N: ‘Ionstraimí cothromais an Aontais i gcomhair taighde agus nuálaíochta’

Is é an sprioc atá leo rannchuidiú le sárú na n-easnamh atá i margadh caipitil riosca na hEorpa agus cothromas agus cuasachothromas a chur ar fáil le freastal ar riachtanais forbartha agus maoinithe fiontar atá i mbun nuála ó chéim an tsíl ar aghaidh go céimeanna fáis agus fairsingithe. Leagfar béim ar thacú le cuspóirí "Fís 2020" agus le beartais ghaolmhara.

D’fhéadfadh sé gurb iad fiontair de gach méid atá i mbun gníomhaíochtaí nuálaíochta nó ag cur tús lena leithéid de ghníomhaíochtaí na tairbhithe deiridh a ndíreofar orthu, agus leagfar

béim faoi leith ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide nuálacha agus ar chomhlachtaí meánchaipitlithe.

Díreoidh an tsaoráid Cothromais ar mhaoiniú luathchéime caipitil ghnáthscaireanna a chuirfidh caipiteal fiontair agus cuasachothromas (lena n-áirítear caipiteal mezzanine) ar fáil d'fhiontair phunainne faoi leith. Lena chois sin beidh sé ar chumas na saoráide infheistíochtaí a dhéanamh ar chéimeanna fáis agus fairsingithe i gcomhcheangal leis an tSaoráid Ghnáthscaireanna um Fhás faoin gClár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide chun go dtabharfar tacaíocht leanúnach le linn tréimhsí tosaigh agus tréimhsí forbartha cuideachtaí.

Beidh an tsaoráid cothromais faoi thionchar an éilimh go príomha, agus bainfidh sí leas as cur chuige punainne, trína roghnóidh na cistí caipitil riosca agus idirghabhálaithe inchomparáide eile na gnólachtaí a ndéanfaidh siad infheistiú iontu.

B'fhéidir go gcuirfear cistí in áirithe le cabhrú le spriocanna áirithe beartas a bhaint amach, ag tógáil go háirithe ar an gcaoi ar éirigh go maith le cúrsaí sa Chlár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta inar cuireadh cistí in áirithe i gcomhair éiceanuálaíochta.

Cuirfidh an **fhuinneog nuathionscanta** a thacaíonn le céim an tsíl agus leis na céimeanna luatha, ar chumas infheistíochtaí cothromais a dhéanamh in eagraíochtaí aistrithe eolais, i gcistí caipitil síl, i gcistí síl trasteorann, i meáin chomh-infheistíochta aingeal gnó, i sócmhainní maoine intleachtúla, in ardáin do mhalartú agus trádáil ar chearta maoine intleachtúla, agus i gcistí caipitil riosca luathchéime, i measc rudaí eile.

Déanfaidh an **fhuinneog fáis** infheistíochtaí ag céimeanna fáis agus fairsingithe i gcomhcheangal leis an tSaoráid Ghnáthscaireanna um Fhás faoin gClár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide, lena n-áirítear infheistíochta i gcistí na gcistí atá ag feidhmiú thar theorainneacha agus infheistiú i gcistí caipitil riosca, a ndíreoidh an chuid is mó acu ar théamaí a thacaíonn le baint amach cuspóirí Eoraip 2020.

## 3. NUÁLAÍOCHT I BHFIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

### 3.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach fás a spreagadh trí leibhéil nuálaíochta sna Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide a ardú, agus a riachtanais éagsúla nuálaíochta a chuimsiú le linn na timthrialla nuálaíochta go léir i gcás gach cineál nuálaíochta, agus sa chaoi sin níos mó Fiontar Beag agus Meánmhéide a chruthú a fhásfaidh go tapa agus a bheidh gníomhach ar bhonn idirnáisiúnta.**

Nuair a chuirtear san áireamh an ról lárnach atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide i ngeilleagar na hEorpa, is léir go mbeidh ról ríthábhachtach ag taighde agus ag nuálaíocht sna Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ó thaobh cur le hiomaíochas, le fás geilleagrach agus le cruthú jabanna, agus sa chaoi sin spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach go mór mór maidir lena tionscnamh suaitheanta, an tAontas Nuálaíochta.

In ainneoin an sciar tábhachtach eacnamaíochta agus fostaíochta atá ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, agus an chaoi a bhféadfaidís nuálaíocht shuntasach a bhaint amach, mar sin féin tá fadhbanna méide le sárú acu má tá siad le bheith níos nuálaí agus níos iomaíche. Cé go mbíonn an oiread céanna cuideachtaí nuathionscanta san Eoraip is a bhíonn i Stáit Aontaithe

Mheiriceá, bíonn sé níos deacra ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hEorpa méadú agus bheith ina gcuideachtaí móra ná mar a bhíonn i gcás a gcomhghleacaithe sna Stáit Aontaithe. Cuireann an timpeallacht ghnó idirnáisiúnaithe, ina bhfuil slabhraí luacha ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, brú breise orthu. Ní mór d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide feabhas a chur ar a gcumas nuálaíochta. Ní mór dóibh eolas agus smaointe gnó, a ghiniúint, a ghlacadh agus a thráchtálú níos tapúla agus níos mó chun dul san iomaíocht go rathúil ar mhargaí domhanda atá ag athrú go tapa. Is é an dúshlán breis nuálaíochta a spreagadh i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, agus sa chaoi sin a n-iomaíochas agus a bhfás a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí atá beartaithe comhlánú a dhéanamh ar chláir agus ar bheartais nuálaíochta gnó idir náisiúnta agus réigiúnacha, comhar a chothú idir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe a bhfuil baint acu le nuálaíocht, an bhearna idir taighde / forbairt agus glacadh rathúil margaidh a líonadh, timpeallacht ghnó a thacóidh le nuálaíocht a chur ar fáil, lena n-áirítear bearta ar thaobh an éilimh de, agus tacaíocht a chuirfidh san áireamh nádúr athraitheach na bpróiseas nuálaíochta, agus teicneolaíochtaí, margaí agus samhlacha nua gnó.

Cruthófar naisc láidre le beartais an Aontais a bhaineann le tionscail faoi leith, go háirithe an Clár le haghaidh Iomaíochas Fiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide agus cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, d'fhonn a chinntiú go mbeidh sineirgí ann agus cur chuige comhtháite.

### 3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide is mó a chuireann nuálaíocht chun cinn toisc go mbíonn siad in ann gnólachtaí rathúla a dhéanamh de smaointe nua. Feidhmíonn siad mar sheoladáin thábhachtacha le haghaidh iarmhairt eolais ag cur torthaí taighde i lár an mhargaidh. Tá sé léirithe le fiche bliain anuas go ndearna Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide nuálacha athnuachan ar earnálacha iomlána agus gur chruthaigh siad tionscail nua. Tá fiontair atá ag fás go tapa ríthábhachtach d'fhorbairt tionscal atá ag teacht chun cinn agus chun dlús a chur faoi na hathruithe struchtúracha sin atá riachtanach don Eoraip má tá sí le bheith ina geilleagar eolas-bhunaithe agus ísealcharbóin a mbeidh fás leanúnach uirthi agus poist ardcháilíochta á gcruthú inti.

Bíonn fiontair bheaga agus mheánmhéide le fáil i ngach earnáil den gheilleagar. Cuid níos tábhachtaí de gheilleagar na hEorpa is ea iad ná mar atá i gcás réigiún eile mar Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is féidir le gach cineál fiontar beag agus meánmhéide dul i mbun nuálaíochta. Ní mór iad a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i nuálaíocht. Lena linn sin ba cheart go mbeidís in ann tarraingt ar acmhainneacht iomlán nuálach an mhargaidh inmheánaigh agus an Limistéir Eorpaigh Taighde le deiseanna nua gnó a chruthú san Eoraip agus níos faide agus cabhrú chun teacht ar réitigh ar dhúshláin thábhachtacha shochaíocha.

Nuair a ghlacann Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide páirt i dtaighde agus i nuálaíocht an Aontais neartaíonn sé sin a gcumas T&F agus teicneolaíochta, méadaíonn sé a n-acmhainn rudaí nua a fháil amach, eolas nua a tharraingt chucu féin agus a úsáid, cuireann le leas a bhaint as réitithe nua geilleagracha, spreagann sé nuálaíocht maidir le táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó, cuireann sé gníomhaíochtaí gnó chun cinn i margaí níos mó agus cuireann sé bonn idirnáisiúnta faoi ghréasáin eolais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide. Is minic i gcás Fiontar Beag agus Meánmhéide a bhfuil dea-bhainistíocht maidir le nuálaíocht curtha i

bhfeidhm acu, agus iad ag brath go minic ar shaineolas agus ar scileanna seachtracha dá bharr sin, go sáraíonn siad feidhmiú dreamanna eile.

Tá comhoibriú trasteorann ina ghné thábhachtach de straitéis nuálaíochta na bhfiontar beag agus meánmhéide chun cuid de na fadhbanna atá acu de bharr a laghad is atá siad a réiteach, fadhbanna mar rochtain ar inniúlachtaí teicneolaíocha agus eolaíocha agus ar mhargaí nua. Cabhraíonn siad chun brabús a bhaint as smaointe nua agus na cuideachtaí féin a mhéadú, agus infheistíocht phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú dá thoradh sin.

Bíonn ról ríthábhachtach maidir le cur chun cinn na bhfiontar beag agus meánmhéide ag cláir réigiúnacha agus náisiúnta um thaighde agus nuálaíocht, agus is minic a fhaigheann na cláir sin tacaíocht ó bheartas comhtháthaithe na hEorpa. Go háirithe, bíonn ról ríthábhachtach ag cistí an Bheartais Chomhtháthaithe trí chumas a fhorbairt agus cosán i dtreo barr feabhais a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide d'fhonn tionscadail den scoth a fhorbairt a d'fheadfadh dul san iomaíocht chun cistiú a fháil faoi "Fís 2020". Dá ainneoin sin, níl ach cúpla clár náisiúnta agus réigiúnach ann a chuireann cistiú ar fáil do thaighde trasnáisiúnta agus do ghníomhaíochtaí nuálacha a chuireann fiontair bheaga agus mheánmhéide i gcrích, do scaipeadh agus do ghlacadh réiteach nuálach ar fud an Aontais ná do sheirbhísí tacaíochta nuálaíochta trasteorann. Is é an dúshlán atá ann tacaíocht atá oscailte ó thaobh téama de a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun tionscadail idirnáisiúnta a chur i gcrích i gcomhréir le straitéisí nuálaíochta cuideachtaí. Tá gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais riachtanach, dá bhrí sin, mar chomhlánú ar ghníomhaíochtaí a gabhadh ar láimh ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, d'fhonn a dtionchar a fheabhsú agus rochtain a sholáthar ar na córais tacaíochta taighde agus nuálaíochta.

### 3.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Príomhshruthú tacaíochta d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Tabharfar tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide in "Fís 2020". Chuige seo cuirfidh ionstraim thiomnaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide tacaíocht chéimneach gan uaim ar fáil a chuimseoidh an timthriall nuálaíochta ina hiomláine. Beidh ionstraim na bhfiontar beag agus meánmhéide dírithe ar gach cineál fiontar beag agus meánmhéide atá nuálach agus a léiríonn uaillmhian láidir le dul i mbun forbartha, fáis agus idirnáisiúnaithe. Cuirfear ar fáil é i gcomhair gach cineál nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht sheirbhíse, nuálaíocht neamh-theicneolaíochta, agus nuálaíocht shóisialta. Is é an aidhm cumas nuálaíochta na bhfiontar beag agus meánmhéide a fhorbairt agus caipitliú a dhéanamh air trí an bhearna atá sa chistiú i gcomhair taighde ardriosca agus nuálaíochta na céime tosaigh a líonadh, nuálaíochtaí a spreagadh agus an tráchtálú a dhéanann an earnáil phríobháideach ar thorthaí taighde a mhéadú.

Cuirfear ionstraim thiomnaithe na bhfiontar beag agus meánmhéide i bhfeidhm maidir le gach ceann de na cuspóirí sonracha faoi dhúshláin shochaíocha agus faoi cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha agus cionroinnfear suim airgid chuige sin.

(b) Tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide dian-thaighde

Is é an sprioc an nuálaíocht dírithe ar an margadh atá idir lámha ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá i mbun T&F a chur chun cinn. Beidh gníomhaíocht shonrach dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá i mbun dian-thaighde sna hearnálacha ardteicneolaíochta a léiríonn an cumas saothrú tráchtála a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail.

(c) Cur le cumas nuálaíochta na bhFiontar Beag agus Meánmhéide

Tacófar le gníomhaíochtaí a chabhraíonn le cur chun feidhme na mbeart sonrach i leith na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna) in "Fís 2020" agus a dhéanann comhlánú orthu, go háirithe chun cur le cumas nuálaíochta na FBManna.

(d) Tacú le nuálaíocht atá faoi thionchar an mhargaidh

Tacú le nuálaíocht atá faoi thionchar an mhargaidh chun feabhas a chur ar chreatchoinníollacha le haghaidh nuálaíochta agus dul i ngleic leis na bacainní sonracha atá ag cosc, go háirithe, fás FBManna nuálacha.

# CUID III
# DÚSHLÁIN SHOCHAÍOCHA

## 1. AN TSLÁINTE, AN T-ATHRÚ DÉIMEAGRAFACH AGUS AN FHOLLÁINE

### 1.1. Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach sláinte agus folláine gach duine a fheabhsú ar feadh a saoil.**

Sláinte agus folláine do gach duine ar feadh a saoil, córais sláinte agus cúraim ardcháilíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, agus deiseanna le haghaidh post nua agus fáis, is iad sin na haidhmeanna atá leis an tacaíocht atá á tabhairt do thaighde agus don nuálaíocht mar fhreagra ar an dúshlán seo agus cabhróidh siad go mór le baint amach Eoraip 2020.

Tá costas a bhaineann le córais sláinte agus cúraim shóisialta an Aontais ag méadú agus tá bearta cúraim agus coiscthe ag éirí níos costasaí i gcás gach duine is cuma cén aois iad, meastar go ndéanfar beag nach dúbláil ar líon na nEorpach os cionn 65 bliain d'aois ó 85 milliún in 2008 go dtí 151 milliún faoin mbliain 2060, agus go méadóidh líon na ndaoine os cionn 80 ó 22 milliún go 61 milliún sa tréimhse chéanna. Má tá na costais sin le laghdú nó chun bheith inbhuanaithe braithfidh sé i bpáirt ar a áirithiú go mbeidh sláinte agus folláine ag gach duine ar feadh a saoil agus ar an ábhar sin braithfidh sé ar ghalair agus ar mhíchumas a chosc, a chóireáil agus a bhainistiú go héifeachtach.

Príomhfhoinsí míchumais, drochshláinte agus bás róluath iad riochtaí ainsealacha amhail galar cardashoithíoch, ailse, diaibéiteas, neamhoird néareolaíocha agus sláinte mheabhrach, rómheáchan agus raimhre mar aon le srianta éagsúla feidhmiúla, agus bíonn costais shuntasacha shóisialta agus eacnamaíocha ag baint leo.

Faigheann breis agus 2 mhilliún duine bás san Aontas gach bliain de bharr galar cardashoithíoch, agus cosnaíonn sé sin níos mó ná EUR 192 billiún ar an ngeilleagar. Faigheann duine as ceathrar bás de bharr ailse agus is í sin príomhchúis bás daoine atá idir 45 agus 64 bliain d'aois. Tá os cionn 27 milliún duine san Aontas ag fulaingt ó diaibéiteas agus meastar gurb é EUR 800 billiún costas iomlán na neamhord inchinne (lena n-áirítear costais a bhaineann le sláinte mheabhrach ach gan a bheith teoranta dóibh). Tá baint ag tosca comhshaoil, ag stíleanna maireachtála agus ag dálaí socheacnamaíocha lena lán de na riochtaí sin agus meastar go bhfuil baint acu le trian d'ualach galair an domhain.

Cúis imní domhanda iad galair thógálacha (m.sh. VEID/SEIF, maláire agus eitinn), agus is iad atá freagrach as 41% den 1.5 billiún bliain coigeartaithe saoil de bharr míchumais ar fud an domhain, agus tarlaíonn 8% díobh sin san Eoraip. Ní mór ullmhú i gcomhair eipidéimí atá ag teacht chun cinn agus don fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh atá ag méadú.

Ag an am céanna tá próisis fhorbartha drugaí agus vacsaíní ag éirí níos costasaí agus bíonn éifeacht níos lú acu. Ní mór aghaidh a thabhairt ar éagothroime mharthanach sláinte, agus ní mór rochtain ar chórais sláinte atá éifeachtach agus inniúil a áirithiú do gach duine san Eoraip.

## 1.2 Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní chuireann teorainneacha náisiúnta deireadh le galair ná le míchumas. D’fhéadfadh taighde agus nuálaíocht ar leibhéal iomchuí na hEorpa freagra ríthábhachtach a thabhairt ar na dúshláin sin agus ba cheart é sin a dhéanamh. D’fhéadfaidís sláinte níos fearr agus folláine a sholáthar do gach duine agus ceannaire a dhéanamh den Eoraip sna margaí domhanda le haghaidh nuálaíochtaí sláinte agus folláine atá ag fás go tapa.

Braitheann an freagra ar fheabhas an taighde chun an tuiscint bhunúsach atá againn ar shláinte, ar ghalair, ar mhíchumas, ar fhorbairt agus ar dhul in aois (lena n-áirítear ionchas saoil), agus ar an gcaoi a aistreofar gan uaim an t-eolas atá ann agus an t-eolas a gheofar dá bharr chuig táirgí, straitéisí, idirghabhálacha agus seirbhísí a bheidh nuálach, inscálaithe agus éifeachtach. Ina theannta sin, éilíonn ábharthacht na ndúshlán sin ar fud na hEorpa agus i mórán cásanna, ar fud an domhain, go dtabharfar freagra orthu a mbeidh an tréith seo a leanas ag baint leis, go dtabharfar tacaíocht fhadtéarmach chomhordaithe do chomhoibriú idir foirne ildisciplíneacha, il-earnála den scoth.

Ar an gcaoi chéanna, ó tá an dúshlán chomh casta sin agus na comhpháirteanna chomh hidirspleách ar a chéile caithfear freagairt dó ar leibhéal na hEorpa. Tá feidhm ag go leor cineálacha cur chuige, uirlisí agus teicneolaíochtaí ar fud réimsí iomadúla taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis an dúshlán seo agus is ar leibhéal an Aontais is fearr a thabharfar tacaíocht dóibh. Ina measc seo tá forbairt cohórt fadtéarmach agus stiúradh trialacha cliniciúla, úsáid chliniciúil a bhaint as cleachtais a gcríochnaíonn a n-ainmneacha Béarla le "-omics" nó forbairt TFC agus a gcur i bhfeidhm i gcleachtas cúraim sláinte, go háirithe sa ríomhshláinte. Is fearr déileáil le riachtanais shonracha daonraí faoi leith ar bhealach comhtháite, mar shampla i bhforbairt leigheas srathaithe agus/nó pearsanta, trí chóireáil a dhéanamh ar ghalair neamhchoitianta, agus trí shocruithe a cheapadh le cur ar chumas daoine maireachtáil go neamhspleách nó le cúnamh ó dhaoine eile.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do réimse iomlán na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun an tionchar is mó a fháil ó bhearta ar leibhéal an Aontais. Ón taighde bunúsach ar aghaidh trí aistriú eolais go trialacha móra agus bearta léirithe, agus tarraingt ar infheistíocht phríobháideach; go soláthar poiblí agus réamhthráchtálach táirgí, seirbhísí nua, réitigh inscálaithe, atá comh-inoibritheach nuair is gá sin agus a bhfuil tacaíocht le fáil acu ó chaighdeáin atá sainmhínithe agus/nó ó threoirlínte coitianta. Tacóidh an iarracht chomhordaithe, Eorpach seo le forbairt leanúnach an Limistéir Eorpaigh Taighde. Beidh comhéadan aici, de réir mar is cuí agus nuair is cuí, le gníomhaíochtaí a forbraíodh i gcomhthéacs an Chláir Sláinte i gcomhair Fáis agus na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí ar Dhul in Aois go Gníomhach, Sláintiúil.

## 1.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

Féadfar galar a chosc agus folláine a fheabhsú trí chur chun cinn éifeachtach na sláinte, arna tacú le bonn fianaise stóinsithe, agus tá sé éifeachtúil ó thaobh costais de chomh maith. Braitheann cur chun cinn na sláinte agus cosc ar ghalair ar thuiscint ar dheitéarmanaint na sláinte, ar uirlisí coisctheacha éifeachtacha, amhail vacsaíní, ar ullmhacht agus ar fhaireachas éifeachtach maidir le sláinte agus galar, agus ar chláir scagthástála éifeachtacha freisin.

Tacaítear le hiarrachtaí rathúla chun galair, míchumas agus cumas laghdaithe a chosc, a bhainistiú, a chóireáil agus a leigheas trí bhíthin na tuisceana bunúsaí ar na deitéarmanaint agus na cúiseanna leo, ar a bpróisis agus ar a n-iarmhairtí, mar aon leis na fachtóirí is bun le

dea-shláinte agus folláine. Tá sé riachtanach freisin go ndéanfaí sonraí a comhroinnt go héifeachtach agus go ndéanfaí na sonraí sin a nascáil le staidéir chohóirt mhórscála, chomh maith le torthaí taighde a aistriú go dtí an clinic, go háirithe trí thrialacha cliniciúla a dhéanamh.

Cuirtear éilimh bhreise ar na hearnálacha sláinte agus cúraim freisin de bharr an ualaigh mhéadaithigh ó thaobh galair agus míchumais de, i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois. Má táthar chun sláinte agus cúram éifeachtach do chách a chothabháil, tá gá le hiarrachtaí chun cinnteoireacht a fheabhsú maidir le cosc agus cóireáil a sholáthar, chun scaipeadh an dea-chleachtais a aithint agus chun tacú leis sna hearnálacha sláinte agus cúraim, agus chun tacú le cúram comhtháite agus le roghnú forleathan na nuálaíochtaí sóisialta, eagraíochtúla agus teicneolaíochta, lena gcumasaítear do dhaoine scothaosta go háirithe, agus do dhaoine faoi mhíchumas, fanacht gníomhach agus neamhspleách. Dá ndéanfaí a leithéid, rannchuideofaí le fad tréimhse a bhfolláine fisicí, sóisialta agus intinne a shíneadh agus a fheabhsú.

Déanfar na gníomhaíochtaí sin go léir a ghabháil ar láimh ar bhealach ina gcuirfear tacaíocht ar fáil ar feadh an timthrialla taighde agus nuálaíochta, lena neartófar iomaíochas na dtionscal atá bunaithe san Eoraip agus lena bhforbrófar deiseanna margaidh nua.

Áireofar na nithe seo a leanas leis na gníomhaíochtaí sonracha: tuiscint a fháil ar dheitéarmanaint na sláinte (lena n-áirítear fachtóirí comhshaoil agus aeráide), cur chun cinn na sláinte agus cosc ar ghalair a fheabhsú; galair a thuiscint agus diagnóis a fheabhsú; cláir scagthástála éifeachtacha a fhorbairt agus measúnú ar sho-ghabhálacht i leith galar a fheabhsú; faireachas agus ullmhacht a fheabhsú; vacsaíní coisctheacha níos fearr a fhorbairt; cógas in-silico a úsáid chun bainistiú agus tuar galar a fheabhsú; galar a chóireáil; eolas a aistriú go dtí cleachtas cliniciúil agus gníomhaíochtaí nuálaíochta inscálaithe; úsáid níos fearr a bhaint as sonraí sláinte; aosú gníomhach, maireachtáil neamhspleách agus fhóirithinte; cumhachtú aonair i gcomhair fhéin-bhainistíocht na sláinte; cur chun cinn an chúraim chomhtháite; feabhas a chur ar uirlisí eolaíochta agus ar mhodhanna chun tacú le cinnteoireacht agus riachtanais rialála; agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras cúraim sláinte a bharrfheabhsú agus neamhionannais a laghdú trí bhíthin cinnteoireachta bunaithe ar fhianaise agus scaipeadh an dea-chleachtais, mar aon le cineálacha cur chuige agus teicneolaíochtaí nuálacha.

## 2. SÁBHÁILTEACHT AN TSOLÁTHAIR BIA, AN TALMHAÍOCHT INBHUANAITHE, TAIGHDE AR CHÚRSAÍ NA MARA AGUS AR CHÚRSAÍ MUIRÍ, AGUS AN BITHGHEILLEAGAR;

### 2.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach soláthairtí leordhóthanacha bia sábháilte agus ardchaighdeáin agus táirgí eile bithbhunacha a dhaingniú, trí chórais táirgthe phríomhúla a fhorbairt atá táirgiúil agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de, lena gcothófar seirbhísí éiceachórais lena mbaineann, in éineacht le slabhraí soláthair ísealcharbóin agus iomaíocha. Ar an mbealach sin déanfar an t-aistriú chuig bithgheilleagar Eorpach inbhuanaithe a luathú.**

Thar na mblianta seo amach romhainn, beidh dúshláin eile os comhair na hEorpa, lena n-áirítear iomaíocht mhéadaithe i leith acmhainní nádúrtha teoranta agus finideacha, iarmhairtí an athraithe aeráide, go háirithe ar chórais táirgthe phríomhúla (talmhaíocht, foraoiseacht, iascach agus dobharshaothrú) agus an gá le soláthar bia inbhuanaithe, sábháilte

agus slán a chur ar fáil do dhaonra na hEorpa agus do dhaonra an domhain atá ag dul i méid. Meastar go mbeidh méadú 70 % ar sholáthar bia an domhain riachtanach chun bia a sholáthar do dhaonra 9 mbilliún an domhain faoin mbliain 2050. Is ionann talmhaíocht agus 10 % d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa an Aontais, agus cé go bhfuil laghdú ag teacht orthu san Eoraip, meastar go dtiocfaidh méadú suas le 20 % ar astaíochtaí ó thalmhaíocht ar fud an domhain faoi 2030. Ina theannta sin, ní mór don Eoraip soláthairtí leordhóthanacha amhábhar, fuinnimh agus táirgí tionsclaíocha a áirithiú, i ndálaí ina mbeidh acmhainní breosla iontaise ag dul i léig (meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar 60 % ar tháirgeadh ola agus gáis leachtaigh faoi 2050), ach beidh uirthi fanacht iomaíoch ag an am céanna. Is fadhb mhór í an bhithdhramhaíl (meastar go bhfuil suas le 138 milliún tona in aghaidh na bliana san Aontas, agus go bhfuil suas le 40 % de sin i líonta talún) a bhfuil costas ard i gceist léi, d'ainneoin a breisluach féideartha. Mar shampla, cuirtear thart ar 30 % den bhia uile arna tháirgeadh i dtíortha forbartha i leataobh. Is gá athruithe móra a dhéanamh chun an méid sin a laghdú faoi 50 % san Aontas faoi 2030[26]. Ina theannta sin, ní bhaineann teorainneacha náisiúnta le hábhar maidir le leathadh galar agus lotnaidí planda agus ainmhí, lena n-áirítear galair zónóiseacha, agus pataiginí bia-iompartha. Fad is atá gá le bearta coisctheacha náisiúnta éifeachtacha, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais riachtanach le haghaidh reáchtáil éifeachtach an mhargaidh aonair agus rialú iomlán air. Tá an dúshlán casta, beidh tionchar aige ar raon leathan earnálacha idirnasctha agus beidh iolracht cineálacha cur chuige ag teastáil ina leith.

Tá níos mó acmhainní bitheolaíochta ná riamh ag teastáil chun an t-éileamh ar an margadh le haghaidh soláthair bhia atá slán agus sláintiúil, bithábhar, bithbhreoslaí agus táirgí bithbhunacha, ó earraí tomhaltais go dtí bulc-cheimiceáin, a shásamh. Tá cumais na n-éiceachóras uisceach agus trastíre atá riachtanach dá dtáirgeadh teoranta áfach, fad is atá éilimh iomaíocha ann dá n-úsáid, agus go minic ní dhéantar iad a bhainistiú ar an mbealach is fearr, mar atá léirithe mar shampla trí mheath mór ar chion carbóin agus ar thorthúlacht na hithreach. Tá raon feidhme tearcúsáidte ann chun seirbhísí éiceachórais a chothú ó thalamh feirme, foraoisí, uiscí na mara agus fionnuiscí trí spriocanna comhshaoil agus agranamaíocha a chomhtháthú i dtáirgeadh inbhuanaithe.

Féadfar acmhainneacht acmhainní bitheolaíochta agus éiceachóras a úsáid ar bhealach i bhfad níos inbhuanaithe, níos éifeachtúla agus níos comhtháite. Mar shampla, d'fhéadfaí leas níos mó a bhaint as acmhainneacht na bithmhaise ó fhoraoisí agus sruthanna dramhaíola ó bhunúis talmhaíochta, uisceacha, thionsclaíocha agus bhardasacha.

Go bunúsach, tá gá le trasdul i dtreo úsáid bharrmhaith agus in-athnuaite acmhainní bitheolaíochta agus i dtreo príomhchóras próiseála agus táirgthe inbhuanaithe, lena bhféadfaí níos mó bia agus táirgí bithbhunacha eile a tháirgeadh agus ag an am céanna na hionchuir, an tionchar ar an gcomhshaol agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a íoslaghdú, chomh maith le seirbhísí éiceachórais a fheabhsú, gan aon dramhaíl a bheith i gceist agus luach leormhaith a chruthú don tsochaí. Tá iarracht chriticiúil de nuálaíocht agus taighde idirnasctha ina príomhghné chun é sin a bhaint amach, san Eoraip agus níos faide anonn.

### 2.2 Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Is iad an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an t-iascach mar aon leis na tionscail bhithbhunacha na mórearnálacha atá mar bhonn agus mar thaca ag an mbithgheilleagar. Tá margadh mór atá ag dul i méid i gceist leis an mbithgheilleagar. Meastar gur fiú breis agus

[26] COIM (2011)0112

EUR 2 thrilliún é, lena soláthraítear 20 milliún post agus lenar bhain 9 % den fhostaíocht iomlán san Aontas in 2009. Cuirfidh infheistíochtaí i dtaighde agus i nuálaíocht faoin dúshlán sochaíoch seo ar chumas na hEorpa ceannaireacht a ghlacadh sna margaí lena mbaineann agus beidh ról acu i gcuspóirí na straitéise Eoraip 2020 a bhaint amach, mar aon lena tionscnaimh shuaitheanta – an tAontas Nuálaíochta agus Eoraip atá éifeachtúil ar Acmhainní.

Ginfear breisluach ard Eorpach de thoradh ar bhithgheilleagar Eorpach atá iomlán feidhmiúil – lena gcuimsítear táirgeadh inbhuanaithe acmhainní in-athnuaite ó thimpeallachtaí uisceacha agus talún agus iad a aistriú go dtí bia, táirgí bithbhunacha agus bithfhuinneamh, mar aon leis na hearraí poiblí gaolmhara. Má dhéantar é a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, féadfar lorg comhshaoil an táirgthe phríomhúil agus an tslabhra soláthair ina iomláine a laghdú. Féadfar a n-iomaíochas a fheabhsú agus poist agus deiseanna gnó a sholáthar le haghaidh forbartha tuaithe agus cósta mar thoradh. Is de chineál Eorpach agus domhanda iad na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht an tsoláthair bia, le talmhaíocht inbhuanaithe, agus leis an mbithgheilleagar foriomlán. Tá gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais riachtanach chun braislí a thabhairt le chéile chun an leithead agus an mhais chriticiúil atá riachtanach chun iarrachtaí arna ndéanamh ag Ballstát nó ag grúpaí Ballstát a chomhlánú. Trí bhíthin cur chuige ilghníomhaí áiritheofar na hidirghníomhaíochtaí crostoirchithe riachtanacha idir taighdeoirí, gnóthaí, feirmeoirí/táirgeoirí, comhairleoirí agus úsáideoirí deiridh. Tá gá le leibhéal an Aontais freisin chun comhchuibheas a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar an dúshlán sin thar earnálacha agus le naisc láidre le beartais ábhartha an Aontais. Trí thaighde agus nuálaíocht a chomhordú ar leibhéal an Aontais tabharfar spreagadh agus cabhrófar chun na hathruithe riachtanacha a luathú ar fud an Aontais.

Nascfar taighde agus nuálaíocht le raon leathan beartas de chuid an Aontais agus le spriocanna gaolmhara, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta (go háirithe an Beartas Forbartha Tuaithe) agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach 'Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta', an Comhbheartas Iascaigh, an Beartas Muirí Comhtháite, an Clár Eorpach um Athrú Aeráide, an Chreat-Treoir Uisce, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an Plean Gníomhaíochta um Fhoraoiseacht, an Straitéis Théamach Ithreach, Straitéis Bithéagsúlachta 2020 an Aontais, an Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh, beartais nuálaíochta agus thionsclaíocha an Aontais, beartais sheachtracha agus beartais um chúnamh forbartha, straitéisí sláinte plandaí, straitéisí leasa agus sláinte ainmhí agus creataí rialála chun an comhshaol a an tsláinte agus an tsábháilteacht a chosaint, chun éifeachtúlacht acmhainní agus gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid a chur chun cinn, agus chun dramhaíl a laghdú. Dá ndéanfaí taighde agus nuálaíocht a chomhtháthú níos fearr i mbeartais ghaolmhara an Aontais cuirfear feabhas suntasach ar a mbreisluach Eorpach, soláthrófar iarmhairtí giarála, méadófar a n-ábharthacht shochaíoch agus cabhrófar chun margaí bithgheilleagair agus margaí bainistíochta aigéan, farraigí agus talún inbhuanaithe a fhorbairt a thuilleadh.

Ar mhaithe le tacú le beartais an Aontais a bhaineann leis an mbithgheilleagar agus chun rialachas agus faireachán ar thaighde agus nuálaíocht a éascú, déanfar taighde socheacnamaíoch agus gníomhaíochtaí forásacha maidir leis an straitéis bithgheilleagair, lena n-áirítear forbairt táscairí, bunachar sonraí, samhlacha, fadbhreathnaitheacht agus tuar, measúnú tionchair ar thionscnaimh maidir leis an ngeilleagar, an tsochaí agus an comhshaol.

Tacófar le gníomhaíochtaí arna spreagadh ag dúshláin ina ndíreofar ar thairbhí sóisialta agus eacnamaíocha agus ar nuachóiriú na margaí agus na n-earnálacha a bhaineann leis an mbithgheilleagar trí thaighde ildisciplíneach, lena spreagfar nuálaíocht agus forbrófar cleachtais, táirgí agus próisis nua mar thoradh. Rachfar i mbun cur chuige fhorleathan i leith

na nuálaíochta chomh maith, ó nuálaíocht teicneolaíochta, neamh-theicneolaíochta, eagraíochtúil, eacnamaíoch agus shóisialta go dtí samhlacha gnó núíosacha, brandáil agus seirbhísí.

## 2.3 Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Talmhaíocht agus foraoiseacht inbhuanaithe

Is é an aidhm soláthar leordhóthanach bia, beatha, bithmhais agus amhábhar eile a chur ar fáil, agus acmhainní nádúrtha a chosaint agus seirbhísí éiceachóras a fheabhsú, lena n-áirítear dul i ngleic leis an athrú aeráide agus é a mhaolú. Díreofar na gníomhaíochtaí ar chórais fhoraoiseachta agus talmhaíochta níos inbhuanaithe agus níos táirgiúla, atá athléimneach agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de araon (lena n-áirítear ísealcharbóin), agus ag an am céanna ar sheirbhísí, coincheapa agus beartais a fhorbairt le haghaidh slite beatha tuaithe rathúla.

(b) Earnáil agraibhia inbhuanaithe agus iomaíoch le haghaidh aiste bia sábháilte agus sláintiúla

Is é an aidhm riachtanais saoránach maidir le bia sábháilte, sláintiúil agus inacmhainne a chomhlíonadh, agus chun próiseáil agus scaipeadh bia agus beatha a dhéanamh níos inbhuanaithe agus earnáil an bhia a dhéanamh níos iomaíche. Díreofar na gníomhaíochtaí ar bhianna sláintiúla agus sábháilte do chách, ar roghanna eolasacha ag tomhaltóirí, agus ar mhodhanna próiseála bia iomaíocha lena n-úsáidtear níos lú acmhainní agus lena dtáirgtear níos lú fotháirgí, dramhaíola agus gás ceaptha teasa.

(c) Acmhainneacht acmhainní uisceacha beo a scaoileadh

Is é an aidhm úsáid a bhaint as acmhainní uisceacha beo ar bhonn inbhuanaithe, chun tairbhí/torthaí sóisialta agus eacnamaíocha ó aigéin agus ó fharraigí na hEorpa a uasmhéadú. Díreofar na gníomhaíochtaí ar ranníocaíocht bharrmhaith chun soláthairtí bia a dhaingniú trí iascach inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt, mar aon le dobharshaothrú Eorpach iomaíoch i gcomhthéacs an gheilleagair dhomhanda, agus ar nuálaíocht mara trí bhiteicneolaíocht a fheabhsú chun fás cliste “gorm” a mhéadú.

(d) Tionscail bhithbhunacha iomaíocha agus inbhuanaithe

Is é an aidhm tionscail bhithbhunacha Eorpacha ísealcharbóin, inbhuanaithe agus iomaíocha atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a chur chun cinn. Díreofar na gníomhaíochtaí ar an mbithgheilleagar a chothú trí tháirgí agus próisis thionsclaíocha thraidisiúnta a aistriú go dtí cinn atá tíosach ar fhuinneamh agus cinn ina mbaintear úsáid as acmhainní bithbhunacha, ar bhithscaglanna comhtháite a fhorbairt, bithmhais ó tháirgeadh príomhúil a úsáid, fotháirgí an tionscail bhithbhunaigh agus bithdhramhaíola, agus margaí nua a oscailt trí thacú le gníomhaíochtaí caighdeánaithe, rialála agus taispeántais/trialach allamuigh agus gníomhaíochtaí eile, agus iarmhairt an bhithgheilleagair ar úsáid na talún agus athruithe in úsáid na talún á gcur san áireamh.

## 3. FUINNEAMH ATÁ SLÁN, GLAN AGUS ÉIFEACHTÚIL

### 3.1. Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach aistriú go dtí córas fuinnimh atá iontaofa, inbhuanaithe agus iomaíoch chun dul i ngleic le hacmhainní atá ag éirí níos teirce, le riachtanais fuinnimh atá ag éirí níos géire agus leis an athrú aeráide.**

Tá sé beartaithe ag an Aontas astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú faoi 20 % níos lú ná leibhéil 1990 faoin mbliain 2020, agus tá sé beartaithe laghdú breise go dtí 80-95 % a dhéanamh faoin mbliain 2050. Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdófaí 20 % den ídiú fuinnimh deiridh le foinsí in-athnuaite fuinnimh in 2020, mar aon le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh de 20 %. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh gá le hollchóiriú ar an gcóras fuinnimh lena gceanglófar próifíl ísealcharbóin, slándáil fuinnimh agus inacmhainneacht, agus ag an am céanna treiseofar iomaíochas eacnamaíoch na hEorpa. Tá an Eoraip i bhfad ón sprioc fhoriomlán sin faoi láthair. Braitheann 80 % de chóras fuinnimh na hEorpa ar bhreoslaí iontaise go fóill, agus táirgeann an earnáil 80 % d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa ar fad an Aontais. Gach bliain, caitear 2.5 % d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) an Aontais ar allmhairí fuinnimh agus is cosúil go dtiocfaidh méadú air sin. Má leanann an treocht sin ar aghaidh bheimis ag brath go hiomlán ar allmhairí ola agus gáis faoi 2050. I bhfianaise na bpraghsanna fuinnimh luaineacha ar an margadh domhanda, mar aon le himní faoi shlándáil an tsoláthair, tá sciar níos mó dá gcuid ioncaim á chaitheamh ag tionscail agus tomhaltóirí Eorpacha ar fhuinneamh.

Léirítear sa phlean oibre chun geilleagar ísealcharbóin iomaíoch a bhaint amach faoi 2050[27] nach mór na laghduithe sprice in astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach laistigh de chríoch an Aontais go príomha. Cuimseofar leis sin astaíochtaí CO2 a laghdú faoi os cionn 90 % faoi 2050 san earnáil chumhachta, faoi os cionn 80 % in earnáil na tionsclaíochta, faoi 60 % ar a laghad in earnáil an iompair agus faoi thart ar 90 % san earnáil chónaithe agus i seirbhísí.

Chun na laghduithe sin a bhaint amach, ní mór infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh i dtaighde, forbairt, taispeántas agus feidhmiú céimneach sa mhargadh i leith seirbhísí agus teicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin atá éifeachtúil, sábháilte agus iontaofa. Ní foláir nó go mbeadh dlúthbhaint eatarthu sin agus réitigh neamh-theicneolaíochta ó thaobh soláthair agus éilimh araon de. Ní foláir nó go mbeadh an méid sin go léir mar chuid de bheartas ísealcharbóin comhtháite, lena n-áirítear máistreacht a fháil ar phríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, go háirithe réitigh TFC agus monaraíocht agus próiseáil cheannródaíoch, agus ábhair cheannródaíocha. Is é an sprioc seirbhísí agus teicneolaíochtaí fuinnimh éifeachtúla a sholáthar ar féidir iad a ghlacadh go forleathan ar mhargaí na hEorpa agus ar mhargaí idirnáisiúnta, agus chun bainistíocht chliste a bhunú ar thaobh an éilimh bunaithe ar mhargadh trádála fuinnimh oscailte agus trédhearcach agus ar chórais chliste bainistíochta éifeachtúlachta fuinnimh.

### 3.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní foláir nó go rachadh réitigh agus teicneolaíochtaí nua in iomaíocht, ó thaobh costais agus iontaofachta de, i gcoinne córas fuinnimh barrfheabhsaithe go mór a bhfuil sealbhóirí agus

[27] COIM(2011) 112

teicneolaíochtaí dea-bhunaithe ag gabháil leo. Tá taighde agus nuálaíocht ríthábhachtach chun na foinsí fuinnimh ísealcharbóin nua sin atá níos glaine agus níos éifeachtúla a dhéanamh tarraingteach chun críocha tráchtála ar an scála is gá. Ní féidir le hearnáil na tionsclaíochta ná leis na Ballstáit indibhidiúla na costais agus na rioscaí, a bhfuil a bpríomhghníomhaithe (aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin, fuinneamh inacmhainne agus sábháilte a sholáthar) lasmuigh den mhargadh, a ghabháil ina n-aonar.

Beidh cur chuige straitéiseach de dhíth chun an fhorbairt seo a luathú ar leibhéal an Aontais, lena gcuimsítear soláthar, éileamh agus úsáid fuinnimh, i leith foirgneamh, seirbhísí, iompair agus slabhraí luacha tionsclaíocha. Cuimseofar leis sin acmhainní a chur ar chomhréim ar fud an Aontais, lena n-áirítear cistí beartais chomhtháthaithe, go háirithe trí bhíthin na straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le speisialtóireacht chliste, scéimeanna trádála astaíochtaí (ETS), soláthar poiblí agus meicníochtaí maoinithe eile. Beidh gá le beartais rialála agus úsáide freisin maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, cúnamh teicniúil saincheaptha agus forbairt acmhainní chun bacainní neamh-theicneolaíochta a bhaint.

Tá cur chuige straitéiseach dá leithéid sa Phlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET). Cuirtear clár oibre fadtéarmach ar fáil ann chun dul i ngleic leis na príomhbhaic nuálaíochta atá os comhair na dteicneolaíochtaí fuinnimh ag céimeanna an taighde cheannródaíoch, T&F agus an chruthúnais choincheapa agus ag céim an taispeántais, nuair atá caipiteal á lorg ag cuideachtaí chun tionscadail mhóra chéaduaire a mhaoiniú agus chun próiseas imlonnaithe an mhargaidh a oscailt.

Meastar gurb ionann na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun an Plean SET a chur chun feidhme ina iomláine agus EUR 8 mbilliún in aghaidh na bliana thar na 10 mbliana seo amach romhainn[28]. Tá sé sin i bhfad níos mó ná cumas na mBallstát aonair nó pháirtithe leasmhara na hearnála tionsclaíochta nó na hearnála taighde ina n-aonair. Tá gá le hinfheistíochtaí i dtaighde agus nuálaíocht ar leibhéal an Aontais, mar aon le slógadh iarrachtaí ar fud na hEorpa i bhfoirm cur chun feidhme chomhpháirtigh agus rioscaí agus cumas a chomhroinnt. Dá bhrí sin, déanfar gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú le cistiú an Aontais ar thaighde agus nuálaíocht um fhuinneamh, trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí a bhfuil breisluach soiléir don Aontas ag baint leo, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhfuil an-fhéidearthacht go ndéanfaí acmhainní náisiúnta a ghiaráil dá dtoradh. Trí bhíthin na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais tacófar freisin le cláir ardriosca, ardchostais, fhadtéarmacha nach féidir le Ballstáit indibhidiúla tabhairt fúthu, déanfar iarrachtaí a chomhthiomsú chun rioscaí infheistíochta a laghdú i ngníomhaíochtaí mórscála amhail taispeántas tionsclaíoch agus forbrófar réitigh fuinnimh chomh-inoibritheacha ar fud na hEorpa.

Tríd an bPlean SET a chur chun feidhme mar cholún taighde agus nuálaíochta de bheartas fuinnimh na hEorpa, déanfar slándáil soláthair an Aontais agus an t-aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin a threisiú, cabhrófar chun cláir taighde agus nuálaíochta a nascadh le hinfheistíochtaí tras-Eorpacha agus réigiúnacha i mbonneagar fuinnimh agus méadófar toilteanas infheisteoirí caipiteal a scaoileadh le haghaidh tionscadal a bhfuil agaí tionscanta fada agus rioscaí suntasacha teicneolaíochta agus margaidh ag baint leo. De thoradh air sin, cruthófar deiseanna nuálaíochta le haghaidh cuideachtaí beaga agus móra agus cabhrófar leo a bheith iomaíoch, nó fanacht iomaíoch, ar leibhéal domhanda, áit a bhfuil deiseanna móra le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh.

[28] COIM(2009) 519

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, soláthraítear 'mais chriticiúil' de thoradh na gníomhaíochta arna glacadh ar leibhéal an Aontais chun suim ó cheannairí teicneolaíochtaí eile a mhealladh agus chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chothú d'fhonn cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Beidh sé níos éasca do chomhpháirtithe idirnáisiúnta idirghníomhú leis an Aontas chun comhghníomhaíocht a fhorbairt i gcásanna ina bhfuil comhshocar agus comhleas i gceist.

Dá bhrí sin, beidh na gníomhaíochtaí faoin dúshlán seo mar chnámh droma teicneolaíochta de bheartas fuinnimh agus aeráide na hEorpa. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sin le baint amach an Aontais Nuálaíochta i réimse an fhuinnimh, chomh maith leis na spriocanna beartais a ndearnadh cur síos orthu in 'Eoraip atá Éifeachtúil ar Acmhainní', 'Beartas Tionsclaíoch do Ré an Domhandaithe' agus 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip'.

Tugtar faoi ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le fuinneamh comhleáite núicléach agus eamhnaithe núicléach sa chuid EURATOM de "Fís 2020".

### 3.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Ídiú fuinnimh agus lorg carbóin a laghdú trí úsáid chliste agus inbhuanaithe

Díreofar gníomhaíochtaí ar thaighde agus ar thástáil iomlán coincheap nua, réitigh neamh-theicneolaíochta, córais agus comhpháirteanna níos éifeachtúla, níos inghlactha go sóisialta agus níos inacmhainne a bhfuil faisnéis ionsuite iontu, d'fhonn bainistiú fuinnimh fíor-ama a chumasú le haghaidh foirgneamh nach bhfuil ach fíorbheagán ar fad astaíochtaí uathu, téimh agus fuaraithe in-athnuaite, thionscail an-éifeachtúil agus ghlacadh forleathan na réiteach éifeachtúlachta fuinnimh ag cuideachtaí, daoine aonair, comhphobail agus cathracha.

(b) Soláthar leictreachais ísealchostais agus ísealcharbóin

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán - foinsí in-athnuaite fuinnimh nuálacha agus teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin lena dtairgfear teicneolaíochtaí níos mó agus níos saoire atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, a mbeidh éifeachtúlacht comhshóite níos airde ag baint leo agus a bheidh níos infhaighte le haghaidh margaí éagsúla agus timpeallachtaí oibríochta éagsúla.

(c) Breoslaí malartacha agus foinsí fuinnimh soghluaiste

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán teicneolaíochtaí agus slabhraí luacha chun bithfhuinneamh a dhéanamh níos iomaíche agus níos inbhuanaithe, chun an t-am go dtí an margadh a laghdú i gcás ceall hidrigine agus ceall breosla agus chun roghanna nua lena léirítear acmhainneacht fhadtéarmach a thabhairt chun aibíochta.

(d) Eangach leictreachais cliste aonair san Eoraip

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thaighde, ar fhorbairt agus ar léiriú iomlán teicneolaíochtaí eangach nua, lena n-áirítear stóráil, córais agus dearaí margaidh chun pleanáil, faireachán, rialú agus feidhmiú sábháilte a dhéanamh ar líonraí comh-inoibritheacha i margadh oscailte atá dícharbónaithe, aeráid-dhíonach agus iomaíoch, i ngnáth-dhálaí agus i ndálaí éigeandála.

(e) Teicneolaíochtaí agus eolas nua

Díreofar gníomhaíochtaí ar thaighde ildisciplíneach le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh (lena n-áirítear gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheacha) agus ar chur chun feidhme comhpháirteach clár taighde uile-Eorpach agus saoráidí den scoth.

(f) Cinnteoireacht stóinsithe agus caidreamh poiblí

Díreofar gníomhaíochtaí ar na huirlisí forbartha, modhanna agus samhlacha le haghaidh tacaíochta beartais stóinsithe agus trédhearcaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir le glacadh poiblí agus dul i ngleic leis an bpobal, rannpháirtíocht úsáideoirí agus inbhuanaitheacht.

(g) Glacadh na nuálaíochta fuinnimh sa mhargadh

Díreofar gníomhaíochtaí ar nuálaíocht fheidhmeach chun glacadh na seirbhísí agus na dteicneolaíochtaí fuinnimh sa mhargadh a éascú, chun dul i ngleic le bacainní neamh-theicneolaíochta agus chun cur chun feidhme bheartais fuinnimh an Aontais ar bhealach cost-éifeachtúil a luathú.

## 4. IOMPAR ATÁ CLISTE, GLAS AGUS COMHTHÁITE

### 4.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach córas iompair Eorpach a bhaint amach atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de, neamhdhíobhálach don chomhshaol, slán agus leanúnach chun leasa na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí.**

Ní mór don Eoraip réiteach a dhéanamh idir riachtanais iompair a cuid saoránach agus na riachtanais maidir le feidhmíocht eacnamaíoch agus na riachtanais atá i sochaí ísealcharbóin agus i ngeilleagar aeráid-dhíonach. In ainneoin an fháis atá tagtha uirthi, ní mór don earnáil iompair laghdú substaintiúil a dhéanamh ar gháis cheaptha teasa agus ar thionchair dhíobhálacha chomhshaoil eile, agus ní mór di deireadh a chur lena spleáchas ar ola, agus a leibhéil arda éifeachtúlachta agus soghluaisteachta a choinneáil.

Ní féidir soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach ach trí athrú radacach a dhéanamh ar an gcóras iompair, bunaithe ar dhul chun cinn i dtaighde iompair, ar nuálaíocht fhorleathan, agus trí réitigh iompair níos glaise, níos sábháilte agus níos cliste a chur chun feidhme go comhleanúnach ar fud na hEorpa.

Ní mór don taighde agus don nuálaíocht dul chun cinn tráthúil spriocdhírithe a chruthú a chabhróidh le baint amach príomhchuspóirí beartais an Aontais, a threiseoidh iomaíochas eacnamaíoch, a thacóidh leis an athrú chuig geilleagar aeráid-dhíonach agus ísealcharbóin, agus a chaomhnóidh ceannaireacht na hEorpa ar an margadh domhanda.

Cé go mbeidh sé riachtanach infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh sa nuálaíocht agus sa taighde agus i gcur i bhfeidhm na dtorthaí, beidh costais do-ghlactha sochaíocha, éiceolaíochta agus eacnamaíochta ann san fhadtéarma mura gcuirtear feabhas ar inbhuaine iompair.

### 4.2 Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Tá iompar mar thosca ollmhór faoi deara iomaíochas agus fás eacnamaíoch na hEorpa. Cinntítear leis soghluaisteacht daoine agus earraí atá riachtanach má táimid chun margadh aonair comhtháite a bheith againn san Eoraip agus sochaí oscailte, chuimsitheach. Tá sé ar cheann de bhuntáistí móra na hEorpa ó thaobh cumas tionsclaíoch agus caighdeán seirbhíse de, agus tá ról ceannasach aige i go leor de mhargaí an domhain. Nuair a chuirtear an tionscal iompair agus déantúsaíocht trealamh iompair le chéile is ionann iad agus 6.3% de OTI an Aontais. Ag an am céanna táthar in iomaíocht le tionscal iompair na hEorpa in áiteanna eile ar fud an domhain agus an iomaíocht ag éirí níos déine i gcónaí. Beidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha ag teastáil chun buntáiste iomaíoch na hEorpa a chinntiú amach anseo agus chun míbhuntáistí ár gcóras iompair reatha a mhaolú.

Gineann an earnáil iompair mórchuid gás ceaptha teasa agus cruthaíonn sí suas leis an gceathrú cuid de na hastaíochtaí go léir. Braitheann an córas iompair 96% ar bhreoslaí iontaise. Idir an dá linn, tá méadú ag teacht ar fhadhb an bhrú tráchta; níl na córais sách cliste fós; ní bhíonn na roghanna eile maidir le haistriú idir modhanna éagsúla iompair sách tarraingteach i gcónaí; faigheann 34 000 duine bás ar bhóithre an Aontais in aghaidh na bliana figiúr atá an-ard go deo; bíonn saoránaigh agus gnólachtaí ag súil le córas iompair slán, sábháilte. Bíonn dúshláin shonracha le sárú ó thaobh inbhuaine iompair sna cathracha.

Meastar gurb é an toradh a bheidh ar na rátaí fáis a bhfuiltear ag súil leo maidir le cúrsaí iompair go mbeidh plódú ollmhór tráchta san Eoraip laistigh de fiche bliain nó níos mó agus tionchar dofhulaingthe aige ar chostais eacnamaíocha agus ar an tsochaí. Táthar á thuar go ndúblóidh an líon ciliméadar a thaistealaíonn paisinéirí sna 40 bliain atá romhainn agus go mbeidh an ráta dhá uair níos airde fós ann maidir le haerthaisteal. Bheadh astaíochtaí $CO_2$ 35% níos airde faoi 2050. Thiocfadh méadú thart ar 50% go beagnach EUR 200 billiún in aghaidh na bliana ar chostais a bhaineann le brú tráchta. Thiocfadh méadú EUR 60 billiún ar chostais sheachtracha tionóiscí i gcomparáid le costais na bliana 2005.

Ní féidir ligean do chúrsaí leanúint ar aghaidh mar atá siad. Díreofar taighde agus nuálaíocht, arna spreagadh ag cuspóirí beartais, ar na príomhdhúshláin, agus cabhróidh siad go suntasach le baint amach spriocanna an Aontais maidir le gan ligean do mhéadú os cionn 2°C teacht ar theocht an domhain, astaíochtaí $CO_2$ ó iompar a laghdú 60%, brú tráchta agus costais tionóisce a laghdú go suntasach, agus beagnach deireadh a chur le bás ar na bóithre faoi 2050.

Fadhbanna coitianta ar fud an Aontais iad truailliú, brú tráchta, sábháilteacht agus slándáil agus éilíonn siad freagraí comhoibritheacha uile-Eorpacha. Is trí dhlús a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua agus réitigh nuálacha maidir le feithiclí, cineálacha éagsúla bonneagair agus bainistiú iompair a bhainfear amach córas iompair níos glaine agus níos éifeachtaí san Aontas; na torthaí is gá chun athrú aeráide a mhaolú agus éifeachtacht ó thaobh acmhainní a fheabhsú; ceannaireacht na hEorpa maidir le táirgí iompair agus seirbhísí gaolmhara a choinneáil ar na margaí domhanda. Ní féidir na cuspóirí sin a bhaint amach trí iarrachtaí ilroinnte náisiúnta ina n-aonar.

Beidh cistiú ar leibhéal an Aontais i gcomhair taighde agus nuálaíocht iompair ag teastáil chun comhlánú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu. Ciallaíonn sé seo go leagfar béim ar réimsí tosaíochta a mheaitseálann cuspóirí beartais na hEorpa; ina bhfuil mais chriticiúil iarrachtaí riachtanach; áiteanna inar gá réitigh comh-inoibritheach iompair ar fud na hEorpa go léir a shaothrú; nó inar féidir priacail infheistíochta taighde a laghdú trí iarrachtaí a chomhthiomsú ar bhonn

trasnáisiúnta, obair cheannródaíoch a dhéanamh maidir le comhchaighdeáin, agus an t-am a thógann sé chun torthaí taighde a chur ar an margadh a laghdú.

Beidh réimse leathan tionscnamh a chuimseoidh an slabhra nuálaíochta go léir i gceist sna gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Tá roinnt gníomhaíochtaí ann a bhfuil sé de chuspóir sonrach acu cabhrú le torthaí a thabhairt chuig an margadh: tacaíonn siad seo a leanas le baint amach na sprice seo, cur chuige clár maidir le taighde agus nuálaíocht, tionscadail taispeántais, gníomhaíochtaí maidir le glacadh margaidh agus tacaíocht a thabhairt do chaighdeánú, do rialáil agus do straitéisí nuálacha soláthair. Ina theannta sin, cabhróidh rannpháirtíocht agus saineolas na bpáirtithe leasmhara chun an bhearna a líonadh idir torthaí taighde agus a gcur i bhfeidhm san earnáil iompair.

Má dhéantar infheistiú i dtaighde agus i nuálaíocht chun córas iompair níos glaise, níos cliste agus níos comhtháite a chur ar fáil cabhróidh sé sin go mór le baint amach spriocanna Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach mar aon le cuspóirí thionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta. Tacóidh na gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin um Iompar arb é is aidhm dó Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chruthú. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sin le baint amach na spriocanna beartais a ndearnadh cur síos orthu sna tionscnaimh shuaitheanta maidir le 'Eoraip atá éifeachtúil ar Acmhainní', 'Beartas tionsclaíoch do ré an Domhandaithe' agus 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip'.

### 4.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Córas iompair atá éifeachtúil ar acmhainní agus a léiríonn meas ar an gcomhshaol.

Is é is aidhm leo sin a chinntiú go mbeidh an tionchar is lú agus is féidir ag cúrsaí iompair ar aeráid agus ar an gcomhshaol trí fheabhas a chur ar a éifeachtúlacht i dtaca le húsáid acmhainní nádúrtha, agus trína spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Díreofar na gníomhaíochtaí ar thomhailt acmhainní agus astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht feithiclí, dlús a chur faoi fhorbairt agus úsáid glúin nua feithiclí leictreacha agus feithiclí eile nach mbeidh astuithe ar bith astu nó astuithe ísle astu, lena n-áirítear trí dhul chun cinn a dhéanamh i ndearadh inneall, cadhnraí agus bonneagair; cumas breoslaí malartacha agus córais tiomána nuálacha agus níos éifeachtúla a iniúchadh agus leas a bhaint astu, lena n-áirítear bonneagar breosla; an leas is fearr a bhaint as úsáid cineálacha éagsúla bonneagair, trí bhíthin córais iompair chliste agus trealamh cliste; agus bainistiú éilimh agus iompar poiblí agus iompar neamhmheicnithe a mhéadú, go háirithe i limistéir uirbeacha.

(b) Soghluaisteacht níos fearr, níos lú brú tráchta, breis sábháilteachta agus slándála

Is é is aidhm leo sin na riachtanais soghluaisteachta atá ag fás agus na riachtanais maidir le so-athraitheacht iompair a réiteach le chéile trí réitigh nuálacha le haghaidh chórais iompair a bheidh cuimsitheach sábháilte, slán, urrúnta agus gan bhearnaí.

Díreofar ar ghníomhaíochtaí chun brú tráchta a laghdú, feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar mheaitseáil riachtanais úsáideoirí trí iompar agus lóistíocht chomhtháite ó dhoras go doras a chur chun cinn; feabhas a chur ar iompar idirmhódúil agus cur i bhfeidhm pleanála cliste agus réitigh bhainistíochta chliste; agus an líon tionóiscí agus tionchar bagairtí slándála a laghdú go mór.

(c) Ceannaireacht dhomhanda ag tionscal iompair na hEorpa

Is é is aidhm leis sin iomaíochas agus feidhmíocht tionscal déantúsaíochta iompair na hEorpa agus seirbhísí gaolmhara a threisiú.

Díreofar sna gníomhaíochtaí ar fhorbairt na chéad ghlúin eile de mhodhanna nuálacha iompair agus ar ullmhú le haghaidh na glúine ina diaidh sin trí oibriú ar choincheapa agus ar dhearaí núíosacha agus ar chórais rialaithe cliste agus ar chaighdeáin chomh-inoibritheacha, ar phróisis éifeachtúla táirgthe, ar amanna forbartha níos giorra agus ar chostais laghdaithe saolré.

(d) Taighde socheacnamaíoch agus gníomhaíochtaí forásacha taighde le haghaidh cheapadh beartas

Is é is aidhm leo sin tacú le ceapadh beartas feabhsaithe atá riachtanach chun nuálaíocht a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá cruthaithe ag cúrsaí iompair agus ar riachtanais na sochaí a bhaineann leo.

Díreofar na gníomhaíochtaí ar fheabhas a chur ar na treochtaí agus ar na hionchais socheacnamaíocha a bhaineann le cúrsaí iompair, agus sonraí agus anailísí bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil do lucht déanta beartas.

## 5. GNÍOMHAÍOCHT AR MHAITHE LEIS AN AERÁID, ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ AGUS AMHÁBHAIR

### 5.1 Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach geilleagar a bheidh éifeachtúil ar acmhainní agus díonach ar athrú aeráide agus soláthar inbhuanaithe amhábhar a chur ar fáil, d'fhonn freastal ar riachtanais daonra an domhain atá ag fás agus é sin a dhéanamh laistigh de theorainneacha inbhuanaithe acmhainní nádúrtha na cruinne. Cabhróidh na gníomhaíochtaí le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú agus cur le folláine, agus ag an am céanna sláine comhshaoil agus inbhuanaitheachta a chinntiú, an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C ar an meán agus cur ar chumas éiceachóras agus na sochaí iad féin a chur in oiriúint don athrú aeráide.**

Tharla méadú faoi dheich i rith an 20ú haois ar an méid breosla iontaise a bhí á úsáid agus an méid acmhainní ábhartha a bhí á n-eastóscadh. Tá an ré sin inar samhlaíodh go raibh acmhainní flúirseach agus saor ag teacht chun deiridh anois. Tá brú mór anois ar amhábhair, ar uisce, ar aer, ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais talún, uisceacha agus mara. Tá go leor d'éiceachórais mhóra an domhain á ndíghrádú, agus tá suas le 60% de na seirbhísí a sholáthraíonn siad á n-úsáid ar bhealaí nach bhfuil inbhuanaithe. Úsáidtear thart ar 16 thonna d'ábhair in aghaidh an duine gach bliain san Aontas agus díobh sin, diomlaítear thart ar 6 thonna díobh agus cuirtear a leath díobh go láithreáin líonta talún. Tá an t-éileamh domhanda ar acmhainní ag méadú de réir mar atá fás ag teacht ar dhaonra an domhain agus ar a dtoilmhianta, go háirithe i gcás daoine atá ag tuilleamh ioncaim meánmhéide sna tíortha sin atá ag teacht chun cinn. Ní mór fás eacnamaíoch a scaradh go hiomlán ó úsáid acmhainní.

Tháinig méadú thart faoi 0.8°C ar mheánteocht dhromchla an Domhain le 100 bliain anuas agus tá sé á thuar go dtiocfaidh méadú idir 1.8 agus 4°C uirthi roimh dheireadh an 21ú haois (i gcoibhneas leis an meánteocht sa tréimhse ó 1980 go 1999)[29]. Cruthóidh tionchair dhóchúla na n-athruithe sin ar chórais nádúrtha agus daonna dúshláin don domhan agus dá cumas oiriúnaithe, agus cuirfidh siad forbairt eacnamaíoch agus dea-bhail an chine dhaonna amach anseo i mbaol.

Tá borradh ag teacht ar an tionchar atá ag athrú aeráide agus léiríonn fadhbanna comhshaoil, mar aigéadú na n-aigéan, leá oighir san Artach, díghrádú agus úsáid talún, ganntanais uisce, truailliú ceimiceach agus cailliúint na bithéagsúlachta go bhfuil an domhan ag druidim lena teorainneacha inbhuanaitheachta. Mar shampla, meastar go mbeidh ró-éileamh 40% á dhéanamh ar sholáthar uisce i gceann 20 bliain mura gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht. Is scanrúil an rud é go bhfuil foraoisí á scrios ar ráta 5 milliún heicteár in aghaidh na bliana. Is féidir le hidirghníomhaíochtaí idir acmhainní éagsúla rioscaí sistéamacha a chruthú - nuair a ídítear acmhainn amháin is féidir pointe dosheachanta tubaiste a chruthú maidir le hacmhainní agus le héiceachórais eile. Bunaithe ar na treochtaí reatha, is cosúil go mbeidh coibhéis dhá Dhomhan eile ag teastáil faoi 2050 le freastal ar an daonra domhanda atá ag fás.

Tá soláthar inbhuanaithe agus bainistíocht éifeachtúil ar acmhainní, lena n-áirítear iad a thaiscéaladh, a eastóscadh, a phróiseáil, a athúsáid, a athchúrsáil agus ionadú fíor-riachtanach d'fheidhmiú sochaithe nua-aimseartha agus a ngeilleagair. Tá earnálacha na hEorpa, amhail tógáil, ceimiceáin, gluaisteáin, aeraspás, innealra agus trealamh a chuireann breisluach iomlán thart ar EUR 1.3 trilliún ar fáil mar aon le fostaíocht do thart ar 30 milliún duine, ag brath go mór ar rochtain ar amhábhair. Mar sin féin, tá brú mór ag teacht ar sholáthar amhábhar don Aontas. Ina theannta sin, tá an tAontas ag brath go mór ar allmhairí na n-amhábhar sin a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, agus a bhfuil tionchar scanrúil ag saobhadh margaí orthu. Ina theannta sin, tá taiscí luachmhara mianraí fós ag an Aontas a bhfuil bac á chur lena dtaiscéaladh agus a n-eastóscadh toisc nach bhfuil teicneolaíochtaí leordhóthanacha ann fós chuige sin agus toisc iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid a bheith ag cur isteach ar an obair. Nuair a chuirtear san áireamh a thábhachtaí is atá amhábhair d’iomaíochas na hEorpa, agus don gheilleagar agus an chaoi a d’fhéadfaí iad a úsáid i dtáirgí nuálacha is léir gur tosaíocht ríthábhachtach don Aontas go mbeadh soláthar inbhuanaithe amhábhar ann agus go ndéanfaí bainistiú éifeachtúil ar acmhainní.

Braitheann cumas geilleagair é féin a chur in oiriúint agus teacht aniar níos mó a bheith ann maidir le hathrú aeráide, a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní agus fanacht iomaíocht ag an am céanna ar leibhéil arda éiceanuálaíochta a bheith ann ó thaobh na sochaí agus na teicneolaíochta de. Ós rud é gur fiú EUR 1 trilliún éiceanuálaíocht ar an margadh domhanda in aghaidh na bliana agus go bhfuiltear ag súil go méadófar í faoi thrí faoi 2030, is léir go gcuireann éiceanuálaíocht deis mhór ar fáil chun iomaíochas a mhéadú agus poist a chruthú i ngeilleagair na hEorpa.

### 5.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Má tá spriocanna an Aontais agus spriocanna idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí agus tiúchan gáis cheaptha teasa le baint amach agus má táthar le déileáil leis an tionchar atá ag athrú aeráide ní mór teicneolaíochtaí cost-éifeachtúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ní mór bearta maolaithe agus oiriúnaithe a dhéanamh. Ní mór do chreata beartais an Aontais agus an

---

29 An Ceathrú Tuarascáil Measúnaithe ón bPainéal Idir-rialtasach um Athrú Aeráide (IPCC), 2007, (www.ipcc.ch)

domhain a áirithiú go dtabharfar cosaint d'éiceachórais agus don bhithéagsúlacht, go mbeidh meas orthu agus go ndéanfar iad a athchóiriú go hiomchuí d'fhonn a gcumas chun acmhainní agus seirbhísí a sholáthar sa todhchaí a chaomhnú. Is féidir le taighde agus le nuálaíocht cabhrú le rochtain iontaofa agus inbhuanaithe a fháil ar amhábhair agus laghdú suntasach a dhéanamh ar an méid acmhainní a úsáidtear agus a dhiomlaítear.

Dá bhrí sin díreofar gníomhaíochtaí an Aontais ar thacú le príomhchuspóirí agus le príomhbheartais an Aontais lena n-áirítear: an Straitéis Eoraip 2020; an tAontas Nuálaíochta; Eoraip Éifeachtach ó Thaobh Acmhainní De agus an Plean Oibre comhfhreagrach chun bogadh go geilleagar iomaíoch ísealcharbóin in 2050[30]; *Adapting to climate change: Towards a European framework for action* (Oiriúnú d'athrú aeráide: I dtreo chreat gníomhaíochta Eorpaigh)[31]; *the Raw Materials Initiative* (an Tionscnamh faoi Amhábhair)[32]; *the Union's Sustainable Development Strategy* (Straitéis an Aontais um Fhorbairt Inbhuanaithe) [33]; *an Integrated Maritime Policy for the Union* (Beartas Muirí Lánpháirtithe don Aontas)[34]; *the Marine Strategy Framework Directive* (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[35]; *the Eco-innovation Action Plan and the Digital Agenda for Europe* (an Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta agus an Clár Oibre Digiteach don Eoraip)[36]. Atreiseoidh na gníomhaíochtaí sin cumas na sochaí níos mó teacht aniar a bheith inti maidir le hathrú comhshaoil agus aeráide agus áiritheoidh siad go mbeidh amhábhair le fáil.

I bhfianaise nádúr trasnáisiúnta agus domhanda na haeráide agus an chomhshaoil, an scála a bhaineann leo agus a chasta is atá siad, agus i bhfianaise gné idirnáisiúnta an tslabhra soláthair amhábhar, ní mór gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar leibhéal an Aontais agus níos leithne. Éilíonn carachtar ildisciplíneach an taighde atá riachtanach go gcomhthiomsófar eolas agus acmhainní comhlántacha d'fhonn dul i ngleic leis an dúshlán seo go héifeachtach. D'fhonn úsáid acmhainní agus tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus iomaíochas a mhéadú ag an am céanna, beidh gá le trasdul cinntitheach sochaíoch agus teicneolaíocha chuig geilleagar bunaithe ar chaidreamh inbhuanaithe idir an dúlra agus dea-bhail an duine. Cuirfidh gníomhaíochtaí comhordaithe taighde agus nuálaíochta feabhas ar an tuiscint ar athruithe aeráide agus comhshaoil agus ar an réamhaisnéis a dhéantar fúthu i bpeirspictíocht córasach agus tras-earnála, laghdóidh siad neamhchinnteachtaí, aithneoidh siad leochaileachtaí, rioscaí, costais agus deiseanna agus déanfaidh siad iad a mheas, agus lena chois sin cuirfidh siad le réimse réiteach agus freagraí beartas agus na sochaí agus cuirfidh siad lena n-éifeacht. Nuair a bheidh na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích déanfar iarracht gníomhaithe ar gach leibhéal na sochaí a chumasú chun páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

Má táthar le dul i ngleic le hinfhaighteacht amhábhar ní mór taighde comhordaithe agus iarrachtaí nuálaíochta a dhéanamh ina lán disciplíní agus earnálacha le cabhrú chun réitigh a sholáthar ar fud an tslabhra soláthair go léir (idir thaiscéaladh agus eastóscadh, agus próiseáil, athúsáid, athchúrsáil agus ionadú), réitigh a bheidh indéanta, slán ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de, agus a nglacfaidh an tsochaí leo. Soláthróidh nuálaíocht sna réimsí sin deiseanna le haghaidh fáis agus post, chomh maith le roghanna nuálacha a mbeidh baint

[30] COIM (2011) 112
[31] COIM (2009) 147
[32] COIM (2011) 25
[33] COIM(2009) 400
[34] COIM (2007) 575 leagan deireanach
[35] TREOIR 2008/56/CE
[36] COIM(2010) 245

ag eolaíocht, teicneolaíocht, an geilleagar, beartas agus rialachas leo. Is ar an gcúis sin atá Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach ar Amhábhair á hullmhú.

Soláthróidh éiceanuálaíocht deiseanna le haghaidh fáis agus post. Rachaidh na réitigh a fhorbrófar trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i ngleic le príomhbhagairtí ar iomaíochas tionsclaíoch agus cinnteoidh siad go mbeifear in ann iad a ghlacadh go tapa agus a mhacasamhlú ar fud an Mhargaidh Aonair agus níos faide anonn. Cuirfidh sé seo ar chumas an gheilleagair an trasdul a dhéanamh chuig geilleagar glas a chuireann san áireamh úsáid inbhuanaithe acmhainní. Beidh siad seo a leanas ina gcomhpháirtithe sa chur chuige sin: Lucht déantar beartas idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta; cláir taighde agus nuálaíochta idirnáisiúnta agus na mBallstát; lucht gnó agus tionscal na hEorpa; an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus gníomhaireachtaí comhshaoil náisiúnta; agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. I dteannta le comhoibriú déthaobhach agus réigiúnach, tacóidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais le hiarrachtaí agus le tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC), an Clár Oibre Idir-Rialtasach ar Bhithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais (IPBES) agus an Grúpa um Fhaire na Cruinne (GEO).

### 5.3. Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

(a) Oiriúnú don athrú aeráide agus dul i ngleic leis

Is é is aidhm leo sin bearta oiriúnaithe agus maolaithe a bheidh cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe a fhorbairt, a dhíreoidh ar $CO_2$ agus ar gháis cheaptha teasa eile, agus a leagfaidh béim ar réitigh ghlasa, idir réitigh theicneolaíochta agus réitigh neamhtheicneolaíochta, trí fhianaise a chruthú i gcomhair bearta a bheidh eolasach, luath agus éifeachtach agus i gcomhair líonrú na n-inniúlachtaí riachtanacha. Díreofar na gníomhaíochtaí orthu seo a leanas: feabhas a chur ar an tuiscint ar athrú aeráide agus ar sholáthar réamh-mheastacháin iontaofa aeráide; ar mheasúnú tionchar agus leochaileachtaí agus ar bhearta oiriúnaithe agus coiscthe riosca a bheidh nuálach agus cost-éifeachtúil; agus ar thacú le beartais maolaithe.

(b) Acmhainní nádúrtha agus éiceachórais a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe

Is é is aidhm leis eolas a sholáthar i gcomhair bainistiú acmhainní nádúrtha ina mbeidh cothroime inbhuanaithe idir acmhainní teoranta agus riachtanais na sochaí agus an gheilleagair. Díreofar na gníomhaíochtaí orthu seo a leanas: cur leis an tuiscint atá againn ar fheidhmiú na n-éiceachóras, ar na hidirghníomhaíochtaí atá acu le córais shóisialta agus an ról atá acu i gcothú an gheilleagair agus dea-bhail an duine; agus ar eolas agus uirlisí a sholáthar chun go bhféadfar cinntí éifeachtacha a dhéanamh agus go mbeidh an pobal sásta tacaíocht a thabhairt dóibh.

(c) A áirithiú go mbeidh soláthar inbhuanaithe ann d'amhábhair nach ábhair fuinnimh ná ábhair thalmhaíochta iad

Is é is aidhm leis an bonn eolais faoi amhábhair a fheabhsú agus réitigh nuálacha a fháil chun amhábhair a thaiscéaladh, a eastóscadh, a phróiseáil, a athchúrsáil agus a aisghabháil ar bhealaí cost-éifeachtúla nach bhfuil díobhálach don chomhshaol, agus chun ábhair eile a chur ina n-ionad ar bhealaí a bheadh tarraingteach ó thaobh costais de agus a mbeadh tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol. Díreofar na gníomhaíochtaí orthu seo a leanas: feabhas a chur ar an mbonn eolais ar infhaighteacht na n-amhábhar; ar chur chun cinn soláthar agus úsáid

inbhuanaithe amhábhar; ar roghanna malartacha a aimsiú i gcás amhábhar criticiúil; agus feabhas a chur ar fheasacht agus scileanna na sochaí ar amhábhair.

(d) An trasdul i dtreo geilleagar glas a chumasú trí bhíthin éiceanuálaíochta

Is é is aidhm leis sin gach cineál éiceanuálaíochta a chothú a chumasaíonn an trasdul go geilleagar glas. Díreofar na gníomhaíochtaí orthu seo a leanas: teicneolaíochtaí, próisis, seirbhísí agus táirgí éiceanuálaíochta a neartú agus dlús a chur faoina nglacadh ar an margadh agus faoina macasamhlú, agus aird faoi leith a thabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; tacú le beartais nuálacha agus athruithe sochaíocha; tomhas agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo geilleagar glas; agus ar éifeachtúlacht acmhainní a chothú trí chórais digiteacha.

(e) Córais chuimsitheacha, inbhuanaithe, dhomhanda a fhorbairt um fhaisnéis agus um breathnóireacht comhshaoil

Is é is aidhm leo sin a chinntiú go gcuirfear na sonraí agus an fhaisnéis fhadtéarmach ar fáil atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Díreofar na gníomhaíochtaí ar na cumais, ar na teicneolaíochtaí agus ar na bonneagair shonraí a sholáthar chun breathnadóireacht agus faireachán a dhéanamh ar an domhan ionas gur féidir eolas, réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin a sholáthar go tráthúil, cruinn. Spreagfar rochtain shaor, oscailte agus neamhshrianta ar shonraí agus ar fhaisnéis chomh-inoibritheach.

## 6. SOCHAITHE CUIMSITHEACHA, NUÁLAÍOCHA AGUS SLÁNA

### 6.1. Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach sochaithe Eorpacha a chothú a bheidh cuimsitheach, nuálach agus slán nuair atá claochluithe ag tarlú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus fás ag teacht ar idirthuilleamaíocht dhomhanda.**

Tá dúshláin mhóra socheacnamaíocha le sárú ag an Eoraip a mbeidh tionchar mór acu ar a bhfuil i ndán di sa todhchaí - dúshláin mar an fás atá ag teacht ar idirthuilleamaíocht eacnamaíoch agus cultúrtha, aosú, eisiamh sóisialta agus bochtaineacht, éagothroime agus sreabha imirce, an deighilt dhigiteach a dhúnadh, cothú cultúir nuálaíochta agus cruthaitheachta sa tsochaí agus i bhfiontair, chomh maith le slándáil agus saoirse a chinntiú, muinín in institiúidí daonlathacha agus idir saoránaigh a chothú laistigh de theorainneacha agus thar theorainneacha. Is dúshláin ollmhóra iad seo agus ní mór cur chuige coiteann Eorpach a bheith ann le dul i ngleic leo.

Ar an gcéad dul síos, tá éagothroime suntasach i gcónaí san Aontas idir na tíortha éagsúla agus laistigh díobh. Is éard atá san Innéacs Forbartha Daonna tomhas comhiomlán maidir le dul chun cinn sláinte, oideachais agus ioncaim, agus scóráil Ballstáit an Aontais idir 0,743 agus 0,895 ar an Innéacs in 2010, rud a léirigh difríochtaí suntasacha idir tíortha. Tá neamhionannais shuntasacha inscne fós ann: mar shampla, faigheann fir 17.8% níos mó pá san Aontas ná mar a fhaigheann mná.[37]. Tá duine as gach seisear saoránach san Aontas (thart ar 80 milliún duine) i mbaol bochtaineachta inniu. Le scór bliain anuas tá méadú tagtha ar bhochtaineacht daoine fásta óga agus teaghlach a bhfuil leanaí acu. Tá an ráta dífhostaíochta i

[37] COIM(2010) 491 leagan deireanach

measc na n-óg ag os cion 20%. Tá 150 milliún Eorpach (thart ar 25%) nár bhain úsáid as an idirlíon riamh agus b'fhéidir nach bhfaighidh siad dóthain litearthachta digití chuige sin go deo. Tá neamhshuim agus polarú polaitiúil le sonrú i dtoghcháin freisin, rud a léiríonn go bhfuil laghdú ag teacht ar mhuinín na saoránach as na córais pholaitiúla atá ann faoi láthair. Tugann na figiúirí seo le tuiscint go bhfuil roinnt grúpaí sóisialta agus pobail á bhfágáil ar chúl i gcónaí maidir le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus b'fhéidir maidir le polaitíocht dhaonlathach freisin.

Sa dara háit, tá rátaí táirgiúlachta agus fáis eacnamaíoch na hEorpa ag titim i gcoibhneas le tíortha eile le dhá scór bliain. Ina theannta sin, tá meath ag teacht go tapa ar an scair den táirgeacht eolais dhomhanda atá ag an Eoraip agus má bhí sí chun tosaigh maidir le feidhmiú nuálaíochta tá na príomhgheilleagair atá ag teacht chun cinn mar an Bhrasaíl agus an tSín ag breith suas uirthi. Cé go bhfuil bonn taighde láidir ag an Eoraip, ní mór sócmhainn chumhachtach a dhéanamh de le haghaidh earraí agus seirbhísí nuálacha. Cé go dtuigtear go maith nach mór don Eoraip níos mó a infheistiú san eolaíocht agus sa nuálaíocht, beidh uirthi comhordú i bhfad níos cliste a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí sin ná mar a rinneadh go dtí seo: Caitear níos mó ná 95% de na buiséid náisiúnta T&F gan aon chomhordú a dhéanamh orthu ar fud an Aontais, sa chaoi go mb'fhéidir go bhfuil acmhainní ollmhóra á ndiomailt tráth a bhfuil laghdú ag teacht ar dheiseanna maoinithe. Ina theannta sin, in ainneoin roinnt cóineasaithe le déanaí, tá an-difríocht le sonrú maidir le cumas nuálaíochta na mBallstát, agus bearnaí móra idir na 'ceannairí nuálaíochta' agus na 'nuálaithe measartha'.[38].

Ar an tríú dul síos, is iomaí cineál easpa sábháilteachta, cibé an choireacht, foréigean, sceimhlitheoireacht, cíbearionsaithe, mí-úsáid príobháideachais agus cineálacha eile mí-oird sóisialta agus eacnamaíoch atá ag dul i gcion níos mó agus níos mó ar shaoránaigh. De réir meastachán, is dócha go mbeidh suas le 75 milliún íospartach díreach coireachta gach bliain san Eoraip[39]. Measadh gurbh é EUR 650 billiún an costas díreach a bhí ag coiriúlacht, sceimhlitheoireacht, gníomhaíochtaí mídhleathacha, foréigean agus tubaistí san Eoraip in 2010, rud ab ionann agus thart faoi 5% d'OTI an Aontais. Sampla soiléir d'iarmhairtí na sceimhlitheoireachta ab ea an t-ionsaí a rinneadh ar na Twin Towers i Manhattan ar 11 Meán Fómhair 2001. Cailleadh na mílte duine agus meastar gur cailleadh táirgiúlacht i SAM arbh fhiú SAM$ 35 billiún de bharr na heachtra, gur cailleadh SAM$ 47 billiún in aschur iomlán agus gur tháinig méadú 1% ar an ráta dífhostaíochta sa ráithe ina dhiaidh sin. Bíonn baint níos mó i gcónaí ag saoránaigh, ag gnólachtaí agus ag institiúidí le hidirghníomhaíochtaí agus le hidirbhearta digiteacha sna réimsí sóisialta, airgeadais agus tráchtála den saol ach tarlaíonn cíbearchoireanna ar fiú na billiúin Euro iad gach bliain agus sáraítear príobháideacht daoine aonair agus cumann ar fud na mór-roinne de bharr forbairt an Idirlín. Ós rud é go bhfuil fás ag teacht ar neamhdhiongbháilteacht sa saol laethúil agus toisc go dtarlaíonn rudaí gan choinne do dhaoine is cosúil go rachaidh siad sin i gcion ar mhuinín na saoránach as institiúidí agus as a chéile.

Ní mór dul i ngleic leis na dúshláin seo ar bhealaí nuálacha toisc go n-idirghníomhaíonn siad ar bhealaí casta agus is minic a tharlaíonn siad gan choinne. Is féidir le nuálaíocht an chuimsitheacht a lagú, rud is féidir a fheiceáil, mar shampla, sa deighilt dhigiteach nó sa deighilt atá sa mhargadh saothair. Bíonn sé deacair uaireanta freastal ag an am céanna ar nuálaíocht agus ar mhuinín shóisialta agus ar shlándáil nuair a bhíonn beartais á gceapadh, mar shampla i limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta i gcathracha móra na hEorpa. Thairis sin,

---

[38] Scórchlár an Aontais Nuálaíochta 2010.
[39] COIM(2011) 274 leagan deireanach.

nuair a thagann éileamh na saoránach atá ag athrú agus an nuálaíocht le chéile ceapann lucht déanta beartas agus gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta freagraí uaireanta a dhéanann neamhaird de na teorainneacha atá idir earnálacha, gníomhaíochtaí, earraí nó seirbhísí. Léiríonn rudaí mar fhás an Idirlín, na gcóras airgeadais, na heacnamaíochta atá ag dul in aois agus na sochaí éiceolaíochta go soiléir an chaoi a bhfuil sé riachtanach smaoineamh ag an am céanna ar na ceisteanna sin ó thaobh na ngnéithe nuálaíochta, cuimsitheachta, agus slándála a bhaineann leo agus freagra a thabhairt orthu le chéile.

Ós rud é go bhfuil na dúshláin sin casta agus toisc go bhfuil athrú ag teacht ar an héilimh, ní mór taighde nuálach agus teicneolaíochtaí, próisis agus modhanna nua cliste a fhorbairt mar aon le meicníochtaí nuálaíochta sóisialta, gníomhaíochtaí comhordaithe agus beartais a bheidh ullamh i gcomhair na n-athruithe a thiocfaidh san Eoraip nó a rachaidh i gcion orthu. Ní mór na treochtaí bunúsacha agus na hiarmhairtí a bhaineann leis na dúshláin seo a thuiscint agus ní mór na foirmeacha dlúthpháirtíochta, comhordaithe agus cruthaitheachta sin a athaimsiú nó a athchruthú a chinntíonn gur samhail faoi leith de shochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána í an Eoraip i gcomparáid le réigiúin eile an domhain. Éilíonn sé cur chuige níos straitéisí maidir le comhar le tríú tíortha. Mar fhocal scoir, ós rud é gur cheart go mbeadh idirghníomhaíocht idir beartais slándála agus beartais sóisialta éagsúla, gné thábhachtach den dúshlán seo is ea gné shochaíoch an taighde slándála a bhreisiú.

### 6.2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Ní thugtar aird ar theorainneacha náisiúnta i gcás na ndúshlán sin agus ar an gcaoi sin bíonn gá le hanailísí comparáideacha níos casta maidir le soghluaisteacht (daoine, earraí, seirbhísí agus caipiteal mar aon le hinniúlachtaí agus eolas) agus cineálacha comhair institiúidigh, idirghníomhartha idirchultúrtha agus comhar idirnáisiúnta. Mura mbíonn tuiscint níos fearr orthu agus réamh-mheastáchán déanta ina leith, bíonn brú ar thíortha Eorpacha dul san iomaíocht lena chéile seachas comhoibriú de thairbhe fórsaí an domhandaithe, agus ar an gcaoi sin bíonn béim ar éagsúlachtaí san Eoraip seachas comóntachtaí agus cothromaíocht cheart a bheith idir comhar agus iomaíocht. Má théitear i ngleic ar leibhéal náisiúnta amháin le dúshláin shocheacnamaíocha ríthábhachtacha, bíonn contúirt ann d'úsáid neamhéifeachtúil acmhainní, de sheachtrú fadhbanna chuig tíortha Eorpacha agus neamh-Eorpacha eile agus aibhsiú ar theannais shóisialta, eacnamaíocha agus pholaitiúla ar féidir leo cur isteach go díreach ar aidhmeanna an Chonartha Eorpaigh ó thaobh a chuid luachanna de, go háirithe Teideal I den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

D'fhonn sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána a chothú, tá freagra arna cheapadh chun eolas, teicneolaíochtaí agus cumais nua a fhorbairt mar aon le roghanna beartais a shainaithint de dhíth ón Eoraip. Cuideoidh an dianiarracht sin leis an Eoraip dul i ngleic lena dúshláin ní amháin ar bhonn inmheánach ach mar ghníomhaí domhanda ar an ardán idirnáisiúnta. Is amhlaidh a bheidh an dianiarracht sin, ar an gcaoi sin, ina cúnamh do Bhallstáit tairbhe a bhaint as eispéiris in áiteanna eile agus ligean dóibh a ngníomhaíochtaí sonracha féin a chomhfhreagraíonn dá gcomhthéacsanna faoi seach a shainiú.

Dá bhrí sin, beidh cothú modhanna nua comhoibrithe idir tíortha laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, agus ar fud na bpobal taighde agus nuálaíochta ábhartha ina thasc lárnach i gcomhthéacs an dúshláin sin. Rachfar ar bhonn rianúil i mbun teagmhála le saoránaigh agus le hearnáil na tionsclaíochta, tacaíochta le próisis nuálacha sóisialta agus teicneolaíche, gníomhaíochtaí chun riarachán poiblí cliste agus rannpháirteach a spreagadh agus chun ceapadh beartais bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn d'fhonn ábharthacht na ngníomhaíochtaí sin go léir a fheabhsú le haghaidh an lucht déanta beartais, gníomhaithe

sóisialta agus eacnamaíocha agus le haghaidh saoránach. I dtaca leis seo de, beidh taighde agus nuálaíocht ina réamhchoinníoll maidir le hiomaíochas earnálacha tionsclaíochta agus seirbhísí Eorpacha, go háirithe sna réimsí maidir le slándáil, forbairt dhigiteach agus cosaint príobháideachta.

Ar an gcaoi sin tacóidh cistiú an Aontais i gcomhthéacs an dúshláin sin le forbairt, le cur chun feidhme agus le hoiriúnú phríomhbheartais an Aontais, eadhon tosaíochtaí "an Eoraip 2020" maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála agus Straitéis Slándála Inmheánach an Aontais, lena n-áirítear beartais maidir le cosc agus freagairt ar thubaiste. Rachfar i mbun comhordaithe le gníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

## 6.3 Treoirlínte do na gníomhaíochtaí

### *6.3.1. Sochaithe cuimsitheacha*

Is é an aidhm atá ann dlúthpháirtíocht a fheabhsú mar aon le cuimsiú sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil agus dinimic idirchultúrtha dhearfach san Eoraip agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, trí bhíthin eolaíocht ar thús cadhnaíochta agus idirdhisciplíneachta, dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíochtaí eagrúcháin. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag taighde i ndaonnachtaí sa réimse sin. Tacóidh an taighde le lucht déanta beartas beartais a dhearadh chun bochtaineacht a chomhrac agus cosc a chur ar fhorbairt cineálacha éagsúla scoilteanna, leithcheal agus míchothromaíochtaí i sochaithe Eorpacha, amhail míchothromaíochtaí inscne nó scoilteanna digiteacha nó nuálaíochta, agus le réigiúin eile an domhain. Cuirfidh sé go háirithe le cur chun feidhme agus le hoiriúnú na straitéise "an Eoraip 2020" agus le gníomhaíocht sheachtrach ghinearálta an Aontais. Glacfar le bearta ar leith chun an tsármhaitheas i réigiúin bheagfhorbartha a scaoileadh, agus dá bhrí sin rannpháirtíocht i "Fís 2020" a fhorleathnú.

Beidh fócas na ngníomhaíochtaí mar seo a leanas:

(a) fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur chun cinn;

(b) sochaithe athléimneacha agus cuimsitheacha a fhorbairt san Eoraip;

(c) ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú;

(d) an scoilt ó thaobh taighde agus na nuálaíochta a dhúnadh san Eoraip.

### *6.3.2. Sochaithe cuimsitheacha*

Is é an aidhm forbairt sochaithe nuálacha agus beartas san Eoraip a chothú trí bhíthin teagmháil a choimeád le saoránaigh, le fiontair agus le húsáideoirí lena mbaineann taighde agus nuálaíocht agus beartais taighde agus nuálaíochta chomhordaithe a chur chun cinn i gcomhthéacs an domhandaithe. Cuirfear tacaíocht faoi leith ar fáil chun an Limistéar Eorpach Taighde a fhorbairt agus creatchoinníollacha chun le haghaidh nuálaíochta a fhorbairt.

Beidh fócas na ngníomhaíochtaí mar seo a leanas:

(a) an bunús fianaise agus an tacaíocht don Aontas Nuálaíochta agus don Limistéar Eorpach Taighde a neartú;

(b) cineálacha nua nuálaíochta a iniúchadh, nuálaíocht agus cruthaitheacht shóisialta san áireamh;

(c) comhoibriú sochaíoch a áirithiú i dtaighde agus i nuálaíocht;

(d) comhar comhleanúnach agus éifeachtach le tríú tíortha a chur chun cinn.

*6.3.3. Sochaithe slána*

Is é an aidhm tacú le beartais an Aontais maidir le slándáil inmheánach agus sheachtrach agus cibearshlándáil, iontaoibh agus príobháideachas sa Mhargadh Aonair Digiteach a áirithiú, agus ag an am céanna iomaíochas shlándáil, earnálacha tionsclaíochta TFC agus sheirbhísí an Aontais a fheabhsú. Déanfar é sin trí bhíthin teicneolaíochtaí agus réitigh nuálaíocha a fhorbairt lena ndéantar dul i ngleic le bearnaí slándála agus trína ndéantar bagairtí slándála a chosc. Déanfar éilimh na n-úsáideoirí deiridh éagsúla (saoránaigh, gnóthaí, agus údaráis, lena n-áirítear údaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta, cosaintí sibhialta, forghníomhú an dlí, gardaí teorann, etc.) a chomhtháthú trí bhíthin na ngníomhaíochtaí misean-dírithe sin d’fhonn éabhlóid na mbagairtí slándála agus na cosanta príobháideachais agus na ngnéithe sochaíocha riachtanacha a thabhairt san áireamh.

Beidh fócas na ngníomhaíochtaí mar seo a leanas:

(a) coireacht agus sceimhlitheoireacht a chomhrac;

(b) slándáil trí bhíthin bainistiú teorann a neartú;

(c) cibearshlándáil a chur ar fáil;

(d) stóinseacht na hEorpa i leith géarchéimeanna agus tubaistí a mhéadú;

(e) príobháideacht agus saoirse ar an Idirlíon a áirithiú agus gné shochaíoch na slándála a fheabhsú.

# CUID IV
# Gníomhaíochtaí Díreacha Neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC)

## 1. CUSPÓIR SONRACH

**Is é an cuspóir sonrach tacaíocht theicniúil agus eolaíochta atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do bheartais an Aontais agus freagairt go solúbtha ar éilimh ar bheartais nua.**

## 2. RÉASÚNAÍOCHT AGUS BREISLUACH AN AONTAIS

Tá clár oibre beartais sainithe ag an Aontas go dtí 2020 lena ndéanfar freastal ar shraith dúshlán casta agus idirnasctha, amhail bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní agus ar iomaíochas. D'fhonn dul i ngleic go rathúil leis na dúshláin sin, tá fianaise eolaíoch stóinsithe de dhíth lena mbainfidh disciplíní eolaíocha éagsúla agus lena gcumasófar measúnú iontaofa ar roghanna beartais. Agus a ról mar sheirbhís eolaíochta maidir le ceapadh beartais an Aontais arna neartú a thuilleadh, déanfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde an tacaíocht eolaíoch agus theicniúil riachtanach a chur ar fáil ar feadh gach céim den timthriall ceaptha beartais, ó cheapadh go cur chun feidhme agus go measúnú. Chun na críche sin díreoidh sé a thaighde go soiléir ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus inniúlachtaí trasnaí a fheabhsú. Cuireann neamhspleáchas an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ó leasanna speisialta, mar aon lena ról tagartha eolaíoch teicniúil, lena chumas an cothú comhdhearcaidh atá riachtanach idir páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas a éascú. Baineann Ballstáit agus saoránaigh an Aontais tairbhe as taighde an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, atá rí-léir i réimsí amhail sláinte agus cosanta tomhaltóirí, comhshaoil, sábháilteachta agus slándála, agus bainistíocht ar ghéarchéimeanna agus ar thubaistí.

Tá an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ina dhlúthchuid den Limistéar Eorpach Taighde agus tacóidh sé go gníomhach i gcónaí lena fheidhmithe trí bhíthin comhoibriú dlúth le piaraí agus le páirtithe leasmhara, rochtain ar a shaoráidí a chur ar fáil agus trí bhíthin taighdeoirí a chur faoi oiliúint. Cuirfidh sé sin freisin le lánpháirtiú na mBallstát nua agus na dTíortha Comhlachaithe; i dtaobh na dtíortha sin, cuirfidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde cúrsaí oiliúna eolaíoch agus teicniúil tiomanta ar fáil i gcónaí maidir le corpas dlí an Aontais. Bunóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde naisc le cuspóirí sonracha ábhartha eile "Fís 2020". I gcáil comhlánaithe ar a ghníomhaíochtaí díreacha agus ar mhaithe le tuilleadh comhtháthaithe agus líonraithe sa Limistéar Eorpach Taighde, d'fhéadfadh an Limistéar Eorpach Taighde rannpháirtiú i ngníomhaíochtaí indíreacha "Fís 2020" agus in ionstraimí comhordaithe i réimsí ina bhfuil an saineolas ábhartha aige breisluach a tháirgeadh.

## 3 TREOIRLÍNTE DO NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Díreofar gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde i "Fís 2020" ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar na dúshláin shochaíocha a dtéann siad i ngleic leo; tá siad ar chomhréim leis "an Eoraip 2020" agus leis na príomhchuspóirí lena mbaineann; fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, Slándáil agus Saoránacht, agus an Eoraip Dhomhanda.

Fuinneamh, iompar, an comhshaol agus athrú aeráide, talmhaíocht agus sábháilteacht an tsoláthair bia, sláinte agus cosaint tomhaltóirí, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ábhair thagartha, agus sábháilteacht agus slándáil (lena n-áirítear núicléach i gclár Euratom) a bheidh i bpríomhréimsí inniúlachta an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Feabhsaítear na limistéir inniúlachta sin go suntasach le cumais chun dul i ngleic leis an timthriall beartais iomlán agus chun roghanna beartais a mheasúnú. Áirítear leis an tacaíocht sin neartú acmhainní maidir leis an méid a leanas

(a) réamh-mheas agus fadbhreathnaitheacht - faisnéis straitéiseach fhorghníomhach maidir le treochtaí agus imeachtaí maidir le heolaíocht, teicneolaíocht agus an tsochaí agus a n-impleachtaí féideartha le haghaidh beartas poiblí.

(b) eacnamaíocht - le haghaidh seirbhís chomhtháite ina gcuimsítear na gnéithe eolaíocha agus teicniúla mar aon leis na gnéithe maicreacnamaíocha.

(c) samhaltú - díriú ar inbhuanaitheacht agus ar eacnamaíocht agus ar mhaolú spleáchas an Choimisiúin ar sholáthraithe seachtracha le haghaidh anailís ríthábhachtach ar chnámha scéil.

(d) anailís beartais - imscrúdú trasearnálach ar roghanna beartais a chumasú.

(e) measúnú tionchair - fianaise eolaíoch a chur ar fáil chun tacú le roghanna beartais.

Leanfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ar aghaidh chun sármhaitheas a shaothrú i dtaighde mar bhunús le haghaidh tacaíocht eolaíoch agus theicniúil inchreidte agus stóinsithe do bheartas. Chun na críche sin, neartóidh sé comhoibriú le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, i.a. trí bhíthin rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha. Déanfaidh sé taighde taiscéalaíoch fosta agus inniúlachtaí a fhorbairt i réimsí éiritheacha ar bhonn roghnach atá ábhartha do bheartas.

Díreoidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ar an méid seo a leanas:

### 3.1 Eolaíocht den scoth

Taighde a dhéanamh chun an bonn fianaise eolaíoch a fheabhsú le haghaidh ceapadh beartas agus iniúchadh a dhéanamh ar réimsí éiritheacha na heolaíochta agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear clár taighde taiscéalaíoch.

### 3.2 Ceannaireacht thionsclaíoch

Rannchuidiú le hiomaíochas Eorpach trí thacaíocht a thabhairt don phróiseas caighdeánaithe agus do chaighdeáin trí thaighde réamhnormatach, trí thomhais tagartha agus ábhair thagartha a fhorbairt, agus trí mhodheolaíochtaí i gcúig réimse fhócasacha (fuinneamh; iompar; an Clár Oibre Digiteach; slándáil agus sábháilteacht; cosaint tomhaltóirí) a chomhchuibhiú. Measúnuithe sábháilteachta ar theicneolaíochtaí nua a thabhairt chun críche i réimsí amhail fuinneamh agus iompar agus sláinte agus cosaint tomhaltóirí. Rannchuidiú chun úsáid, caighdeánú agus bailíochtú teicneolaíochtaí agus sonraí spáis a éascú, go háirithe chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha.

### 3.3 Dúshláin shochaíocha

(a) An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine

Rannchuidiú le **cosaint sláinte agus tomhaltóirí** trí bhíthin tacaíocht eolaíoch agus teicniúil i réimsí amhail bia, beatha, táirgí tomhaltóirí; an comhshaol agus sláinte; cleachtais diagnóiseach agus scagtha maidir le sláinte; agus cothú agus réimeanna bia.

(b) Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar

Tacaíocht le forbairt agus le cur chun feidhme bheartais talmhaíochta agus iascaigh na hEorpa agus faireachán orthu, lena n-áirítear **sábháilteacht bia agus sábháilteacht an tsoláthair bia** agus **bithgheilleagar** a fhorbairt trí bhíthin e.g. réamhaisnéisí táirgthe barr, anailísí teicniúla agus socheacnamaíocha agus samhaltú.

(c) Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil

Tacú le **spriocanna aeráide agus fuinnimh 20/20/20** maidir le taighde ar ghnéithe teicneolaíocha agus eacnamaíocha an tsoláthair fuinnimh, éifeachtúlachta, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, líonraí tarchurtha fuinnimh/leictreachais.

(d) Iompar atá cliste, glas agus comhtháite

Tacú le beartas an Aontais maidir le **soghluaisteacht inbhuanaithe, sábháilte agus slán** daoine agus earraí trí bhíthin staidéar saotharlainne, samhaltaithe agus cineálacha cur chuige faireacháin éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ísealcharbóin chun críocha iompair, ar nós leictrithe, feithiclí glana agus éifeachtúla agus breoslaí malartacha, agus córais soghluaisteachta chliste.

(e) Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair

Imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin trasearnálacha maidir le **bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha** trí bhíthin faireachán a dhéanamh ar phríomhathróga comhshaoil agus creat samhaltaithe comhtháite a fhorbairt le haghaidh measúnú inbhuanaitheachta.

Tacú le h**éifeachtúlacht acmhainní, laghdaithe astaíochtaí agus soláthar inbhuanaithe amhábhar** trí bhíthin measúnuithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha comhtháite ar phróisis táirgthe, ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí agus ar sheirbhísí atá glan ó thaobh an chomhshaoil de.

Tacú le cuspóirí **bheartas forbartha** an Aontais maidir le taighde chun cúnamh a thabhairt soláthairtí imleora agus acmhainní imleora a áirithiú ag díriú ar fhaireachán ar pharaiméadair comhshaoil agus acmhainne, ar anailísí a bhaineann le sábháilteacht bia agus sábháilteacht an tsoláthair bia, agus tarchur eolais.

(f) Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána

Rannchuidiú agus faireachán ar chur chun feidhme an **Aontais Nuálaíochta** le hanailísí maicreacnamaíocha ar na spreagthaí agus ar na bacainní a bhaineann le taighde agus le nuálaíocht, agus modheolaíochtaí, scórchláir agus táscairí a fhorbairt.

Tacú leis an **Limistéar Eorpach Taighde** (ERA) trí bhíthin faireachán ar fheidhmiú an Limistéir Eorpaigh Taighde agus anailís a dhéanamh ar spreagthaí agus ar

bhacainní maidir le cuid de na príomhghnéithe lena mbaineann; agus trí bhíthin líonrú taighde, oiliúint, saoráidí agus bunachair shonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a chur ar fáil d'úsáideoirí i mBallstáit agus i dTíortha is Iarrthóirí agus i dTíortha Comhlachaithe.

Rannchuidiú le príomhchuspóirí an **Chláir Oibre Dhigitigh** trí bhíthin anailísí cáilíochtúla agus cainníochtúla ar ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta (an Geilleagar Digiteach, an tSochaí Dhigiteach, an Saol Digiteach).

Tacú le **sábháilteacht agus le slándáil inmheánach** trí bhíthin leochaileacht na mbonneagar criticiúil mar chomhpháirteanna ríthábhachtacha feidhmeanna sochaíocha a shainaithint agus a mheasúnú; agus trí bhíthin measúnú feidhmíochta oibriúcháin ar theicneolaíochtaí a bhaineann le céannacht dhigiteach; Dul i ngleic le **dúshláin slándála domhanda** lena n-áirítear bagairtí éiritheacha nó hibrideacha trí bhíthin uirlisí sárfhorbartha a fhorbairt le haghaidh mianadóireachta agus anailísiú fianaise agus le haghaidh bainistíocht géarchéime

Cumas an Aontais a fheabhsú maidir le tubaistí idir thubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a bhainistiú trí bhíthin faireachán ar na bonneagair agus forbairt a dhéanamh ar réamhrabhadh ilghuaise domhanda agus ar chórais faisnéise bainistíochta riosca a neartú, ag baint leasa as creataí breathnadóireachta satailít-bhunaithe le haghaidh an domhain.

# CUID V
# An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)

## 1. Cuspóir sonrach

**Is é an cuspóir sonrach triantán eolais an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais a chomhtháthú agus ar an gcaoi sin cumas nuálaíochta an Aontais a threisiú agus dul i ngleic le dúshláin shochaíocha.**

Tá roinnt laigí struchtúracha os comhair na hEorpa ó thaobh cumas nuálaíochta de agus an cumas seirbhísí, táirgí agus próisis nua a sheachadadh. I measc na bpríomhshaincheisteanna atá i gceist tá teist na hEorpa atá sách lag maidir le daoine éirimiúla a mhealladh agus a choimeád; tearcúsáid láidreachtaí taighde reatha maidir le luach eacnamaíoch nó sóisialta a chruthú; leibhéil ísle gníomhaíochta fiontraíochta; scála acmhainní i moil sármhaitheasa nach bhfuil imleor chun dul in iomaíocht ar bhonn domhanda; agus líon iomarcach bacainní ó thaobh comhoibriú laistigh de thriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus an ghnó ar leibhéal Eorpach.

## 2. Réasúnaíocht agus breisluach an Aontais

Más gá don Eoraip dul san iomaíocht ar scála idirnáisiúnta, ní mór na laigí struchtúracha sin a shárú. Tá na gnéithe arna sainaithint thuas coitianta ar fud na mBallstát agus bíonn tionchar acu ar chumas nuálaíochta an Aontais ina iomláine.

Rachaidh an EIT i ngleic leis na saincheisteanna sin trí bhíthin athruithe struchtúracha a chur chun cinn i dtimpeallacht nuálaíochta na hEorpa. Déanfaidh sé é sin trí chomhtháthú an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chothú de réir na gcaighdeán is airde, agus timpeallachtaí nua a chruthú dá bhrí sin a chabhróidh le nuálaíocht, agus trí ghlúin nua fiontraithe a chur chun cinn agus tacú leo. Ar an gcaoi sin, rannchuideoidh an EIT go hiomlán le cuspóirí “Eoraip 2020” agus go háirithe le cuspóirí thionscnaimh shuaitheanta an Aontais Nuálaíochta agus an Óige ag Bogadh.

*Oideachas agus fiontraíocht a chomhtháthú le taighde agus le nuálaíocht*

Is éard atá i ngné shonrach an EIT oideachas agus fiontraíocht a chomhtháthú le taighde agus le nuálaíocht mar naisc i slabhra nuálaíochta aonair ar fud an Aontais agus níos faide anonn.

*Loighic an ghnó agus cur chuige bunaithe ar thorthaí*

Feidhmíonn EIT trí bhíthin PENanna i gcomhréir le loighic ghnó. Is réamhriachtanas é ceannaireacht láidir: bíonn gach PEN faoi stiúir ag POF. Déanann aonáin dlí aonair ionadaíocht thar ceann comhpháirtithe PEN chun cinnteoireacht níos cuíchóirithe a chumasú. Ní mór do na PENanna pleananna gnó bliantúla a tháirgeadh, lena n-áirítear punann uaillmhianach gníomhaíochtaí idir oideachas agus cruthú gnó, lena mbainfidh spriocanna inghnóthaithe soiléire ag féachaint do thionchar ar bhonn margaidh agus sochaíoch. De thoradh na rialacha reatha maidir le PENanna a bhaineann le rannpháirtíocht, meastóireacht agus faireachán bítear ábalta mearchinntí sprioctha a dhéanamh.

*Ilroinnt a shárú le cúnamh ó chomhpháirtíochtaí comhtháite fadtéarmacha*

Is fiontair thar a bheith comhtháite iad PENanna EIT, trína ndéantar comhpháirtithe ó earnáil na tionsclaíochta, ó institiúidí ardoideachais, taighde agus teicneolaíochta a thabhairt le chéile, a bhfuil cáil na sármhaitheasa orthu. Cuireann PENanna ar chumas comhpháirtithe den scoth teacht le chéile i gcumraíochtaí úra trasteorann, acmhainní reatha a bharrfheabhsú, rochtain a fháil ar dheiseanna gnó úra trí shlabhraí luacha úra ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin ardriosca ar mhórscála.

*Príomhshócmhainn nuálaíochta na hEorpa: daoine éirimiúla*

Is bunghné na nuálaíochta í an tallann. Cothaíonn an EIT daoine agus na hidirghníomhaíochtaí eatarthu trí bhíthin mic léinn, taighdeoirí, agus fiontraithe a chur ag croílár a shamhla nuálaíochta. Cuirfidh an EIT cultúr fiontraíoch agus cruthaitheach mar aon le hoideachas trasdisciplíneach ar fáil do dhaoine éirimiúla, trí bhíthin céimeanna máistreachta agus PhD faoi lipéad EIT, atá ceaptha chun teacht chun cinn mar bhranda sármhaitheasa lena mbainfidh aitheantas idirnáisiúnta. Ar an dóigh sin, cuireann an EIT soghluaisteacht chun cinn go láidir laistigh de thriantán an eolais.

## 3. TREOIRLÍNTE DO NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Feidhmeoidh an EIT go príomha, ach ní go heisiach, trí bhíthin na bPobal Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) i réimsí na ndúshlán sochaíoch atá thar a bheith ábhartha do chomhthodhchaí na hEorpa. Cé go bhfuil cuid mhaith neamhspleáchais ag na PENanna a gcuid straitéisí agus gníomhaíochtaí féin a shainiú, tá roinnt gnéithe nuálaíocha i gcoiteann ag na PENanna go léir. Ina theannta sin, cuirfidh an EIT feabhas ar a thionchar trí na heispéiris ó na PENanna a chur ar fáil ar fud an Aontais agus trí chultúr nua comhroinnt eolais a chothú ar bhonn gníomhach.

(a) Gníomhaíochtaí ardoideachais, taighde agus nuálaíochta a thraschur agus a fheidhmiú chun gnó nua a chruthú

Beidh sé mar aidhm ag an EIT acmhainneacht nuálach na ndaoine a scaoileadh agus leas a bhaint as a smaointí, beag beann ar a staid sa slabhra nuálaíochta. Dá bhrí sin, cuideoidh an EIT chun dul i ngleic leis an ‘paradacsa Eorpach’ nach bhfuil leas iomlán á bhaint as an taighde den scoth atá ann cheana ná baol air. Ar an dóigh sin, cuideoidh an EIT smaointí a thabhairt chun margaidh. Go príomha trí na PENanna agus trí bhíthin an fhócais atá aige meonta fiontraíochta a chothú, déanfaidh sé deiseanna gnó nua a chruthú i bhfoirm gnóthaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí agus laistigh d’earnáil reatha na tionsclaíochta freisin.

(b) Taighde ceannródaíoch arna spreagadh ag nuálaíocht i réimsí ríthábhachtacha ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de

Beidh straitéis agus gníomhaíochtaí an EIT á dtiomáint ag fócas ar dhúshláin shochaíocha atá thar a bheith ábhartha don todhchaí, amhail athrú aeráide nó fuinneamh inbhuanaithe. Trí bhíthin dul i ngleic leis na príomhdhúshláin shochaíocha ar bhealach cuimsitheach, cuirfidh an EIT cineálacha cur chuige éagsúla idirdhisciplíneacha agus ildisciplíneacha chun cinn agus tabharfaidh sé cúnamh iarrachtaí taighde na gcomhpháirtithe sna PENanna a spriocdhíriú.

(c) Daoine éirimiúla, oilte agus fiontraíocha a fhorbairt le cúnamh ó chúrsaí oideachais agus oiliúna

Comhtháthóidh an EIT oideachas agus oiliúint go hiomlán ag gach céim de ghairmeacha agus forbróidh sé curaclaim nua agus nuálacha chun an gá atá le próifílí nua mar gheall ar dhúshláin shochaíocha agus eacnamaíocha chasta a léiriú. Chuige sin, beidh príomhról ag an EIT aithint céimeanna agus dioplómaí nua i mBallstáit a spreagadh.

Beidh ról substaintiúil ag an EIT freisin coincheap na 'fiontraíochta' a mhionchoigeartú trí bhíthin a chlár oideachasúil, lena gcuirtear fiontraíocht chun cinn i gcomhthéacs dianeolais, ag cur le taighde nuálach agus ag rannchuidiú le réitigh a bhfuil ábharthacht shochaíoch ard ag baint leo.

(d) An dea-chleachtas is fearr agus comhroinnt eolais ar bhonn sistéamach a scaipeadh

Beidh sé mar aidhm ag an EIT ceannródaíocht a dhéanamh ar chineálacha cur chuige nua agus comhchultúr traschurtha nuálaíochta agus eolais a fhorbairt, trí bhíthin taithí éagsúil a PENanna a chomhroinnt, i measc rudaí eile, trí bhíthin meicníochtaí scaipthe éagsúla, amhail ardán páirtithe leasmhara agus scéim comhaltachta.

(e) An ghné idirnáisiúnta

Tugann an EIT aird ar an gcomhthéacs domhanda ina bhfeidhmíonn sé agus tabharfaidh sé cúnamh naisc a chothú le príomhchomhpháirtithe idirnáisiúnta. Trí bhíthin ionaid sármhaitheasa a mhéadú ó scála leis na PENanna agus trí bhíthin deiseanna nua oideachais a chothú, beidh sé mar aidhm tarraingteacht na hEorpa a neartú do dhaoine éirimiúla ó áiteanna eile.

(f) Tionchar uile-Eorpach a fheabhsú trí bhíthin samhail chistiúcháin nuálaíoch

Rannchuideoidh an EIT go mór leis na cuspóirí atá leagtha amach i "Fís 2020", go háirithe trí bhíthin dhul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha ar bhealach comhlántach le tionscnaimh eile sna réimsí sin. Tástálfaidh sé cineálacha cur chuige éagsúla nua agus simplithe maidir le cistiú agus rialachas agus dá bhrí sin beidh ról ceannródaíochta aige laistigh den timpeallacht nuálaíochta Eorpach. Beidh a chur chuige maidir le cistiú bunaithe go dlúth ar éifeacht ghiarála láidir, lena ndéantar cistí poiblí agus príobháideacha araon a úsáid. Ina theannta sin, úsáidfidh sé feithiclí nua chun tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do ghníomhaíochtaí aonair trí bhíthin Fhondúireacht EIT.

(g) Forbairt réigiúnach a nascadh le deiseanna Eorpacha

Trí bhíthin na PENanna agus na hionaid chomhlonnaithe lena mbaineann – nóid sármhaitheasa, ag tarraingt comhpháirtithe ardoideachais, taighde agus gnó le chéile i láthair gheografach áirithe – beidh an EIT nasctha freisin le beartas réigiúnach. Go háirithe, áiritheoidh sé nasc níos fearr idir institiúidí ardoideachais agus nuálaíocht agus fás réigiúnach, i gcomhthéacs na straitéisí speisialaithe cliste réigiúnacha agus náisiúnta. Ar an dóigh sin, rannchuideoidh sé le cuspóirí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais.

## Iarscríbhinn II
## Miondealú ar an mbuiséad

**Seo a leanas an miondealú táscach le haghaidh "Fís 2020" (in EUR milliún):**

| | |
|---|---|
| **I Eolaíocht den scoth,** *lena n-áirítear:* | **27818** |
| 1. An Chomhairle Eorpach um Thaighde | 15008 |
| 2. Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn | 3505 |
| 3. Gníomhaíochtaí Marie Curie maidir le scileanna, le hoiliúint agus le forbairt ghairme | 6503 |
| 4. Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta) | 2802 |
| **II An cheannaireacht thionsclaíoch,** *lena n-áirítear:* | **20280** |
| 1. An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha* | 15580, lena n-áirítear 500 le haghaidh EIT |
| 2. Rochtain ar mhaoiniú riosca** | 4000 |
| 3. Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide | 700 |
| **III Dúshláin shochaíocha,** *lena n-áirítear:* | **35888** |
| 1. An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine; | 9077, lena n-áirítear 292 le haghaidh EIT |
| 2. Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar; | 4694, lena n-áirítear 150 le haghaidh EIT |
| 3. Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil | 6537, lena n-áirítear 210 le haghaidh EIT |
| 4. Iompar atá cliste, glas agus comhtháite | 7690, lena n-áirítear 247 le haghaidh EIT |
| 5. Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair | 3573, lena n-áirítear 115 le haghaidh EIT |
| 6. Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána | 4317, lena n-áirítear 138 le haghaidh EIT |
| An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) | 1542 + 1652*** |
| Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | 2212 |
| IOMLÁN | 87740 |

*Lena n-áirítear EUR 8975 milliún le haghaidh Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC), arna mhiondealú mar seo: EUR 1795 milliún le haghaidh na fótónaice, na micrileictreonaice agus na nanaileictronaice; EUR 4293 milliún le haghaidh nanaitheicneolaíochtaí, ábhar sárfhorbartha, na hardmhonaraíochta agus na hardphróiseála; EUR 575 milliún le haghaidh na biteicneolaíochta; agus EUR 1737 milliún le haghaidh cúrsaí spáis. Dá thoradh sin, beidh EUR 6663 milliún ar fáil mar thacaíocht d'Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin.

** D'fhéadfaí go dtabharfaí thart ar EUR 1131 milliún den tsuim sin do thionscadail de chuid an Phlean Straitéisigh um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET) a chur chun feidhme. D'fhéadfaí go dtabharfaí thart ar thrian di d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

*** Cuirfear an tsuim iomlán ar fáil trí bhíthin leithdháiltí faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 6(3). Cuirfear an dara leithdháileadh ina bhfuil EUR 1652 milliún ar fáil *pro rata* ó na buiséid le haghaidh na ndúshlán sochaíoch agus na ceannaireachta i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha, é ar bhonn táscach agus faoi réir an athbhreithnithe atá leagtha amach in Airteagal 26(1).

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[40]

- 08 - Taighde agus Nuálaíocht
- 09 - An tSochaí Faisnéise agus na Meáin
- 02 - Fiontraíocht agus Tionsclaíocht
- 05 - Talmhaíocht
- 32 - Fuinneamh
- 06 - Soghluaisteacht agus Iompar
- 15 - Oideachas agus Cultúr
- 07 - An comhshaol agus gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid
- 10 - An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[41]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Rannchuideoidh Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) (‘Fís 2020’) leis an straitéis ‘Eoraip 2020’ a bhaint amach, lena n-áirítear an Limistéar Eorpach Taighde a chríochnú, trí bhíthin fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a spreagadh:

- Fás cliste – geilleagar a bheidh bunaithe ar eolas agus ar nuálaíocht a fhorbairt (tionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta a chur chun feidhme).

---

40 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí

41 Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- Fás inbhuanaithe – geilleagar a bheidh níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de, níos glaise, agus níos iomaíche a chur chun cinn.

- Fás cuimsitheach – geilleagar ardfhostaíochta a chothú ina mbainfear amach comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

- Cuid I: Tosaíocht 'Eolaíocht den Scoth'

- Cuid II: Tosaíocht 'An Cheannaireacht Thionsclaíoch'

- Cuid III: Tosaíocht 'Dúshláin Shochaíocha'

- Cuid IV: Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde

- Cuid V: 'Triantán an eolais a chomhtháthú' (An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht)

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

- 08 - Taighde agus Nuálaíocht

- 09 - An tSochaí Faisnéise agus na Meáin

- 02 - Fiontraíocht agus Tionsclaíocht

- 05 - Talmhaíocht

- 32 - Fuinneamh

- 06 - Soghluaisteacht agus Iompar

- 15 - Oideachas agus Cultúr

- 07 - An comhshaol agus gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid

- 10 - An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

*1.4.3 An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe*

Meastar go nginfear 0.92 % sa bhreis den olltáirgeacht intíre, 1.37 % d'onnmhairí, -0.15 % d'allmhairí, agus 0.40 % den fhostaíocht le "Fís 2020" faoin mbliain 2030.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair ar "Fís 2020" a ghabhann leis an togra reachtach seo.

*1.4.4 Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh*

Sonraítear sa tábla seo a leanas líon teoranta táscairí tábhachtacha lenar féidir measúnú a dhéanamh ar na torthaí ar chuspóirí ginearálta agus ar chuspóirí sonracha “Fís 2020”, agus ar na tionchair a imrítear leis na cuspóirí sin.

Úsáidfear táscairí breise – lena n-áirítear táscairí nuafhorbartha – chun léiriú a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla torthaí ar na gníomhaíochtaí sonracha difriúla agus ar na tionchair a imrítear leis na gníomhaíochtaí sin.

Cuspóir ginearálta:

Rannchuidiú le cuspóirí na straitéise ‘Eoraip 2020’ a bhaint amach agus leis an Limistéar Eorpach Taighde a chríochnú.

- Sprioc ‘Eoraip 2020’ maidir le taighde agus le forbairt (3 % den olltáirgeacht intíre)

Faoi láthair: 2.01 % den olltáirgeacht intíre (AE-27, 2009)

Sprioc: 3 % den olltáirgeacht intíre (2020)

- Príomhtháscaire ‘Eoraip 2020’ maidir le nuálaíocht

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: Ualú substaintiúil fiontar nuálach a bhíonn ag fás go sciobtha a bheith sa gheilleagar

**Cuid I: Tosaíocht ‘Eolaíocht den Scoth’**

*Cuspóirí Sonracha*

* **An Chomhairle Eorpach um Thaighde**

- An cion d’fhoilseacháin i dtionscadail arna maoiniú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde a áirítear sa chéad 1 % de na foilseacháin is minice luaite

Faoi láthair: 0.8 % (foilseacháin de chuid an AE ó 2004 go 2006, a luadh go dtí 2008)

Sprioc: 1.6 % (foilseacháin de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde 2014 - 2020)

- Líon na mbeart maidir le beartais institiúideacha agus le beartais náisiúnta/réigiúnacha a spreagadh le cistiú ón gComhairle Eorpach um Thaighde

Faoi láthair: 20 (meastachán 2007 – 2013)

Sprioc: 100 (2014 – 2020)

* **Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn**

- Foilseacháin in irisleabhair a imríonn tionchar mór agus a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 25 foilseachán in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

- Iarratais ar phaitinní i dteicneolaíochtaí sa todhchaí agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 1 iarratas ar phaitinn in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

*** Gníomhaíochtaí Marie Curie maidir le scileanna, le hoiliúint agus le forbairt ghairme**

- Saorchúrsaíocht do thaighdeoirí, lena n-áirítear ábhair dhochtúirí, idir na hearnálacha agus idir tíortha

Faoi láthair: 50,000, thart ar 20% díobh sin ina n-ábhair dhochtúirí (2007-2013)

Sprioc: 65,000, thart ar 40% díobh sin ina n-ábhair dhochtúirí (2014-2020)

* **Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta)**

- Bonneagair taighde a chur ar fáil do gach taighdeoir san Eoraip agus lasmuigh di trí bhíthin tacaíochta ón Aontas

Faoi láthair: 650 (2012)

Sprioc: 1000 (2020)

**Cuid II: Tosaíocht 'An Cheannaireacht Thionsclaíoch'**

*Cuspóirí Sonracha*

***An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha** (Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide, Nanaitheicneolaíochtaí, Ábhair Shárfhorbartha, Biteicneolaíochtaí, an Ardmhonaraíocht agus an Spás)

- Iarratais ar phaitinní arna bhfáil sna teicneolaíochtaí éagsúla cumasúcháin agus tionsclaíocha

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 3 iarratas ar phaitinní in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

- Rochtain ar mhaoiniú riosca

- Iomlán na n-infheistíochtaí arna n-úsáid trí bhíthin maoinithe fiach agus infheistíochtaí caipiteal riosca

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: iomlán infheistíochtaí de EUR 100 milliún in aghaidh an EUR 10 milliún de ranníocaíocht ón Aontas (2014-2020)

* **Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide**

- An cion d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide rannpháirteacha a thugann nuálaíochtaí úra isteach sa chuideachta nó sa mhargadh (ina gcuimsítear tréimhse an tionscadail móide trí bliana)

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 50 %

**Cuid III: Tosaíocht 'Dúshláin Shochaíocha'**

*Cuspóirí Sonracha*

Le haghaidh gach dúshláin, measúnófar an dul chun cinn i gcoinne an mhéid a bheidh déanta ar son na gcuspóirí sonracha seo a leanas atá sonraithe in Iarscríbhinn I de "Fís 2020", chomh maith le cur síos ar an dul chun cinn substainteach atá riachtanach chun na dúshláin a shárú agus chun na táscairí a bhaineann le beartas a bhaint amach:

- Feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine gach aon duine ar feadh an tsaoil.

-Soláthairtí leordhóthanacha bia atá sábháilte agus ar ardchaighdeán, agus táirgí eile atá bunaithe ar an mbitheolaíocht, a dhaingniú trí bhíthin forbairt a dhéanamh ar chórais táirgthe phríomhúil atá táirgiúil agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de, lena gcothófar seirbhísí éiceachórais, in éineacht le slabhraí soláthair ísealcharbóin agus iomaíocha.

- Athrú go dtí córas fuinnimh atá iontaofa, inbhuanaithe agus iomaíoch chun dul i ngleic le hacmhainní atá ag éirí níos teirce, le riachtanais fuinnimh atá ag éirí níos géire agus leis an athrú aeráide.

- Córas Eorpach iompair a bhaint amach atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de, neamhdhíobhálach don chomhshaol, slán agus leanúnach chun leas na saoránach, an gheilleagair agus na sochaí a dhéanamh.

- Geilleagar a bhaint amach a bheidh éifeachtúil ar acmhainní agus díonach ar athrú aeráide agus soláthar inbhuanaithe amhábhar a chur ar fáil, d'fhonn freastal ar riachtanais daonra an domhain atá ag fás agus é sin a dhéanamh laistigh de theorainneacha inbhuanaithe acmhainní nádúrtha na cruinne.

- Sochaithe Eorpacha a chothú a bheidh cuimsitheach, nuálach agus slán nuair atá claochluithe ag tarlú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus fás ag teacht ar idirthuilleamaíocht dhomhanda.

Seo a leanas táscairí feidhmíochta eile:

- Foilseacháin a bhaineann le réimse na ndúshlán sochaíoch difriúil in irisleabhair a imríonn tionchar mór agus a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu

Faoi láthair: Cur chuige nua (le haghaidh Chreatchlár 7 (2007-2010), iomlán de 8149 foilseachán - uimhir réamhríofa)

Sprioc: Ar an meán, 20 foilseachán in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

- Iarratais ar phaitinní i réimse na ndúshlán sochaíoch difriúil

Faoi láthair: 153 (Clár Comhair Chreatchlár 7 2007-10, uimhir réamhríofa)

Sprioc: Ar an meán, 2 iarratas ar phaitinní in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

- Líon na bpíosaí reachtaíochta de chuid an Aontais a thagraíonn do ghníomhaíochtaí a dtacaítear leo i réimse na ndúshlán sochaíoch difriúil

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: Ar an meán, 1 cheann amháin in aghaidh an EUR 10 milliún de chistiú (2014-2020)

**Cuid IV: Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde**

Tacaíocht eolaíochta agus theicniúil atá dírithe ar chustaiméirí a chur ar fáil do bheartais de chuid an Aontais

- Líon na dtionchar sonrach tairbhiúil ar bheartais Eorpacha arna n-eascairt ón tacaíocht a thugann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde do bheartais theicniúla agus eolaíochta.

Faoi láthair: 175 (2010)

Sprioc: 230 (2020)

- Líon na bhfoilseachán arna n-athbhreithniú ag piaraí

Faoi láthair: 430 (2010)

Sprioc: 500 (2020)

**Cuid V: 'Triantán an eolais a chomhtháthú' (An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht)**

- Eagraíochtaí ó ollscoileanna, ón earnáil ghnó agus ó earnáil an taighde atá comhtháite i bPobail Eolais agus Nuálaíochta ('PENanna')

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 540 (2020)

- Comhoibriú laistigh de thriantán an eolais chun táirgí agus próisis nuálacha a fhorbairt.

Faoi láthair: Cur chuige nua

Sprioc: 600 comhlacht nuathionscanta agus comhlacht seachthairbheach arna gcruthú ag mic léinn/taighdeoirí/ollaimh de chuid na PENanna;
6000 nuálaíocht i ngnóthais a bhí ann cheana féin arna bhforbairt ag mic léinn/taighdeoirí/ollaimh de chuid na PENanna

## 1.5. Na forais leis an togra/an tionscnamh

### *1.5.1 Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

- Feabhas a chur ar rannchuidiú an taighde agus na nuálaíochta le dul i ngleic leis na príomhdhúshláin shochaíocha.

- An Eoraip a dhéanamh níos iomaíche sa tionsclaíocht trí bhíthin an cheannaireacht teicneolaíochta a chur chun cinn agus smaointe maithe a sholáthar don mhargadh.

- Bonn eolaíochta na hEorpa a neartú.

- An Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus é a dhéanamh níos éifeachtaí (cuspóirí trasnaí).

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair ar "Fís 2020" a ghabhann leis an togra reachtach seo.

### *1.5.2 Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Tá sé soiléir go bhfuil gá le hidirghabháil phoiblí chun dul i ngleic leis na fadhbanna a luadh in 1.5.1 thuas. Ní sholáthrófar an pharaidím úr theicneolaíochta-eacnamaíochta don Eoraip trí bhíthin na margaí leo féin. Beidh idirghabháil mhórscála phoiblí trí bhíthin beart soláthair agus éilimh araon riachtanach chun clistí margaidh a bhaineann le haistrithe sistéamacha sna teicneolaíochtaí bunúsacha a shárú.

Mar sin féin, ní bheidh na Ballstáit agus iad ag gníomhú ina n-aonar in ann an idirghabháil phoiblí riachtanach a dhéanamh. Tá an t-infheistiú a dhéanann siad i dtaighde agus i nuálaíocht measartha íseal, bíonn sé ilroinnte, bíonn neamhéifeachtúlacht ag baint leis agus is constaic ríthábhachtach é sin i gcás aistrithe paraidíme teicneolaíochta. Rud achrannach ag Ballstáit agus iad ag gníomhú ina n-aonar forbairt teicneolaíochta a luathú thar phunann teicneolaíochtaí atá leathan go leor, nó dul i ngleic le heaspa comhordaithe trasnáisiúnta.

Faoi mar a sonraíodh sa togra le haghaidh an chéad Creata Airgeadais Ilbhliantúil eile, tá an tAontas lánábalta ar bhreisluach a bhaint amach trí bhíthin na nithe seo a leanas a dhéanamh: an infheistíocht mhórscála a dhéanamh sa bhuntaighde ceannródaíoch, i dtaighde agus i bhforbairt fheidhmeach shonraithe, agus san oideachas, san oiliúint agus sna bonneagair a bhaineann leo sin, rud a chuirfidh feabhas ar an obair ar theicneolaíochtaí cumasúcháin maidir le forbairt agus le taighde atá dírithe ar théamaí; tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus iarracht á déanamh acu leas a bhaint as torthaí taighde agus na torthaí sin a thiontú ina dtáirgí, ina bpróisis agus ina seirbhísí indíolta; agus glacadh na nuálaíochtaí a chur chun cinn. Is ar leibhéal Eorpach is éifeachtúla agus is éifeachtaí a eagraítear sraith gníomhaíochtaí trasteorann maidir leis na nithe seo a leanas: cistiú náisiúnta le haghaidh taighde a chomhordú; iomaíocht ar fud an Aontais chun cistiú a fháil le haghaidh taighde; soghluaisteacht agus oiliúint do thaighdeoirí; bonneagair taighde a chomhordú; an taighde agus an nuálaíocht chomhoibritheach thrasnáisiúnta; agus cothú na nuálaíochta. San fhianaise mheastóireachta *ex-post,* léirítear thar aon amhras go dtacaítear le taighde agus le gníomhaíochtaí eile a bhfuil tábhacht straitéiseach mhór ag roinnt leo do na rannpháirtithe trí bhíthin na gclár taighde agus nuálaíochta arna reáchtáil ag an Aontas, taighde agus gníomhaíochtaí nach ndéanfaí choíche murach an tacaíocht sin a chuireann an tAontas ar fáil. I bhfocail eile, níl rud ar bith inchomórtais leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil ar leibhéal an Aontais.

Léirítear leis an bhfianaise freisin an bhreisluach Eorpach a ghabhann le gníomhaíochtaí tacaíochta beartais, rud a éiríonn as eolas agus taithí ó chomhthéacsanna éagsúla a thabhairt le chéile, as comparáidí idir uirlisí agus taithí beartais nuálaíochta idir tíortha a chothú, agus as deis a thabhairt chun dea-chleachtais ón réimse is leithne is féidir a shainaithint, a chur chun cinn agus a thástáil.

Toisc go mbaineann siad go sainiúil leis an Eoraip, soláthraítear breisluach Eorpach trí bhíthin gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Áirítear leis na sochair sin bheith in ann freagairt do riachtanas an Choimisiúin chun rochtain inmheánach a bheith aige ar fhianaise eolaíoch atá neamhspleách ar leasanna náisiúnta agus príobháideacha chun na sochair a dhíriú ar shaoránaigh an Aontais trí bhíthin rannchuidiú le beartais chun feabhas a chur ar dhálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair ar "Fís 2020" a ghabhann leis an togra reachtach seo.

*1.5.3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Tógtar an clár ar an taithí a fuarthas ó Chreatchláir roimhe seo le haghaidh Taighde agus Taispeántais Teicneolaíochta, ón gClár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (CIP), agus ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT).

I rith tréimhse fada de bhlianta, tá na nithe seo a leanas déanta le cláir de chuid an Aontais:

- na taighdeoirí agus na hinstitiúidí is fearr san Eoraip a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu,

- torthaí mórscála struchtúraithe; tionchair eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta; buntáistí micreacnamaíocha; agus tionchair iartheachtacha mhaicreacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a chur ar fáil do na Ballstáit uile.

Chomh maith leis an rathúnas sin, tá ceachtanna tábhachtacha le foghlaim ón am atá imithe thart freisin:

- Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an taighde, ar an nuálaíocht agus ar an oideachas ar bhealach níos comhordaithe;

- Ba cheart torthaí taighde a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus iad a luacháil i dtáirgí, i bpróisis agus i seirbhísí nua;

- Ba cheart go mbeadh loighic na hidirghabhála dírithe ar bhealach níos fearr, agus go mbeadh sí níos tairbhiúla, níos mionsonraithe agus níos trédhearcaí;

Ba cheart rochtain ar na cláir a dhéanamh níos éasca agus ba cheart do chomhlachtaí nuathionscanta, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, d'earnáil na tionsclaíochta, do na Ballstáit nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith sin, agus do thíortha lasmuigh den AE páirt níos mó a ghlacadh iontu;

- Ní mór faireachán agus meastóireacht ar an gclár a neartú.

Sna moltaí maidir le gníomhaíochtaí díreacha a tugadh i dtuarascálacha measúnaithe le déanaí, sonraíodh gur féidir leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- comhtháthú níos fearr i dtáirgeadh an eolais san Aontas a chur chun cinn;

- anailís a dhéanamh ar an tionchar a imríonn saothair ar leith agus staidéir chostais-sochair a dhéanamh orthu;

- feabhas a chur ar an gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta d'fhonn éifeachtaí a neartú, rud a dhéanfaidh an geilleagar Eorpach níos iomaíche.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair ar "Fís 2020" a ghabhann leis an togra reachtach seo.

*1.5.4 Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

I gcomhthéacs cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach, bunófar agus forbrófar sineirgí leis na cláir eile de chuid an Aontais amhail an Comhchreat Straitéiseach maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, leis an gClár Iomaíochais agus leis an gclár d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh in éifeacht ón 1/1/2014 go dtí an 31/12/2020

– ☒ Tionchar airgeadais ó 2014 go 2026

☐ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir BBBB agus BBBB

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[42]

☒ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☒ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☒ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☒ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[43]

– ☒ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☐ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☒ **Comhbhainistiú** le heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Gníomhaireacht Spáis na hEorpa

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

| |
|---|
| Nótaí:<br><br>Tá sé de rún ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla modhanna bainistíochta chun an ghníomhaíocht seo a chur chun feidhme, é ag tógáil ar na modhanna bainistíochta a úsáidtear faoi na peirspictíochtaí reatha airgeadais. Áirítear leis na modhanna bainistíochta sin bainistiú láraithe agus comhbhainistiú.<br><br>Déanfar an bainistiú trí bhíthin na n-eagraíochtaí seo a leanas: seirbhísí an Choimisiúin; Gníomhaireachtaí reatha Feidhmiúcháin an Choimisiúin a ndéanfar a gcuid sainorduithe a athnuachan agus a leathnú ar bhealach cothromúil; comhlachtaí seachtraithe eile amhail |

[42] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin BudgWeb: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

[43] Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

aonáin arna mbunú faoi Airteagal 187 (e.g. Comhghnóthais faoi shainorduithe athnuaite tar éis measúnú a dhéanamh agus cinn nua atá le bunú i gcomhthéacs cur chun feidhme e.g. an chuid faoi na 'Dúshláin Shochaíocha'), agus faoi Airteagal 185 (cláir arna gcomhghabháil ar láimh ag roinnt Ballstát, ina nglacfaidh comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu páirt) de chuid Chonradh Liospóin; chomh maith leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus ionstraimí airgeadais.

Gníomhaíochtaí a seachtraíodh cheana faoin bpeirspictíocht reatha airgeadais (e.g. An Taighde Ceannródaíoch, Gníomhaíochtaí Marie Curie, gníomhaíochtaí fiontar beag agus meánmhéide, Pobail Eolais agus Nuálaíochta) agus a leanfar díobh faoi "Fís 2020", cuirfear chun feidhme iad agus coinneofar an fhoirm reatha seachtraithe. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go gcaithfí tuilleadh béime a leagan ar an speisialtóireacht agus bainistíocht na gcomhlachtaí seachtraithe faoi seach a shimpliú, chomh maith le hiad a athrú go mbeidh siad de mhéid oibríochtúil is inchomparáide.

Foráiltear do sheachtrú a dhéanamh ar thuilleadh gníomhaíochtaí de chuid "Fís 2020", go háirithe trí dhul in iontaoibh Ghníomhaireachtaí reatha Feidhmiúchán an Choimisiúin, fad is gur comhoiriúnach é sin do bhun-inniúlachtaí beartais a choinneáil faoi chuimsiú sheirbhísí an Choimisiúin. Na modhanna seachtraithe a úsáidfear leis na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, roghnófar iad de réir na héifeachta agus na héifeachtúlachta a bheidh léirithe acu. San am céanna, ní mór líon na mball foirne arna sannadh do Ghníomhaireachtaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin a mhéadú i gcomhréir leis an gcuid sin den bhuiséad a fhreagraíonn do na gníomhaíochtaí seachtraithe, agus ní mór an gealltanas faoi sholáthar foirne a rinne an Coimisiún (*A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020), COIM(2011)500) a chur san áireamh.

I gcás inar féidir giaráil níos airde a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go nglacfadh Gníomhaireacht Spáis na hEorpa páirt i ngníomhaíochtaí "Fís 2020" a bhaineann leis an spás a chur chun feidhme.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

Simpliú

Ní mór do "Fís 2020" na taighdeoirí is fearr agus na fiontair Eorpacha is nuálaí a mhealladh. Ní féidir é sin a dhéanamh ach trí bhíthin cláir trína n-éascaítear dualgas na hoibre riaracháin do na rannpháirtithe, agus trí dhálaí iomchuí cistiúcháin a chur ar fáil. Dá bhrí sin, leis an **simpliú** in "Fís 2020" díreofar ar **thrí mhórsprioc** a bhaint amach: na costais riaracháin ar na rannpháirtithe a laghdú; dlús a chur le gach próiseas bainistíochta le haghaidh tograí agus deontas; agus ráta na n-earráidí airgeadais a laghdú. Ina theannta sin, bainfear amach an simpliú ar chistiú le haghaidh taighde agus nuálaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais (e.g. gan aon chuntais úsmhara a bheith ann le haghaidh réamh-mhaoinithe, CBL incháilithe, teorainn a chur le hearráidí córasacha a eachtarshuí).

Déanfar gnéithe éagsúla de "Fís 2020" a shimpliú.

Déanfar simpliú struchtúrach trí bhíthin na nithe seo a leanas:

- Gach ionstraim cistiúcháin le haghaidh taighde agus nuálaíochta (an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, an Clár um Iomaíochas agus Nuálaíocht, an Creatchlár le haghaidh Taighde agus Taispeántais Teicneolaíochta) a chomhtháthú i gCreatchlár "Fís 2020" agus sa chlár sonrach a ghabhann leis;

- Clár sonrach aonair chun "Fís 2020" a chur chun feidhme;

- Tacar aonair rialacha rannpháirtíochta ina gcuimsítear gach gné de "Fís 2020".

Trí bhíthin **na rialacha cistiúcháin a shimpliú** go mór, éascófar tograí a ullmhú agus tionscadail a bhainistiú. San am céanna, laghdófar leis sin líon na n-earráidí airgeadais. Moltar an cur chuige seo a leanas:

Príomhshamhail cistiúcháin le haghaidh deontas:

- Aisíocaíocht shimplithe a dhéanamh ar na fíorchostais dhíreacha, ag glacadh go forleathan le gnáthmhodh cuntasaíochta na dtairbhithe, lena n-áirítear cánacha agus muirear áirithe a bheith incháilithe;

- An deis chun costais aonaid phearsanra (meánchostais phearsanra), arb iad gnáthmhodh cuntasaíochta na dtairbhithe iad, a úsáid le haghaidh na dtairbhithe, agus le haghaidh úinéirí fiontar beag agus meánmhéide nach bhfaigheann tuarastal;

- Taifeadadh ama a shimpliú trí shraith shoiléir shimplí de choinníollacha íosta a sholáthar, go háirithe deireadh a chur le hoibleagáidí taifeadta ama ar bhaill foirne atá ag obair go heisiach ar thionscadal de chuid an AE;

- Ráta aonair aisíocaíochta a bheith ann do gach rannphháirtí, seachas 3 ráta dhifriúla de réir an chineáil rannpháirtí atá i gceist;

- Ráta comhréidh aonair a bheith ann faoina gcumhdaítear costais indíreacha, seachas 4 mhodh a bheith ann chun costais indíreacha a ríomh, mar riail ghinearálta;

- Leanúint de chóras costas aonaid agus de rátaí comhréidhe le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsoghluaisteacht agus leis an oiliúint (Marie Curie);

Cistiú atá bunaithe ar aschur agus cnapshuimeanna le haghaidh tionscadal iomlán i réimsí sonracha.

Le **straitéis rialaithe athbhreithnithe, faoi mar a chuirtear síos uirthi i rannóg 2.2.2 chun cothromaíocht úr a bhaint amach** idir iontaobhas agus rialú, déanfar an t-ualach riaracháin a bhíonn ar rannpháirtithe a laghdú a thuilleadh.

Lasmuigh de na rialacha agus de na rialuithe simplithe sin, déanfar cuíchóiriú ar gach **nós imeachta agus próiseas** a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail. Áirítear leis sin na forálacha mionsonraithe maidir le hinneachar agus le cruth na dtograí, na próisis chun tograí a thiontú ina dtionscadail, na ceanglais a bhaineann le tuairisciú agus le faireachán a dhéanamh, chomh maith leis na treoirdhoiciméid agus leis na seirbhísí tacaíochtaí a bhaineann leo. Is mór a dhéanfar chun na costais riaracháin a bhaineann le rannpháirtíocht a laghdú trí bhíthin aon chlár oibre áisiúil amháin a bheith ann le haghaidh na teicneolaíochta faisnéise, é bunaithe ar an Tairseach do Rannpháirtithe sa Seachtú Creatchlár de chuid an Aontais le haghaidh Taighde agus Forbartha (2007-2013).

## 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Forbrófar córas nua chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí indíreacha "Fís 2020". Beidh sé bunaithe ar straitéis chuimsitheach, thráthúil agus chomhchuibhithe, ina leagtar béim mhór ar thréchur, ar aschur, ar thorthaí agus ar thionchair. Beidh tacaíocht aige ó chartlann sonraí iomchuí, ó shaineolaithe, ó ghníomhaíocht taighde tiomnaithe, agus ó chomhoibriú méadaithe leis na Ballstáit agus ó na Stáit Chomhlachaithe, agus luachálfar é trí scaipeadh iomchuí agus trí thuairisciú iomchuí. Maidir leis na gníomhaíochtaí díreacha, leanfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde d'fheabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéanann sé trí bhíthin a thuilleadh coigeartú a dhéanamh ar na táscairí lena meastar an t-aschur agus an tionchar a imríonn siad.

Áireofar leis an gcóras faisnéis maidir le hábhair thrasnaí amhail an inbhuaine agus an t-athrú aeráide. Ríomhfar caiteachas a bhaineann leis an athrú aeráide i gcomhréir leis an gcóras rianaithe atá bunaithe ar mharcóirí Rio.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

Glacadh le teorainn earráide 2% mar phríomhtháscaire i réimse na dlíthiúlachta agus na rialtachta maidir le réimse na ndeontas taighde. Mar sin féin, d'eascair roinnt mhaith iarmhairtí nach rabhthas ag súil leo nó nach rabhthas á n-iarraidh uaidh sin. Measann na tairbhithe féin, chomh maith leis an údarás reachtach, go bhfuil ualach an rialaithe éirithe rómhór. Dá bhrí sin is baolach go ndéanfar clár taighde an Aontais níos neamhtharraingtí, rud a dhéanfaidh difear ar bhealach diúltach don taighde agus don nuálaíocht san Aontas.

Is é an tátal a bhain an Chomhairle Eorpach an 4 Feabhra 2011, 'go bhfuil géarghá simpliú a dhéanamh ar na hionstraimí de chuid an AE arb éard is aidhm leo an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht a chothú, d'fhonn go mbeidh sé níos éasca ag na heolaithe is fearr agus ag na cuideachtaí is nuálaí iad a ghlacadh, go háirithe trí bhíthin comhaontú a dhéanamh leis na hinstitiúidí iomchuí maidir le cothromaíocht úr a bhaint amach idir an t-iontaobhas agus an rialú agus idir rioscaí a ghlacadh agus rioscaí a sheachaint' (féach EUCO 2/1/11 REV1, An Bhruiséil 8 Márta 2011).

I Rún dá cuid an 11 Samhain 2010 (P7_TA(2010)0401) maidir le cur chun feidhme na gCreatchlár um Thaighde a shimpliú, tacaíonn Parlaimint na hEorpa go sainráite le riosca earráidí is airde le haghaidh cistiú don taighde, agus léiríonn sí gur ábhar buartha di "go bhfuil an córas agus an cleachtas bainistíochta reatha sa Seachtú Creatchlár ródhírithe ar an rialú, rud a fhágann go gcuirtear acmhainní amú, go laghdaítear líon na rannpháirtithe agus go ndéantar na deiseanna taighde níos neamhtharraingtí; shonraigh sí freisin gur ábhar buartha di 'gur mó a sheachnaítear rioscaí ná a bhainistítear iad leis an gcóras bainistíochta reatha 'neamhfhulaingt ar rioscaí'".

Mar thoradh ar an méadú mór atá tar éis teacht ar líon na n-iniúchtaí agus ar eachtarshuí na dtorthaí a leanann sin, táthar tar éis cuid mhaith gearán a fháil ó lucht taighde ar fud an domhain (e.g. ón tionscnamh *Trust Researchers*[44], a bhfuil níos mó ná 13,800 síniú bailithe aige go dtí seo).

Dá bhrí sin glacann idir pháirtithe leasmhara agus institiúidí leis gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha. Tá cuspóirí agus leasanna eile ann, go háirithe rathúlacht an bheartais taighde, an t-iomaíochas idirnáisiúnta agus an barr feabhais san eolaíocht, ar cheart iad a chur san áireamh. Ag an am céanna, is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Sin iad na dúshláin atá roimh an gclár "Fís 2020".

Is é mórchuspóir an Choimisiúin i gcónaí ráta earráide iarmharaí 2% d'iomlán an chaiteachais a bhaint amach thar thréimhse iomlán an chláir agus, chuige sin, tá roinnt bearta maidir le simpliú tugtha isteach aige. Mar sin féin, ní mór cuspóirí eile amhail a tharraingtí agus a rathúla is atá beartas taighde an AE, an t-iomaíochas idirnáisiúnta, an barr feabhais san eolaíocht agus go háirithe costais na rialuithe (féach pointe 2.2.2), a chur san áireamh.

Agus na gnéithe sin ar fad san áireamh, moltar go ndéanfaidh an hArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme córas rialaithe inmheánaigh atá cost-éifeachtúil a bhunú, córas a thabharfaidh urrús réasúnach go mbíonn an riosca earráide thar thréimhse an chaiteachais ilbhliantúil, ar bhonn bliantúil, idir 2% agus 5%, agus gurb é an aidhm leibhéal earráide iarmharaí chomh gar is féidir do 2% a bhaint amach faoi dheireadh na gclár ilbhliantúil, tar éis an tionchar a imríonn na hiniúchtaí, na bearta ceartúcháin agus na bearta aisghabhála go léir a chur san áireamh.

44 http://www.trust-researchers.eu/

*2.2.1 An creat rialaithe inmheánaigh*

Tógtar an creat rialaithe inmheánaigh le haghaidh deontas ar na nithe seo a leanas:

- caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin a chur chun feidhme;

- nósanna imeachta maidir leis an tionscadail is fearr a roghnú agus iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;

- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;

- seiceálacha *ex-ante* a dhéanamh ar gach uile éileamh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus modheolaíochtaí costais a dheimhniú ar bhonn *ex-ante;*

- iniúchtaí *ex-post* a dhéanamh ar rogha ionadaíoch d'éilimh;

- agus meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal.

Maidir leis na gníomhaíochtaí díreacha, áirítear leis na ciorcaid airgeadais seiceálacha *ex-ante* a dhéanamh ar rialuithe soláthair agus *ex-post.* Measúnaítear rioscaí gach bliain, agus déantar faireachán rialta ar an dul chun cinn a dhéantar san obair agus ar ídiú na n-acmhainní, bunaithe ar chuspóirí agus ar tháscairí sainithe.

*2.2.2. Costais agus sochair na rialuithe*

Meastar gurb é €267 milliún in aghaidh na bliana (bunaithe ar an gcleachtadh 'Riosca Inghlactha Earráide' a rinneadh sa bhliain 2009) an costas atá ar an gcóras rialaithe inmheánaigh do na hArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme. Dá thoradh sin, tá ualach mór ar na tairbhithe agus ar sheirbhísí an Choimisiúin freisin.

Tabhaítear 43 % de na costais a bhaineann le seirbhísí an Choimisiúin a rialú (gan costais an tairbhí a chur san áireamh) le linn an tionscadal a bhainistiú, tabhaítear 18 % díobh le linn tograí a roghnú, agus 16 % díobh le linn na conarthaí a chaibidliú. 23 % (€61m) den iomlán an costas a bhí ar iniúchtaí *ex-post* a dhéanamh agus ar iad a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.

Mar sin féin, níor baineadh amach an cuspóir go hiomlán leis an móriarracht sin ar rialú. Meastar fós gur níos mó ná 2 % é an ráta earráide "iarmharaí" le haghaidh Chreatchlár 6, tar éis gach aisghabháil agus ceartú atá curtha chun feidhme nó a chuirfear chun feidhme a chur san áireamh. Is é 5 % an ráta reatha earráide ó na hiniúchtaí a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta ar Chreatchlár 7, agus cé go laghdófar sin le héifeachtaí na n-iniúchtaí agus go bhfuil sé beagán claonta toisc é a bheith dírithe ar na tairbhithe nach ndearnadh iniúchóireacht orthu go dtí seo, ní dócha go mbainfear amach an ráta earráide iarmharaí 2 %. Tá an ráta earráide a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa cosúil leis sin freisin.

*2.2.3. An leibhéal riosca a mheastar a bhaineann le neamh-chomhlíonadh*

Is é an *status quo* an pointe tosaigh, é bunaithe ar na hiniúchtaí a rinneadh i gCreatchlár 7 go dtí seo. Tá an réamhráta ionadaíoch earráide sin gar do 5 % (le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta). Bunáite na n-earráidí a braitheadh, tarlaíonn siad toisc go bhfuil an córas reatha cistiúcháin le haghaidh taighde bunaithe ar aisíocaíocht a dhéanamh ar fhíorchostais an tionscadail taighde arna ndearbhú ag an rannpháirtí. Fágann sin gur an-chasta an ní é measúnú a dhéanamh ar chostais incháilithe.

San anailís a rinneadh ar na rátaí earráide le haghaidh na n-iniúchtaí a rinneadh go dtí seo ar Chreatchlár 7 in Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, léirítear na nithe seo a leanas:

- Baineann thart ar 27% den líon, agus 35% den mhéid, le hearráidí i gcostais phearsanra a mhuirearú. Seo a leanas na fadhbanna rialta a sainaithníodh: meánchostais nó costais bhuiséadaithe (seachas na fíorchostais) a mhuirearú, gan taifid leormhaith a dhéanamh den mhéid ama a caitheadh leis an gclár, agus míreanna neamh-incháilithe a mhuirearú.

- Baineann thart ar 40% den líon, agus 37% den luach le costais dhíreacha eile (costais nach costais phearsanra iad). Seo a leanas na hearráidí rialta a sainaithníodh: CBL a chur san áireamh; gan aon nasc díreach leis an tionscadal a bheith ann; gan sonraisc nó cruthúnas íocaíochta a chur ar fáil; ríomh mícheart a dhéanamh ar dhímheas ina ndéantar costas iomlán an trealaimh a mhuirearú seachas méid an dímheasa féin; fochonradh a dhéanamh gan údarú a fháil roimh ré nó gan aird ar na rialacha a bhaineann le luach ar airgead; etc.

- Baineann thart ar 33% den líon, agus 28% den mhéid, le hearráidí i gcostais indíreacha. Tá na rioscaí a ghabhann le costais phearsanra ag gabháil leo seo, agus an riosca sa bhreis go ndéanfar forchostais a leithdháileadh go míchruinn nó go míchothrom ar thionscadail de chuid an Aontais.

I roinnt cásanna, is céatadán ráta comhréidh de na costais dhíreacha iad na costais indíreacha, agus mar sin de bíonn an earráid sna costais indíreacha comhréireach leis an earráid sna costais dhíreacha.

Le “Fís 2020”, tabharfar isteach roinnt mhaith beart chun simpliú a dhéanamh (féach pointe 2 thuas), rud a laghdóidh an ráta earráide i ngach catagóir earráide. Mar sin féin, sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara agus leis na hinstitiúidí maidir le tuilleadh simplithe a dhéanamh, agus sa mheasúnú tionchair ar “Fís 2020”, léiríodh gurb é an rogha is fearr leanúint de shamhail cistiúcháin atá bunaithe ar fhíorchostais a aisíoc. Is cosúil go mbeadh sé róluath go fóill dul i dtuilleamaí cistiúcháin atá bunaithe ar aschur, rátaí comhréidhe nó cnapshuimeanna ar bhonn córasach, óir ní dhearnadh aon tástáil ar a leithéid sin de chóras i gcláir roimhe seo. Ach má chloítear le córas atá bunaithe ar fhíorchostais a aisíoc, leanfar d’earráidí a dhéanamh.

San anailís ar na hearráidí a sainaithníodh le linn iniúchtaí ar Chreatchlár 7, tugadh le fios gur féidir thart ar 25-25% díobh a sheachaint trí ghlacadh leis na bearta chun simpliú a dhéanamh faoi mar a beartaíodh. Táthar ag súil go gcuirfear 1.5% de laghdú ar an ráta earráide leis sin, i.e. ó ghar do 5% go dtí 3.5%, uimhir a dtagraítear

di sa Teachtaireacht ón gCoimisiún mar cheann a bhaineann cothromaíocht amach idir costais riaracháin an rialaithe agus an riosca earráide.

Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cuspóir réalaíoch é ráta riosca earráide idir 2% agus 5%, ar bhonn bliantúil, a bhaint amach le haghaidh an chaiteachais ar thaighde faoi "Fís 2020", nuair a chuirtear san áireamh costais na rialuithe, na bearta atá beartaithe chun na rialacha casta a shimpliú agus an riosca is gné dhílis de sin a bhaineann le costais an tionscadail taighde a aisíoc. Is é an mórchuspóir leibhéal earráide iarmharaí chomh gar is féidir do 2% a bhaint amach faoi dheireadh na gclár, tar éis tionchar airgeadais gach iniúchta, gach beart ceartúcháin agus gach beart aisghabhála a chur san áireamh.

Tá an cuspóir sin curtha san áireamh sa straitéis iniúchóireachta *ex-post* le haghaidh caiteachais faoi "Fís 2020". Beidh sé bunaithe ar iniúchóireacht airgeadais arna déanamh ar shampla ionadaíoch den chaiteachas thar an gclár ar fad, agus á chomhlánú le sampla arna thiomsú ar bhonn cúrsaí rioscaí.

Ní dhéanfar ach an méid iniúchtaí *ex-post* is fíor-riachtanach chun an cuspóir seo agus an straitéis a bhaint amach. Áiritheofar le rialachas na ngníomhaíochtaí iniúchóireachta *ex-post* go mbeidh ualach na hiniúchóireachta ar na rannpháirtithe chomh beag is féidir. Mar threoir, measann an Coimisiún go mbeadh ar 7% de na rannpháirtithe in "Fís 2020" dul faoi iniúchóireacht i rith na tréimhse clárúcháin ar fad. Is léir ón taithí a fuarthas cheana gurbh airde go mór an caiteachas dá mba faoi réir iniúchóireachta é.

Déanfar an straitéis iniúchóireachta *ex-post* a bhaineann leis an dlíthiúlacht agus leis an rialtacht a chomhlánú le meastóireacht threisithe eolaíochta agus leis an straitéis i gcoinne na calaoise (féach pointe 2.3 thíos).

Tá an cás sin bunaithe ar an toimhde nach bhfuil na bearta chun simpliú a dhéanamh faoi réir athshocruithe substaintiúla le linn an phróisis chinnteoireachta.

Nóta: ní bhaineann an roinn seo ach le próiseas bainistíochta na ndeontas; maidir leis an gcaiteachas riaracháin agus oibríochtúil arna chur chun feidhme trí bhíthin próisis soláthair phoiblí, beidh feidhm ag an uasteorainn 2% mar riosca inghlactha earráide.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Na hArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme, tá siad meáite ar an gcalaois a chosc ar gach céim de phróiseas bainistíochta na ndeontas. Tá forbartha acu straitéisí i gcoinne na calaoise, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis, go háirithe trí uirlisí sárfhorbartha teicneolaíocht faisnéise a úsáid, agus oiliúint agus eolas a chur ar fáil do bhaill foirne, agus tá na straitéisí sin á gcur chun feidhme acu. Forbraíodh smachtbhannaí chun an chalaois a chosc, chomh maith le pionóis iomchuí i gcás ina n-aithnítear calaois a bheith á déanamh. Leanfar de na hiarrachtaí sin. Bhí na moltaí i gcomhair "Fís 2020" faoi réir díonta i gcoinne calaoise agus measúnaithe ar a dtionchar. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an troid i gcoinne na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar iniúchóireacht atá bunaithe ar riosca, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe.

Ba cheart béim a leagan ar a annaimhe a braitheadh calaois go dtí seo i gcomhréir leis an gcaiteachas iomlán, ach mar sin féin tá na hArd-Stiúrthóireachtaí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde a chur chun feidhme tiomanta do chur ina coinne.

Agus gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialacháin seo á gcur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, lena n-áirítear na bearta seo a leanas: bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éilliú nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile; seiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, na méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil; agus, nuair is iomchuí, pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus díspreagthach a ghearradh.

Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin gClár.

Beidh údarás ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a dhéanfaidh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú an Aontais.

Gan dochar dona míreanna thuas, le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe deontais agus cinntí deontais agus conarthaí a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, tabharfar cead sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana (níl bainteach)

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon<br>[Tuairisc………………………...……….] | LD/LN<br>([45]) | ó thíortha an CSTE[46] | ó thíortha is iarrthóirí[47] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍ L | TÁ/NÍL | TÁ/NÍ L | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon<br>[Ceannteideal 1 - Fás Cliste agus Cuimsitheach] | LD/LN | ó thíortha an CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| | *Caiteachais Riaracháin*<br>*Taighde Indíreach:*<br>XX 01 05 01 Caiteachas a bhaineann leis an bhFoireann Taighde<br>XX 01 05 02 Foireann sheachtrach le haghaidh Taighde<br>XX 01 05 03 – Caiteachas eile bainistíochta maidir le Taighde<br>*Taighde Díreach:*<br>10 01 05 01 Caiteachas a bhaineann le Foireann Taighde<br>10 01 05 02 Foireann sheachtrach le haghaidh Taighde<br>10 01 05 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde | LN | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

---

45 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte

46 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

47 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 10 01 05 04 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh mórbhonneagar taighde[48] | | | | | |
| | *Caiteachais oibríochtúla*<br>XX 02 01 01 Gníomhaíochtaí Cothrománacha<br><br>*Eolaíocht den scoth*<br>08 02 02 01 An Chomhairle Eorpach um Thaighde<br>15 02 02 00 Gníomhaíochtaí Marie Curie maidir le scileanna, oiliúint agus forbairt ghairme<br>08 02 02 02 Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta)<br>09 02 02 01 Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta)<br>08 02 02 03 Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn<br>09 02 02 02 Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn<br><br>*Ceannaireacht thionsclaíoch*<br>08 02 03 01 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha<br>09 02 03 00 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha<br>02 02 02 01 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha<br>08 02 03 02 Rochtain ar mhaoiniú riosca<br>02 02 02 02 Rochtain ar mhaoiniú riosca<br>08 02 03 03 Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide<br>02 02 02 03 Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

48 Iarrann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde líne nua buiséid le haghaidh infheistíochta sa bhonneagar. Tógadh an chuid is mó d'áiseanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde sna 60aidí agus sna 70aidí agus níl siad úrscothach níos mó. Mar thoradh air sin, is gá áiseanna nua a thógáil agus an bonneagar atá ann cheana a nuachóiriú chun clár oibre ilbhliantúil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a dhéanamh i gcomhlíonadh chaighdeáin shábháilteacht agus shlándáil an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol in AE/20/20/20. Tá an *Infrastructure Development Plan 2014-2020* (Plean chun an Bonneagar a Fhorbairt 2014-2020) bunaithe ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde; sainaithnítear ann na riachtanais infheistíochta a bheidh ar gach suíomh de chuid an Airmheáin go dtí 2020, agus léirítear é sin sa líne nua buiséid atá beartaithe ann.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Dúshláin shochaíocha*<br>08 02 04 01 An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine<br>08 02 04 02 Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar<br>05 02 01 00 Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar<br>08 02 04 03 Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil<br>32 02 02 00 Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil<br>08 02 04 04 Iompar atá cliste, glas agus comhtháite<br>06 02 02 00 Iompar atá cliste, glas agus comhtháite<br>08 02 04 05 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair<br>07 02 02 00 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair<br>02 02 03 01 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair<br>08 02 04 06 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána<br>02 02 03 02 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána<br>09 02 04 00 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána<br>15 02 03 00 An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht<br>10 02 01 00 Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | | | | | |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | Uimhir | [Ceannteideal 1 - Fás Cliste agus Cuimsitheach]] |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireachtaí: Taighde agus Nuálaíocht / An tSochaí Faisnéise agus na Meáin / Oideachas agus Cultúr / Fiontraíocht agus Tionsclaíocht / Fuinneamh / Soghluaisteacht agus Iompar / Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe / Taighde díreach an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde / Comhshaol | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | ≥2021 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí cothrománacha | | | | | | | | | | | |
| XX 02 01 01 | Oibleagáidí | (1a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | |
| 08 02 02 01 An Chomhairle Eorpach um Thaighde | Oibleagáidí | (1b) | 1640,417 | 1753,575 | 1879,819 | 2009,349 | 2144,525 | 2284,826 | 2427,130 | | **14139,641** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | 204,154 | 1055,485 | 1335,717 | 1661,563 | 1868,955 | 2063,161 | 2199,449 | 3751,158 | **14139,641** |
| 08 02 02 02 Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear | Oibleagáidí | (1c) | 199,794 | 211,723 | 225,177 | 238,964 | 253,364 | 268,311 | 283,451 | | **1680,784** |
| | Íocaíochtaí | (2c) | 24,865 | 128,015 | 161,107 | 199,448 | 223,066 | 244,699 | 259,212 | 440,372 | **1680,784** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| bonneagair ríomhaireachta) | | | | | | | | | | | |
| 08 02 02 03 Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn** | Oibleagáidí | (1d) | 283,318 | 300,310 | 320,217 | 469,448 | 606,917 | 642,722 | 678,989 | | **3301,921** |
| 09 02 02 02 Teicneolaíochtaí sa Todhchaí agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn** | Íocaíochtaí | (2d) | 48,847 | 251,487 | 316,496 | 391,819 | 438,217 | 480,715 | 509,225 | 865,115 | **3301,921** |
| 08 02 03 01 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha | Oibleagáidí | (1e) | 545,193 | 577,744 | 614,457 | 652,078 | 691,372 | 732,159 | 773,472 | | **4586,474** |
| | Íocaíochtaí | (2e) | 67,851 | 349,323 | 439,624 | 544,249 | 608,697 | 667,728 | 707,329 | 1201,673 | **4586,474** |
| 08 02 03 02 Rochtain ar mhaoiniú riosca** | Oibleagáidí | (1f) | 447,955 | 474,700 | 504,865 | 535,776 | 568,062 | 601,574 | 635,520 | | **3768,450** |
| 02 02 02 02 Rochtain ar mhaoiniú riosca** | Íocaíochtaí | (2f) | 447,955 | 474,700 | 504,865 | 535,776 | 568,062 | 601,574 | 635,520 | 0 | **3768,450** |
| 08 02 03 03 Nuálaíocht i | Oibleagáidí | (1g) | 78,373 | 83,053 | 88,330 | 93,738 | 99,387 | 105,250 | 111,189 | | **659,320** |
| | Íocaíochtaí | (2g) | 9,754 | 50,216 | 63,197 | 78,238 | 87,502 | 95,988 | 101,681 | 172,744 | **659,320** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide**<br><br>02 02 02 03 Nuálaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide** | | | | | | | | | | | |
| 08 02 04 01 An tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine | Oibleagáidí | (1h) | 1030,952 | 1051,848 | 1073,128 | 950,146 | 1398,959 | 1481,491 | 1565,088 | | **8551,612** |
| | Íocaíochtaí | (2h) | 126,578 | 651,675 | 820,134 | 1015,317 | 1135,546 | 1245,671 | 1319,549 | 2237,142 | **8551,612** |
| 08 02 04 02 Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an bithgheilleagar**<br><br>05 02 01 00 Sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí na mara agus ar chúrsaí muirí, agus an | Oibleagáidí | (1i) | 525,695 | 557,082 | 592,481 | 628,757 | 666,645 | 705,974 | 745,810 | | **4422,444** |
| | Íocaíochtaí | (2i) | 65,424 | 336,830 | 423,901 | 524,785 | 586,927 | 643,848 | 682,032 | 1158,697 | **4422,444** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| bithgheilleagar** | | | | | | | | | | | |
| 08 02 04 03 Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil** | Oibleagáidí | (1j) | 732,073 | 775,781 | 825,079 | 875,596 | 928,359 | 983,126 | 1038,601 | | **6158,614** |
| 32 02 02 00 Fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil** | Íocaíochtaí | (2j) | 91,108 | 469,063 | 590,317 | 730,805 | 817,344 | 896,610 | 949,786 | 1613,580 | **6158,614** |
| 08 02 04 04 Iompar atá cliste, glas agus comhtháite** | Oibleagáidí | (1k) | 861,218 | 912,637 | 970,631 | 1030,059 | 1092,129 | 1156,559 | 1221,820 | | **7245,052** |
| 06 02 02 00 Iompar atá cliste, glas agus comhtháite** | Íocaíochtaí | (2k) | 107,180 | 551,811 | 694,454 | 859,727 | 961,532 | 1054,781 | 1117,337 | 1898,231 | **7245,052** |
| 08 02 04 05 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair** | Oibleagáidí | (1l) | 400,096 | 423,983 | 450,925 | 478,534 | 507,370 | 537,302 | 567,620 | | **3365,830** |
| 02 02 03 01 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus | Íocaíochtaí | (2l) | 49,793 | 256,354 | 322,622 | 399,403 | 446,698 | 490,019 | 519,081 | 881,860 | **3365,830** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| amhábhair**<br><br>07 02 02 00 Gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair** | | | | | | | | | | |
| 08 02 04 06 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána**<br><br>09 02 04 00 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána**<br><br>02 02 03 02 Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána** | Oibleagáidí | (1m) | 483,533 | 512,402 | 544,963 | 578,329 | 613,179 | 649,353 | 685,994 | | **4067,754** |
| | Íocaíochtaí | (2m) | 60,177 | 309,815 | 389,903 | 482,696 | 539,855 | 592,210 | 627,332 | 1065,767 | **4067,754** |
| 09 02 02 01 Bonneagair Eorpacha taighde (lena n-áirítear bonneagair ríomhaireachta) | Oibleagáidí | (1n) | 113,951 | 120,755 | 128,428 | 136,291 | 144,504 | 153,029 | 161,664 | | **958,622** |
| | Íocaíochtaí | (2n) | 14,181 | 73,012 | 91,886 | 113,754 | 127,224 | 139,562 | 147,839 | 251,163 | **958,622** |
| 09 02 03 00 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí | Oibleagáidí | (1o) | 1005,176 | 1065,189 | 1132,878 | 1202,241 | 1274,686 | 1349,886 | 1426,056 | | **8456,112** |
| | Íocaíochtaí | (2o) | 125,096 | 644,049 | 810,537 | 1003,436 | 1122,258 | 1231,095 | 1304,108 | 2215,533 | **8456,112** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| cumasúcháin agus tionsclaíocha | | | | | | | | | | |
| 02 02 02 01 An cheannaireacht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin agus tionsclaíocha | Oibleagáidí | (1p) | 194,477 | 206,088 | 219,184 | 232,604 | 246,620 | 261,169 | 275,907 | | **1636,048** |
| | Íocaíochtaí | (2p) | 24,203 | 124,608 | 156,819 | 194,140 | 217,129 | 238,186 | 252,313 | 428,651 | **1636,048** |
| 15 02 02 00 Gníomhaíochtaí Marie Curie maidir le scileanna, oiliúint agus forbairt ghairme | Oibleagáidí | (1q) | 728,274 | 771,756 | 820,798 | 871,052 | 923,542 | 978,025 | 1033,212 | | **6126,659** |
| | Íocaíochtaí | (2q) | 90,635 | 466,629 | 587,254 | 727,013 | 813,103 | 891,958 | 944,858 | 1605,208 | **6126,659** |
| 15 02 03 00 An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht * | Oibleagáidí | (1r) | 267,498 | 324,047 | 389,375 | 472,279 | [497,465]* | [554,83]* | [599,78]* | | **1453,199** |
| | Íocaíochtaí | (2r) | 232,723 | 281,921 | 338,756 | 410,883 | 188,916 + [243,863]* | [482,704]* | [521,806]* | [403,684]* | **1453,199** |
| 10 02 01 00 Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | Oibleagáidí | (1s) | 32,459 | 33,108 | 33,771 | 34,445 | 35,134 | 35,838 | 36,554 | | **241,311** |
| | Íocaíochtaí | (2s) | 12,325 | 27,672 | 31,582 | 33,891 | 34,568 | 35,261 | 35,965 | 30,048 | **241,311** |

* Cuirfear suim bhreise EUR 1652,057 milliún ar fáil le haghaidh na mblianta 2018-2020 pro rata ó bhuiséid na nDúshlán Sochaíoch agus na Ceannaireachta i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha, ar bhonn táscach agus faoi réir an athbhreithnithe atá leagtha amach in Airteagal 26(1).

** Níl an leithdháileadh idir na hArd-Stiúrthóireachtaí socraithe go fóill.

| | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | ≥2021 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | 9570,455 | 10155,782 | 10814,513 | 11489,691 | 12194,753 | 12926,590 | 13668,077 | | **80819,860** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 1802,849 | 6502,665 | 8079,171 | 9906,943 | 10785,6 | 11613,07 | 12312,62 | 19816,94 | **80819,860** |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 Caiteachas a bhaineann le Foireann Taighde* | | (6a) | 226,187 | 230,711 | 235,325 | 240,031 | 244,832 | 249,729 | 254,723 | | **1681,538** |
| XX 01 05 02 Foireann sheachtrach le haghaidh taighde* | | (6b) | 169,252 | 232,572 | 258,456 | 289,571 | 316,454 | 341,909 | 376,531 | | **1984,745** |
| XX 01 05 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde* | | (6c) | 138,404 | 162,149 | 172,823 | 185,361 | 196,450 | 207,073 | 220,939 | | **1283,199** |
| 10 01 05 01 Caiteachas a bhaineann le Foireann Taighde | | (6d) | 151,686 | 156,996 | 162,490 | 168,178 | 174,064 | 180,156 | 186,461 | | **1180,031** |
| 10 01 0,5 02 Foireann sheachtrach le haghaidh taighde | | (6e) | 34,280 | 35,052 | 35,840 | 36,647 | 37,471 | 38,314 | 39,176 | | **256,781** |
| 10 01 05 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh taighde | | (6f) | 65,312 | 66,618 | 67,950 | 69,309 | 70,695 | 72,109 | 73,551 | | **485,545** |
| 10 01 05 04 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh mórbhonneagar taighde | | (6g) | 6,551 | 6,682 | 6,816 | 6,952 | 7,091 | 7,233 | 7,378 | | **48,703** |
| • IOMLÁN leithreasaí riaracháin | | 6 | 791,672 | 890,780 | 939,700 | 996,049 | 1047,057 | 1096,523 | 1158,759 | | **6920,542** |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | =4+ 6 | 10362,127 | 11046,561 | 11754,214 | 12485,739 | 13241,811 | 14023,113 | 14826,837 | | **87740,402** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 2383,229 | 7221,855 | 8818,966 | 10664,002 | 11835,992 | 12920,485 | 13694,775 | 20201,100 | **87740,402** |

**<u>* Tá na figiúirí sin bunaithe ar úsáid atá beagnach iomlán de na caiteachais riaracháin uasta atá údaraithe dá ndéantar foráil sa bhunús dlí. Cuirtear i láthair iad chun críocha léiriúcháin i dtéarmaí líon an phearsanra a d'fhéadfaí a bheith fostaithe leis na suimeanna sin.</u>**

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| | Íocaíochtaí | (5) | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi Cheannteidil 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Oibleagáidí | =4+6 | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain<br>**N** | Bliain<br>**N+1** | Bliain<br>**N+2** | Bliain<br>**N+3** | ... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG:<br><…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| • Caiteachas riaracháin eile | | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| **IOMLÁN DG**<br><…….> | Leithreasaí | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhai |

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain<br>2014 | Bliain<br>2015 | Bliain<br>2016 | Bliain<br>2017 | Bliain<br>2018 | Bliain<br>2019 | Bliain<br>2020 | Bliain<br>≥2021 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | 10362,127 | 11046,561 | 11754,214 | 12485,739 | 13241,811 | 14023,113 | 14826,837 | | **87740,402** |
| | Íocaíochtaí | 2383,229 | 7221,855 | 8818,966 | 10664,002 | 11835,992 | 12920,485 | 13694,775 | 20201,100 | **87740,402** |

### 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)/ praghsanna reatha

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain 2014 | | Bliain 2015 | | Bliain 2016 | | Bliain 2017 | | Bliain 2018 | | Bliain 2019 | | Bliain 2020 | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir[49] | Meánchostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[50] Eolaíocht den scoth | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 Eolaíocht den scoth** | | | | 2965,755 | | 3158,119 | | 3374,440 | | 3725,105 | | 4072,852 | | 4326,913 | | 4584,446 | | 26207,628 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Ceannaireacht thionsclaíoch | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

49 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

50 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. "Cuspóirí sonracha..."

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 Ceannaireacht thionsclaíoch** | | 2271,175 | | 2406,774 | | 2559,714 | | 2716,437 | | 2880,127 | | 3050,036 | | 3222,143 | | 19106,407 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 Dúshláin shochaíocha | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 3 Dúshláin shochaíocha** | | 4033,565 | | 4233,731 | | 4457,207 | | 4541,423 | | 5206,640 | | 5513,803 | | 5824,934 | | 33811,304 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 4 Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde** | | 32,459 | | 33,108 | | 33,771 | | 34,445 | | 35,134 | | 35,838 | | 36,554 | | 241,311 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 5 “Triantán an eolais a chomhtháthú” (An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 5 “Triantán an eolais a chomhtháthú” (An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht)** | | 267,5 | | 324,050 | | 389,380 | | 472,280 | | [497,46] | | [554,832] | | [599,777] | | 1453,199 |
| | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | 9570,455 | | 10155,782 | | 10814,513 | | 11489,691 | | 12194,753 | | 12926,590 | | 13668,077 | | **80819,860** |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **2014** [51] | Bliain **2015** | Bliain **2016** | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| Acmhainní daonna | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| Caiteachas riaracháin eile | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5** [52] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna* | 581,406 | 655,330 | 692,112 | 734,426 | 772,821 | 810,108 | 856,892 | **5103,095** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin* | 210,266 | 235,449 | 247,589 | 261,622 | 274,237 | 286,415 | 301,868 | **1817,447** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 791,672 | 890,779 | 939,701 | 996,048 | 1047,058 | 1096,523 | 1158,760 | **6920,545** |
| **IOMLÁN**** | **791,672** | **890,779** | **939,701** | **996,048** | **1047,058** | **1096,523** | **1158,760** | **6920,545** |

*** Tá na figiúirí sin bunaithe ar úsáid atá beagnach iomlán de na caiteachais riaracháin uasta atá údaraithe dá ndéantar foráil sa bhunús dlí. Cuirtear i láthair iad chun críocha léiriúcháin i dtéarmaí líon an phearsanra a d'fhéadfaí a bheith fostaithe leis na suimeanna sin.**

**** D'fhéadfaí na figiúirí sin a choigeartú mar thoradh ar an nós imeachta seachtraithe atá beartaithe.**

---

51 Is í bliain N an bhliain a gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

52 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna an Choimisiúin mar a mhínítear thíos:

*Tá an meastachán sloinnte i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | | Bliain **2014** | Bliain **2015** | Bliain **2016** | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach)** | | 1681 | 1681 | 1681 | 1681 | 1681 | 1681 | 1681 |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | 1390 | 1390 | 1390 | 1390 | 1390 | 1390 | 1390 |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[53] | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "gciste iomlánaíoch") | | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***bb*** [54] | - sa Cheanncheathrú[55] | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach)* | | 867 | 867 | 867 | 867 | 867 | 867 | 867 |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | 593 | 593 | 593 | 593 | 593 | 593 | 593 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **4631** | **4631** | **4631** | **4631** | **4631** | **4631** | **4631** |

* Déanfar na figiúirí thuas a choigeartú i gcomhréir le torthaí an phróisis seachtraithe atá beartaithe.

** Meastar gurb é 100 post don phlean bunaíochta don Choimisiún an t-ualach oibre a chomhfhreagraíonn do chur chun feidhme an EIT agus na Nuálaíochta.

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

53 CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED = "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

54 Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

55 Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Úsáidfear an líon iomlán oifigeach agus gníomhairí sealadacha le rannchuidiú le cuspóirí "Fís 2020" i rith an phróisis ar fad, ó ullmhú an Cláir Oibre go leathadh deiridh na dtorthaí le linn 2014-2020. Áirítear leis na hacmhainní daonna sin na riachtanais go léir sna modhanna bainistíochta éagsúla atá léirithe i bpointe 1.7 de LFS |
| Pearsanra seachtrach | Cabhróidh an líon iomlán pearsanra seachtrach le hoifigigh agus le gníomhairí sealadacha rannchuidiú le cuspóirí "Fís 2020" i rith an phróisis ar fad, ó ullmhú an Cláir Oibre go leathadh deiridh na dtorthaí le linn 2014-2020. Áirítear leis na hacmhainní daonna sin na riachtanais go léir sna modhanna bainistíochta éagsúla atá léirithe i bpointe 1.7 de LFS |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar<br><br>. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[56].

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar<br><br>. |

### 3.2.5 *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **2014** | Bliain **2015** | Bliain **2016** | Bliain **2017** | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Costas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | Tríú tíortha a bhfuil baint acu leis an gclár | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasaí cómhaoinithe * | pm | | | | | | | |

* Níl Comhaontuithe Comhlachais déthaobhacha socraithe go fóill agus is é sin an fáth go gcuirfear isteach iad níos déanaí.

56 Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☑ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☑ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasaí atá ar fáil don bhliain bhuiséadach leanúnach | Tionchar an togra/tionscnaimh[57]* | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2014** | Bliain **2015** | Bliain **2016** | Bliain **2017** | **Bliain 2018** | **Bliain 2019** | **Bliain 2020** |
| Mír 6011<br>Mír 6012<br>Mír 6013<br>Mír 6031 | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm |

* Níl Comhaontuithe Comhlachais déthaobhacha socraithe go fóill agus is é sin an fáth go gcuirfear isteach iad níos déanaí.

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

02 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
05 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
06 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
07 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
08 04 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
09 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
10 02 02 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
15 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe
32 03 01 Leithreasaí arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí le tríú páirtithe

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

Féadfaidh stáit chomhlachaithe áirithe rannchuidiú le cistiú forlíontach den chreatchlár trí bhíthin comhaontuithe comhlachais. Comhaontófar an modh ríofa sna Comhaontuithe Comhlachais sin agus ní gá gurb é an modh ríofa céanna a bheidh i ngach comhaontú. Beidh na ríomhanna bunaithe ar OTI an Stáit Chomhlachaithe den

57 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bhaint.

chuid is mó i gcomparáid le OTI na mBallstát, agus an céatadán sin á chur i bhfeidhm ar an mbuiséad foriomlán arna vótáil.